Coimisiún na Meán

# Tuarascáil Bhliantúil 2025

# Clár Ábhar


## Réamhrá Comhpháirteach 3

## Maidir le Coimisiún na Meán

Foilsiú Straitéis 3 bliana 6
Líonraí rialála intíre agus idirnáisiúnta 7
Forbairt Chorparáideach 14
Forbairt Eagraíochtúil 16
Ullmhú d'fheidhmeanna nua 18
Torthaí Straitéiseacha 23

## Tuairisc ar ghníomhaíochtaí

Forbairt na Meán 32
An Ghaeilge 33
Scéimeanna Iriseoireachta 35
Tuarascáil Nuachta Digití Reuters 36
Straitéis ICÉI 37
Inbhuanaitheacht (innéacs albert) 38
Maoiniú d'Fhuaim agus Fís 40
Gradaim Urraíochta agus Foghlaim agus Forbairt Earnála 50
An Chraoltóireacht agus Físeán ar Éileamh 53
Éagsúlachtaí ceadúnaithe agus conartha 56
Clárúchán Físeán ar Éileamh agus soláthar Chóid agus Rialacha nua na Meán le haghaidh soláthraithe Físeán ar Éileamh 67
Soláthar Athbhreithnithe Feidhmíochta ar Mheáin na Seirbhíse Poiblí 68
Creat um na Meáin Seirbhíse Poiblí a Fhorbairt 73
Soláthar na Straitéise um Sheirbhísí Craolacháin 75
Iolrachas na Meán 76
Sábháilteacht ar Líne 77
Tacaíocht agus Rannpháirteachas an Úsáideora 81
Rialachas 84

Clár Ábhar

# Ráitis Airgeadais


**Coimisiún na Meán Ráitis Airgeadais** 89

Eolas faoin gCoimisiún 90

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gCoimisinéirí 91

An Ráiteas faoi Rialú Inmheánach 98

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 102

An Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe 104

An Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Cuimsitheach 106

An Ráiteas faoin Staid Airgeadais 107

An Ráiteas faoi Shreafaí Airgid 108

Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais 109

**An Ciste Craolacháin Ráitis Airgeadais** 133

Eolas faoin gCoimisiún 134

Ráiteas ar Fhreagrachtaí 135

Tuairisc de chuid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 136

An Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe 138

Ráiteas ar an Staid Airgeadais 139

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid 140

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais 141

# Réamhrá Comhpháirteach

Bliain a bhí sa bhliain seo inar leanadh d'fhorbairt agus de chomhdhlúthú a dhéanamh ar Choimisiún na Meán de réir mar a d'fhorbraíomar ár ról mar rialtóir meán agus gníomhaireacht forbartha meán na hÉireann. D'éirigh linn garsprioc mhór a bhaint amach le linn na bliana nuair a d'fhoilsíomar ár gcéad Ráiteas Straitéise. Leagadh amach fís shoiléir ann le haghaidh tírdhreach meán faoi bhláth, atá éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa, in éineacht le sé Thoradh Straitéiseacha a bheidh mar threoir ag ár gcuid oibre. Cé nach bhfuil an Straitéis fiú bliain foilsithe go fóill, tá cruth curtha cheana féin aici ar an gcaoi a dtugaimid faoinár gcuid oibre agus faoin gcaoi a bpleanálaimid í. Inár gcuid gníomhaíochtaí go léir, d'fhanamar dírithe ar thorthaí stuama a bhaint amach don phobal. Bíodh sé trí leanaí agus daoine fásta a chosaint ar líne, tacaíocht a thabhairt don rannpháirtíocht dhaonlathach, nó muinín sna meáin a fheabhsú, tá ár gcuid oibre fréamhaithe i leas an phobail agus i gcearta agus ionchais an lucht féachana agus éisteachta.

Rónán Ó Domhnaill
(An Coimisinéir um Fhorbairt na Meán)

Niamh Hodnett
(Sábháilteacht ar Líne Coimisinéir)

Jeremy Godfrey
(Cathaoirleach Feidhmiúcháin)

Aoife MacEvilly
(An Coimisinéir um Chraolachán & Físeán-ar-Éileamh)

John Evans
(An Coimisinéir um Sheirbhísí Digiteacha)



## Réamhrá Comhpháirteach

Tá comhoibriú fós lárnach inár gcur chuige. In 2025, neartaíomar ár gcuid oibre le comhpháirtithe inmheánacha tríd an nGrúpa Rialtóirí Digiteacha, agus bhí ról gníomhach againn i líonraí rialála san Eoraip agus go hidirnáisiúnta. Tacaíonn an rannpháirtíocht sin le comhleanúnachas rialála agus cinntíonn sí go leanann Coimisiún na Meán ag rannchuidiú go stuama le forbairt beartais agus cleachtais i réimsí cosúil le sábháilteacht ar líne, iolrachas na meán agus cuntasacht na n-ardán.

Cuid lárnach dár sainordú i gcónaí is ea tacaíocht a thabhairt d'earnáil meán atá inbhuanaithe agus bríomhar. Rinneamar dul chun cinn substaintiúil le linn 2025 inár bhfeidhmeanna forbartha meán. Tríd an scéim Fuaim agus Fís agus ár gcláir mhaoinithe iriseoireachta, lena n-áirítear seoladh na Scéime Tuairiscithe Nuachta, thacaíomar le raon leathan ábhar ardcháilíochta a léiriú agus chuidíomar chun an soláthar leanúnach d'iriseoireacht atá dírithe ar leas an phobail ar fud na tíre a chur i dtábhacht. Tá na hidirghabhálacha sin fíor-riachtanach ó thaobh tacú leis an iolrachas, an dioscúrsa daonlathach a neartú, agus a chinntiú go bhfaigheann an pobal rochtain ar fhoinsí faisnéise atá éagsúil iontaofa. In éineacht leis sin, leanamar lenár dtacaíocht don nuálaíocht agus don fhorbairt ar fud na hearnála, lena n-áirítear trí thionscnaimh claochlaithe dhigitigh, cláir scileanna agus oiliúna, agus trí thacaíocht do na meáin phobail. Léiríonn na gníomhaíochtaí sin ár dtiomantas ní hamháin maidir leis an tírdhreach meán a rialáil, ach chun cur ar a chumas freisin oiriúnú agus a bheith faoi bhláth.

In 2025, ainmníodh An Coimisiún mar údarás rialála náisiúnta faoin nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán, ghlac sé le róil nua faoin Rialachán maidir le Trédhearcacht agus Spriocdhíriú na Fógraíochta Polaitiúla, agus leanadh dár n-ullmhúcháin i gcomhair freagrachtaí faoin nGníomh AE um an Intleacht Shaorga. Cuirtear i dtábhacht leis na forbairtí sin fairsinge ár sainchúraim agus an tábhacht ó thaobh rialáil chomhleanúnach éifeachtach a chinntiú thar thírdhreach meán ar líne atá ag éirí níos casta an t-am ar fad.

Bliain mhór forbartha a bhí in 2025 freisin don eagraíocht, i dtéarmaí daoine agus struchtúir araon. Leanamar ag forbairt na bhfeidhmeanna corparáideacha atá mar bhun agus barr ag ár gcuid oibre mar rialálaí éifeachtúil éifeachtach. Mar chuid de sin rinneamar dul chun cinn lenár straitéis do dhaoine, ar chreataí rialachais, ar chórais TFC, ar an gcultúr acmhainneachta sonraí agus eagraíochta. Tá sé ríthábhachtach na bunchlocha sin a neartú chun a chinntiú gur féidir linn ár bhfreagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh ar bhealach atá trédhearcach comhréireach.

# Maidir le Coimisiún na Meán


| | |
|---|---|
| Foilsiú Straitéis 3 bliana | 6 |
| Líonraí rialála intíre agus idirnáisiúnta | 7 |
| Forbairt Chorparáideach | 14 |
| Forbairt Eagraíochtúil | 16 |
| Ullmhú d'fheidhmeanna nua | 18 |
| Torthaí Straitéiseacha | 23 |

# Foilsiú Straitéis 3 bliana

Foráiltear le hAlt 29 den Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán go gcuirfidh An Coimisiún Ráiteas Straitéise trí bliana i dtoll a chéile, tar éis comhairliúchán poiblí a mhairfidh ar feadh tréimhse, agus ina leagfar amach ár gcuspóirí agus an chaoi atá sé i gceist againn iad a bhaint amach. Ag tús na bliana, bhíomar fós i mbun machnaimh ar aiseolas a fuarthas ón bpróiseas comhairliúcháin phoiblí maidir leis an dréacht-Ráiteas Straitéise a foilsíodh i mí na Samhna 2024. D'fhoilsíomar cáipéis inar thugamar Freagra ar an gComhairliúchán agus leagamar amach na príomh-shaincheisteanna agus na moltaí a tháinig ó na haighneachtaí agus mhíníomar ár bhfreagairt dóibh. Leagtar amach inár Ráiteas Straitéise deiridh, a seoladh i mí Aibreáin 2025, ár bhfís don tírdhreach meán in Éirinn, chomh maith le sé thoradh straitéiseacha ina ndírítear níos géire ar an bhfís sin.

Tar éis a foilsithe, thosaíomar ar bhreithniú na gcineálacha próiseas agus struchtúr is fearr a thacóidh linn chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn. Shainaithníomar trí réimse leathana ina ndéanfaimid monatóireacht ar an tionchar. Is iad sin:

### Díobháil a Laghdú

- Baineann sé seo le laghdú ar an leibhéal díobhála a d'fhéadfadh teacht as dul i ngleic leis na meáin agus le hábhar meán.

### Feabhas Tairbhí

- Baineann sé seo leis an gcumas atá ag na meáin tairbhí nó torthaí dearfacha a chur ar fáil do lucht féachana agus d'úsáideoirí ardáin agus don tsochaí i gcoitinne.

### Cumhachtú Poiblí

- Cuimsíonn sé seo cumas agus tuiscint fheabhsaithe i measc an phobail agus iad ag plé le hábhar agus le foinsí meán.

Leagtar amach roinnt samplaí sa tuarascáil seo den dul chun cinn a rinneadh i dtreo gach ceann dár dTorthaí Straitéiseacha, agus tagairt á déanamh do na trí réimse sin. Táimid ag obair chun struchtúir agus próisis chuí a bhunú mar thaca lenár ngníomhaíocht leanúnach monatóireachta agus tuairiscithe.

# Líonraí rialála intíre agus idirnáisiúnta

In 2025, lean An Coimisiún dá cheannaireacht den Ghrúpa Rialtóirí Digiteacha (DRG), a cuireadh ar bun i mí Mheán Fómhair 2024. Tá ceithre rialtóir i gceist le DRG agus sainchúram orthu sa spás digiteach: Coimisiún na Meán, An Coimisiún um Chosaint Sonraí, An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide agus An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí. In 2025, dhírigh DRG ar cheithre príomhréimse: teachtaireacht choiteann don phobal, Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara agus comhoibriú idir baill DRG.



Bhí siad seo a leanas i measc na bpríomhéachtaí a baineadh amach faoi shainchúram DRG in 2025:

- An Treoir Ghairid maidir le Rialáil Dhigiteach, arb é is aidhm di tacú leis an bpobal le fiosruithe agus gearáin choitianta sa spás rialála digití in Éirinn.
- An Comhaontú Comhair agus an Ráiteas maidir le Leanaí idir An Coimisiún agus an Coimisiún um Chosaint Sonraí.
- Ionchur maidir le forbairt na Straitéise Náisiúnta Digití agus IS.

Rannpháirtíocht leanúnach le gníomhaíochtaí an Líonra Idirnáisiúnta don Chomhar Rialála Digití agus rannpháirtíocht sa líonra sin

Bhí ról lárnach ag clár rannpháirtíochta idirnáisiúnta Choimisiún na Meán in 2025 inár gcéad Straitéis eagraíochta, rud a chinntigh go raibh an Coimisiún in ann ról ceannasach a ghlacadh sa chreat rialála Eorpach agus go raibh sé in ann dul i gcomhar agus comhoibriú le dreamanna eile chun ár dtorthaí tosaíochta a sheachadadh.

D'fhág sé sin gur lean ár gcuid gníomhaíochtaí ag tabhairt tús áite do shábháilteacht ar líne agus do rialáil na n-ardán digiteach, ach, le teacht i bhfeidhm an Ghnímh Eorpaigh um Shaoirse na Meán agus leis an athbhreithniú amach anseo ar an Treoir um Sheirbhísí Meán Closamhairc (AVMS) atá ar na bacáin, gur chuireamar dlús faoin ngníomhaíocht sna réimsí sin in 2025.

## Líonraí rialála intíre agus idirnáisiúnta (ar lean)

In 2025, rinneamar comhdhlúthú ar ár bpoist cheannaireachta inár líonraí rialála go léir, leathnaíomar ár bhfoireann thiomanta chun ár rannpháirteachas a bhainistiú agus d'fhorbraíomar cur chuige níos straitéisí i leith comhoibriú, dea-chleachtas a roinnt, agus abhcóideacht ar son comhleanúnachais rialála san AE agus ar fud an domhain. Is minice a bhaineann rannpháirteachas idirnáisiúnta le rialú seirbhísí trasteorann, go príomha ardáin ar líne agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán. Leanamar dá bhrí sin ag díriú ar an mBord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha (BESD), arb é is cuspóir dó díriú ar rialáil na n-ardán digiteach san Aontas Eorpach, agus leathnaíomar ár n-iarrachtaí ar an mBord Eorpach um Sheirbhísí Meán (EBMS), áit a rabhaimid i gceannas ar na hiarrachtaí maidir le comhoibriú idir rialtóirí. Ag an am céanna, thugamar tacaíocht do na huaireanta a raibh na Coimisinéirí i láthair ag comhdhálacha ar fud na hEorpa agus san Áise agus sna Stáit Aontaithe, ar oibrigh siad leis an gCoimisiún Eorpach go díreach chun iniúchadh a dhéanamh ar ailíniú leis an rialachán sábháilteachta ar líne; agus ar thosaigh siad ar chaidrimh nua a fhorbairt le hinstitiúidí an Aontais, go háirithe le Parlaimint na hEorpa. De réir mar a cruthaíodh dúshláin nua le forbairtí geopholaitiúla, leanamar ag cur fáilte roimh rannpháirtíocht ina bhfuaireamar deis ár gcuid freagrachtaí a shoiléiriú maidir le saoirse cainte agus ár dtiomantas oibriú i dtreo tírdhreach meán beoga, éagsúil, ildánach, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa.

Is grúpa comhairleach neamhspleách é an Bord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha (BESD) a bunaíodh faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha le cur chun feidhme agus forfheidhmiú seasmhach an Ghnímh ar fud an Aontais Eorpaigh a chinntiú. Tá an Bord comhdhéanta de Chomhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha na mBallstát agus is é an Coimisiún Eorpach a dhéanann cathaoirleacht air, agus cuireann an Coimisiún tacaíocht riaracháin agus anailíseach ar fáil chomh maith. Tagann EBDS le chéile gach dhá mhí agus bíonn rannpháirteachas oibre sách ard idir cruinnithe boird. Tacaíonn ocht Meitheal lena chuid oibre agus tuairiscíonn siad don Bhord. Sanntar réimse topaicí téamúla, dlíthiúla nó oibríochtúla do gach Meitheal a bhaineann leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus ar an mbealach sin rannchuidíonn siad le hobair an Bhoird, go háirithe próisis rialála comhchuibhithe a fhorbairt, tosaíochtaí forfheidhmithe coitianta a shainaithint agus smaointeoireacht dhlíthiúil chomhroinnte a chruthú. Raon feidhme tosaigh agus sruthanna oibre na n-ocht meitheal, de réir mar a d'fhormheas an Bord iad.

Déanann an Coimisinéir um Sheirbhísí Digiteacha John Evans ionadaíocht ar an gCoimisiún ag gach cruinniú Boird, áit a gcomhroinntear ár gceachtanna sainiúla mar Choimisinéir um Sheirbhísí Digiteacha na hÉireann agus a ndéantar ionadaíocht ar na seasaimh agus na spéiseanna atá againn.

Táimid gníomhach i ngach ceann de na meithleacha BESD, iad seo a leanas go háirithe:

- Leas-chathaoirleacht ar Mheitheal 6 (cosaint leanaí) agus Meitheal 8 (saincheisteanna TF): Is é An Coimisiún an t-aon Choimisinéir um Sheirbhísí Digiteacha (CSD) a bhfuil dhá phost mar leaschathaoirleach aige.
- In 2025, bhíomar rannpháirteach go gníomhach i ngrúpaí dréachtóirí chun acmhainní agus aschuir a fhorbairt: faoi Mheitheal 1 (léirmhínithe dlí coitianta), Meitheal 2 (dea-chleachtas maidir le láimhseáil gearán); Meitheal 3 (treoirlínte oibríochtúla le haghaidh DSCanna maidir le rochtain sonraí); agus Meitheal 4 (foireann uirlisí le haghaidh ionracas toghchán).
- Faoi Mheitheal 6, d'oibríomar go gníomhach chun cearta an linbh a neadú i gcleachtais sábháilteachta ar líne, agus chuidíomar chun an gníomh comhordaithe EBDS maidir le seirbhísí pornagrafaíochta a sheoladh.
- Chuidigh foireann taighde an Choimisiúin go suntasach leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Rochtain Sonraí (Airteagal 40(4) GSD), rud a léiríonn ról ríthábhachtach an Choimisiúin sa phróiseas casta seo.
- Oibrímid i ndlúthchomhar freisin lenár gcomhghleacaithe CSD agus leis an gCoimisiún Eorpach chun dea-chleachtais a roinnt ónár gcuid oibre, mar shampla chun seirbhísí um Réiteach Díospóide lasmuigh den Chúirt a dheimhniú.

## Líonraí rialála intíre agus idirnáisiúnta (ar lean)



D'fhreastail an Coimisinéir um Sheirbhísí Digiteacha John Evans agus an Cathaoirleach Jeremy Godfrey ar an gcéad Chomóradh bliantúil de chruinniú an Bhoird Eorpaigh um Sheirbhísí Digiteacha sa Bhruiséil

Is bord comhairleach neamhspleách é an Bord Eorpach um Sheirbhísí Meán (BESM), a bunaíodh leis an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, ar a raibh comhlachtaí agus údaráis rialála náisiúnta d'earnáil na meán agus an chlosamhairc. Cuireann an BESM, a chuir tús lena chuid oibre go hoifigiúil in 2025, leis an obair a dhéanann Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc a bunaíodh in 2014 agus tagann sé in ionad an Ghrúpa sin. Déanann an Coimisinéir Craolacháin agus Físeán ar Éileamh, Aoife MacEvilly, ionadaíocht do Choimisiún na Meán ar BESM agus i mí Feabhra 2025 d'fhreastail sí ar an gcéad seisiún Iomlánach den Bhord sa Bhruiséil.

Ó thús deireadh 2025, bhí Coimisiún na Meán i gceannas ar Mheitheal BESM um Chomhar Rialála Inmheánach agus Seachtrach, agus príomhchuspóir inseachadta aige, lena n-áirítear:

- Socruithe nós imeachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme le haghaidh sásraí comhair struchtúrtha faoi GESM agus tuarascáil a chur le chéile maidir le feidhmíocht agus cur i bhfeidhm na sásraí in 2025
- Bailchríoch a chur ar dhoiciméad leis an liosta critéar a bhaineann le bearta maidir le seirbhísí meán ó lasmuigh den Aontas agus ceardlann a óstáil maidir le cur chun feidhme Airteagal 17 EMFA
- Léirithe spéise a lorg agus an liosta páirtithe leasmhara a fhorbairt atá rannpháirteach i sásra comhairliúcháin Airteagal 12 GESM, in éineacht le plépháipéar maidir le cur i bhfeidhm an tsásra sin
- Cruinnithe le heagraíochtaí idirnáisiúnta

Ina theannta sin, toghadh Aoife MacEvilly ar Ghrúpa Stiúrtha BESM, a rinne comhordú ar oibríochtú agus ar rialachas BESM, mar ullmhúchán d'oibríochtú na hoibre tábhachtaí a bhíonn ar bun aige ag cur an Ghnímh Eorpaigh um Shaoirse na Meán chun feidhme. Thug Coimisiún na Meán tacaíocht freisin d'obair roinnt meithleacha agus sruthanna oibre eile, ar dream iad a bhfuil tionchar acu ar bhreithnithe beartais don athbhreithniú ar an Treoir um Sheirbhísí Meán Closamhairc.



Freastalaíonn an Coimisinéir Físeán ar Éileamh Aoife MacEvilly ar an gcéad seisiún iomlánach den Bhord Eorpach um Sheirbhísí Meán sa Bhruiséil

## Líonraí rialála intíre agus idirnáisiúnta (ar lean)

I mí na Samhna, d'óstáil An Coimisiún an cruinniú bliantúil de Líonra na Rialálaithe Domhanda um Shábháilteacht ar Líne (LRDSL) ag a raibh daoine i láthair go pearsanta, áit ar toghadh an Coimisinéir Sábháilteachta ar Líne Niamh Hodnett mar Chathaoirleach ar an Líonra LRDSL i gcomhair 2026. Tugann an líonra seo Rialálaithe Sábháilteachta Ar Líne le chéile ó gach cearn den domhan le comhleanúnachas rialála a chruthú agus le foghlaim ó chleachtas éiritheach. Mar Chathaoirleach, beimid ag díriú cuid mhór dár n-iarrachtaí ar bhallraíocht an líonra a mhéadú agus mar líonra breathnóra, lena leagfar síos comhtháthú rialála breise i réimsí cosúil le cosaint leanaí agus na hiarrachtaí chun troid in aghaidh ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí chomh maith le hionadaíocht a dhéanamh ar an bhfóram go seachtrach ag príomhimeachtaí agus fóraim.



An cruinniú bliantúil ag a raibh daoine i láthair go pearsanta de Líonra na Rialálaithe Domhanda um Shábháilteacht ar Líne (LRDSL) a óstáladh in Oifigí Choimisiún na Meán




Stiúrthóir Oideachas Úsáideoirí Stephanie Comey a toghadh mar Chathaoirleach ar ÁEÚR

I mí na Bealtaine toghadh Stephanie Comey arís mar Chathaoirleach ar an líonra is sine dá gcuid, an tArdán Eorpach um Údaráis Rialála, áit a n-oibrímid le rialtóirí meán na hEorpa. Ina cathaoirleacht, lean Stephanie ag cur i dtábhacht an tábhacht mhór atá le dlúthchomhar idir údaráis rialála neamhspleácha, chun saineolas a chomhroinnt agus chun cur chuige tacúil, praiticiúil maidir le rialú na meán san Eoraip a chur chun cinn.

## Líonraí rialála intíre agus idirnáisiúnta (ar lean)

Chuireamar am i leataobh freisin in 2025 chun ár n-eagraíocht a chur in aithne do Pharlaimint na hEorpa, agus rinneamar óstáil ar imeacht in éineacht le Feisirí Eorpacha as Éirinn agus bhíomar i láthair ag roinnt imeachtaí de chuid na Parlaiminte chun aird a tharraingt ar an obair a dhéanaimid maidir leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha a chur chun feidhme. Thugamar tús áite freisin do rannphháirtíocht le pobal na sochaí sibhialta, trínár rannphháirtíocht i bplé agus in imeachtaí éagsúla a bhí á n-óstáil ag leithéidí an Institiúid um Idirphlé Straitéiseach, an Lárionad Daonlathais agus Teicneolaíochta agus Airteagal 19, chomh maith lenár gcuid oibre chun rannphháirtíocht CSO leis an BESD a éascú. Tharraing Coimisinéirí an Choimisiúin aird freisin in 2025 ar an obair a dhéanaimid do pháirtithe leasmhara domhanda agus cinnteoirí: labhair ár gCoimisinéir Sábháilteachta Ar Líne Niamh Hodnett ar phainéal ag Trustcon in San Francisco in éineacht le roinnt imeachtaí poiblí eile.




An Coimisinéir Sábháilteachta ar Líne, Niamh Hodnett, ag labhairt ag TrustCon in San Francisco

Thug sí cuairt freisin ar cheanncheathrú Silicon Valley, ar roinnt dár n-eintitis rialáilte is mó chun ár dtosaíochtaí agus ár n-ábhair imní rialála a lua. Labhair John Evans ag ócáid d'Fhóram na Náisiún Aontaithe um Rialachas Idirlín in Osló chun aird a tharraingt ar an tábhacht atá le cearta an duine dár gcur chuige agus dár sainordú rialála, agus chuir sé ár gcur chuige i láthair mhaoirseacht an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha ag Comhdháil Bhliantúil na hInstitiúide Cumarsáide Idirnáisiúnta sa Cholóim, agus labhair ár gCathaoirleach Jeremy Godfrey os comhair lucht féachana rialála trasearnála maidir le sábháilteacht leanaí ar líne ag an gcéad chomhdháil bhliantúil Navigate - Ceannaireacht um Beartas Digiteach. Rinneadh ionadaíocht ar an gCoimisiún freisin ar leibhéal sinsearach ag mórchomhdhálacha lena raibh baint ag ilpháirtithe leasmhara cosúil le RightsCon agus comhdháil um Rialachas Ardán ASEAN de chuid UNESCO.

## Líonraí rialála intíre agus idirnáisiúnta (ar lean)

Mar a chonaiceamar in 2024, tá spéis dhomhanda inár gcuid oibre anseo, agus thug go leor cuairteoirí idirnáisiúnta cuairt go hÉirinn in 2025. Bhí mhór an pléisiúr dúinn fáilte a chur roimh thoscaireachtaí a tháinig isteach ar feadh na bliana ó thíortha éagsúla cosúil leis an bhFrainc, an Ísiltír, an Danmhairg, an Íoslainn, an Nua-Shéalainn, an Eastóin, an Fhionlainn, Montainéagró agus an tSeoirsia – tráth ar chuireamar béim ar ár bhforbairt i gcúrsaí craoltóireachta, ar litearthacht sna meáin, ar fhorbairt rialála agus ar obair fhorbartha na meán.




Toscaireacht Rialtóirí ón gCosaiv ar Cuairt ar Choimisiún na Meán.




An Coimisinéir Sábháilteachta ar Líne, Niamh Hodnett, agus Coimisinéir ríomhShábháilteachta na hAstráile, Julie Inman Grant, ag síniú an Mheabhráin Tuisceana

Bhíomar ríméadach Meabhrán Tuisceana a shíniú le Coimisinéir ríomh-Shábháilteachta na hAstráile. Trí chomhoibriú ar an mbealach sin, méadóimid an saineolas atá ann maidir le rialáil dhigiteach agus sábháilteacht ar líne trí mhalartú faisnéise, sonraí, agus modheolaíochtaí. Shínigh ár gCoimisinéir Sábháilteachta ar Líne, Niamh Hodnett agus Coimisinéir ríomhShábháilteachta na hAstráile, Julie Inman Grant an Meabhrán Tuisceana tábhachtach sin.

Líonraí rialála intíre agus idirnáisiúnta (ar lean)

## Meithleacha BESD

| | Raon Feidhme | Leaschathaoirleach |
|---|---|---|
| WG1 | Cothrománach & TFC Dlíthiúil | IT (AGCOM) |
| WG2 | Obair le Chéile | NL (ACM) |
| WG3 | Modhnóireacht Ábhair & Rochtain ar Shonraí | FR (Arcom) |
| WG4 | Sláine an Spáis Faisnéise | SK (CMS) |
| WG5 | Tomhaltóirí agus margaí ar líne | DE (BNetzA) |
| WG6 | Cosaint ar Mhionaoisigh | IE (CnaM) |
| WG7 | Orduithe agus saincheist choiriúil | AT (KommAustria) |
| WG8 | Saincheisteanna TF | IE (CnaM) |



## Meithleacha BESM

| | Raon Feidhme | Leaschathaoirleach |
|---|---|---|
| WG1 | Saincheisteanna na Meán Closamhairc | BE (CSA) |
| WG2 | Iolrachas agus margaí meán | FR (Arcom) |
| WG3 | Timpeallacht ghnó na meán | IT (AGCOM) |
| WG4 | Forbairt an chreata rialála | DE (DLM) |
| WG5 | Sláine an Spáis Faisnéise | SK (CMS) |
| WG6 | Comhoibriú inmheánach agus seachtrach | IE (CnaM) |

# Forbairt Chorparáideach

In éineacht leis an bhforbairt leanúnach atá ar ár bhfeidhmeanna rialála agus forbartha meán, leanamar d'infheistíocht a dhéanamh inár seirbhísí corparáideacha lena chinntiú gur féidir linn ár bhfreagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach agus go héifeachtúil.

In 2025, thug an fhoireann TFC Straitéis TFC dhá bhliain i gcrích ar bhonn eatramhach, ag teacht le straitéis na heagraíochta. Leagtar amach sraith tionscnamh agus treochlár seachadta sa straitéis seo atá ceaptha chun ár seasamh mar cheann de na cúig phríomhchumasóirí straitéiseacha a neartú – "Próisis, córais, agus sonraí. Infheisteoimid i bpróisis agus i gcórais shlána agus láidre, forbróimid iad agus feidhmeoimid iad."

Díríonn ár straitéis TFC agus ár dtreochlár seachadta ar leanúint le leagan síos na mbloc tógála bunúsach a theastaíonn le haghaidh bonneagar agus ailtireacht feidhmchlár inscálaithe, slán, agus athléimneach. Le bliain anuas, rinneamar dul chun cinn suntasach maidir lenár dtimpeallacht a thabhairt slán, ár n-ardán bainistíochta seirbhíse TF a chur in úsáid, agus bhíomar i dteagmháil le haonaid ghnó inmheánacha chun ár ról mar chomhpháirtí straitéiseach ar fud na heagraíochta a atreisiú.



Forbairt Chorparáideach (ar lean)

D'oibrigh an fhoireann TF i ndlúthchomhar le comhghleacaithe ar an bhfoireann Sonraí agus Anailísíochta chun na beartais agus na rialuithe is gá a fhorbairt agus a chur chun feidhme, ar rudaí iad atá mar bhonn is mar thaca ag bainistíocht sonraí éifeachtach agus ag comhlíontacht. Cuirfidh an obair bhunúsach sin ar chumas na Foirne Sonraí agus Anailísíochta bonneagar sonraí dea-rialaithe agus inbhuanaithe a fhorbairt a bheidh mar bhonn is mar thaca faoinár bhfeidhmeanna rialála uile.



Tá Coimisiún na Meán maoinithe go príomha trí thobhach ar eintitis rialáilte, agus i gcomhréir le hAlt 21(4) den Acht Craolacháin, 2009, ní mór don Choimisiún féachaint lena chinntiú gur leor an t-ioncam a fhaightear ón tobhach chun na costais arna dtabhú aige a chomhlíonadh agus ceanglais maidir le caipiteal oibre i gcás nach mbítear in ann íoc as na costais agus na ceanglais sin trí mhodhanna eile. Forbraítear Clár Oibre mionsonraithe gach bliain ina gcuimsítear gníomhaíochtaí oibríochtúla agus tionscadail atá beartaithe.

Déantar caiteachas agus caipiteal oibre measta na heagraíochta trí chéile, agus de réir earnála a chur i gcrích agus a fhoilsiú ansin, in éineacht le faisnéis maidir leis an mbunús agus na toimhdí a bhaineann leis na meastacháin costas. Ríomhtar tobhaigh aonair de réir soláthraí seirbhíse bunaithe ar fhoirmlí san Ordú Tobhaigh.

Tá an Coimisiún fós i mbun athbhreithnithe ar an bpróiseas tobhaigh lena chinntiú go bhfuil sé fós iomchuí agus éifeachtúil ar bhonn oibríochtúil. Bímid rannpháirteach trí chomhairliúchán le heintitis rialáilte maidir le haon tograí suntasacha nó athruithe móra ar fheidhmiú an tobhaigh. D'fhoilsigh an Coimisiún doiciméad Comhairliúcháin maidir le hOrdú Tobhaigh 2026, a bhí ar oscailt ó 2 Meán Fómhair go dtí 1 Deireadh Fómhair 2025. Foilsíodh Freagra ar an gComhairliúchán i mí na Nollag inar leagadh amach achoimre de fhreagra an Choimisiúin ar na saincheisteanna a ardaíodh. Laghdaigh an Coimisiún an chastacht a bhaineann le próiseas an Deimhnithe Tobhaigh le linn 2025. Éilíonn sé na ráitis deimhnithe anois ag an gcéim tosaigh ina n-iarrtar faisnéis, rud a chiallaíonn nach gceanglaítear ar sholáthraithe seirbhíse níos mó a gcuid sonraí riachtanacha a chur isteach ar dtús ag tús bhliain tobhaigh agus ráiteas deimhnithe a chur isteach ansin bliain ina dhiaidh sin ag deimhniú na sonraí sin.

Cuireadh feabhas ar an bpróiseas trína bhfaightear sonraí tobhaigh ó sholáthraithe seirbhíse trí réiteach uathoibrithe, ceann go ceann le huirlisí Microsoft 365. Tá an fhoireann Airgeadais in ann Fógraí Iarratais ar Fhaisnéis a bhaineann go sonrach le hearnáil a eisiúint anois trí Fhoirmeacha Microsoft (Microsoft Forms), agus ceisteanna ag gabháil leis atá saincheaptha go speisialta bunaithe ar an gcineál seirbhíse. Le bailíochtú ionsuite cinntítear sláine na sonraí ag an bhfoinse. Tháinig na feabhsuithe sin i bhfeidhm don Tréimhse Tobhaigh 2026 ar aghaidh.

# Forbairt Eagraíochtúil

Leanamar in 2025, dár gcumas agus dár gcultúr eagraíochtúil a fhorbairt chun tacú le seachadadh ár sainchúraim reachtúil agus céad Ráiteas Straitéise an Choimisiúin.

Sheolamar an Straitéis i leith Daoine Athrú ag ár gcéad chruinniú Halla an Bhaile, ina leagtar amach treo soiléir den chaoi a bhfásaimid ár ndaoine, mar a thacaímid leo agus mar a fhorbraímid iad. B'shin céim mhór maidir le heagraíocht nua-aimseartha a mhúnlú, eagraíocht ina bhfuil meas ar luachanna.



D'éirigh linn 98 post nua a cheadú, rud a thabharfaidh líon iomlán na foirne go 303, agus rud lena mbeidh an eagraíocht in ann fás amach anseo agus a neartóidh cumais chriticiúla.



Mhéadaigh na poist atá líonta againn ó 194 ag tús na bliana go dtí 252 faoi dheireadh na bliana.



Choinníomar branda láidir mar fhostóir, fuaireamar 3,800 iarratas thar 100 comórtas earcaíochta.

Forbairt Eagraíochtúil (ar lean)

Rinneamar dul chun cinn mór maidir le forbairt na heagraíochta. Ina measc sin, rinneadh dul chun cinn ar obair thar thacaí cultúir, folláine, forbartha acmhainneachta agus foghlama. Neartaíomar freisin ár rialachas trínár gcéad Choiste um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht (CÉI) a bhunú agus ár gcéad Phlean Bliantúil CÉI a fhoilsiú.

Leanamar dár ngairmiúlú ar ár bpróisis i leith daoine. Rinneamar nuashonrú ar phríomhbheartais, rinneamar digiteáil ar lárphróisis bainisteoirí agus thugamar caighdeáin bhainistíochta isteach mar thaca le bainistiú comhsheasmhach agus éifeachtach daoine ar fud na heagraíochta.

Dhíríomar go speisialta in 2025 ar ár gcultúr eagraíochtúil. Chuireamar i gcrích agus d'fhoilsíomar Tuarascáil Mheasúnaithe ar Chultúr na hEagraíochta agus d'fhorbraíomar Plean Gníomhaíochta don Chultúr i gcomhair 2025-2027, atá á chur chun feidhme i láthair na huaire. Tá an obair sin ag cuidiú linn tuiscint shoiléir a fháil ar ár staid chultúir i láthair na huaire, chun cur síos a dhéanamh ar an staid atá súil againn a bheith againn amach anseo agus na gníomhartha is gá a shainaithint chun an bhearna a líonadh.

## Tionchar

Leis an gclár oibre sin táthar ag neartú ár mbunús eagraíochta, agus ag comhlíonadh an róil atá againn mar cheann de chúig Chumasóir Seachadta atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise. Táthar ag cur ar ár gcumas leis scálú ar bhonn inbhuanaithe, tacú lenár ndaoine ar bhealach níos éifeachtaí, agus ár gcultúr agus ár gcumais a ailíniú lenár n-uaillmhianta straitéiseacha.

## Na céimeanna atá romhainn

In 2026, leanfaimid ag cur na Straitéise i leith Daoine Athrú agus an Phlean Gníomhaíochta Cultúir chun feidhme, leabóimid ár dtiomantais CÉI, agus cuirfimid tuilleadh feabhais ar an acmhainneacht cheannaireachta agus ar éifeachtacht na heagraíochta.

# Ullmhú d'fheidhmeanna nua

## An Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán

Is éard atá i gceist leis an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán (GESM) rialachán ón Aontas Eorpach lena mbunaítear rialacha nua chun iolrachas agus neamhspleáchas na meán a chosaint ar fud an Aontais Eorpaigh, agus chun a chinntiú gur féidir le soláthraithe seirbhíse meán oibriú ar bhealach níos fusa thar theorainneacha.

An 4 Feabhra 2025, ainmníodh Coimisiún na Meán go foirmiúil mar an tÚdarás Rialála Náisiúnta (ÚRN) in Éirinn agus freagracht air as forálacha áirithe den Ghníomh a chomhordú, de bhua I.R. Uimh. 22/2025 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (An Gníomh um Shaoirse na Meán), 2025.



Tacaíonn GESM le hiolrachas na meán agus le neamhspleáchas eagarthóireachta ar roinnt bealaí, lena n-áirítear:

- Neamhspleáchas eagarthóireachta a chosaint
- Foinsí iriseoireachta a chosaint, lena n-áirítear i gcoinne úsáid earraí spiaireachta
- Feidhmiú neamhspleách mheáin na seirbhíse poiblí a chinntiú
- Trédhearcacht úinéireacht na meán a fheabhsú
- Na meáin a chosaint ar ábhar ar líne nach mbeadh údar leis a bhaineann ardáin an-mhór ar líne anuas
- Ceart a thabhairt isteach chun an tairiscint meán a shaincheapadh ar ghléasanna agus ar chomhéadain
- Trédhearcacht a ráthú maidir le leithdháileadh cistí poiblí le haghaidh fógraíocht stáit.
- A chinntiú go soláthróidh na Ballstáit measúnú ar thionchar na bpríomh-chomhchruinnithe i margadh na meán ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta
- Borradh a chur faoin trédhearcacht maidir le tomhas pobail meáin do sholáthraithe seirbhíse meán agus d'fhógróirí.

Ullmhú d'fheidhmeanna nua (ar lean)

## An obair a rinneadh in 2025

Tháinig forálacha áirithe den BESM i bhfeidhm an 8 Lúnasa 2025. Ceanglaítear le gnéithe eile trasuí go dlí na hÉireann, lena n-áirítear tríd an mBille um Rialáil na Meán agus tríd an Acht Craolacháin (Leasú). Obair an Choimisiúin maidir le BESM a chur chun feidhme in 2025 a rinneadh thar dhá shruth ar leithligh: éifeacht a thabhairt d'fhorálacha a tháinig i bhfeidhm go díreach i mí Lúnasa 2025 agus ullmhú don chreat reachtach náisiúnta le haghaidh forálacha lena n-éilítear trasuí inmheánach.

Maidir le forálacha a tháinig i bhfeidhm an 8 Lúnasa 2025, thug an Coimisiún faoi obair ullmhúcháin lena n-áirítear ar fud na réimsí seo a leanas:

- Tugadh tacaíocht do sholáthraithe seirbhíse meán in aghaidh ardáin an-mhór ar líne a bheith ag baint ábhar ar líne nach bhfuil údar leis.
- Bunaíodh an Bord Eorpach um Sheirbhísí Meán (BESM) freisin leis an BESM, comhlacht comhairleach neamhspleách ina bhfuil ionadaithe as Údaráis Rialála Náisiúnta Ballstáit an Aontais, lena n-áirítear An Coimisiún. Ó bunaíodh an Coimisiún, bhí sé ina rannpháirtí gníomhach in obair BESM, agus bhí sé ag treisiú chur i bhfeidhm dhlí meán an Aontais Eorpaigh go héifeachtach agus go seasmhach, lena n-áirítear GESM agus an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc.

I gcomhthreo leis sin, rinne an Coimisiún dul chun cinn leis an obair maidir leis an mbonn reachtach náisiúnta a bhunú le haghaidh forálacha is gá a thrasuí, lena n-áirítear trí oibriú leis an mBille um Rialáil na Meán agus ionstraimí gaolmhara a thabharfaidh oibleagáidí agus cumhachtaí nua don Choimisiún. Tugadh aghaidh ar na réimsí seo a leanas leis an obair sin:

- Trédhearcacht úinéireacht na meán a fheabhsú tríd an mbunachar sonraí mediaownership.ie a fhorbairt agus an Monatóir Úinéireachta Meán, arna chomhordú i gcomhar le OCBÁC.
- Creat a fhorbairt chun tacaíocht a thabhairt don cheart maidir le tairiscint meán a shaincheapadh ar ghléasanna agus ar chomhéadain nasctha.
- Creat a thógáil chun trédhearcacht a chinntiú le haghaidh caiteachas poiblí ar fhógraíocht stáit.
- Creataí measúnaithe a fhorbairt ar thion-char na bpríomh-chomhchruinnithe i margadh na meán ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta agus ullmhú dár ról nua maidir le measúnú a dhéan-amh ar chumaisc mheán.

Ullmhú d'fheidhmeanna nua (ar lean)

## An Gníomh um an Intleacht Shaorga

Is Rialachán de chuid an Aontais Eorpaigh é an Gníomh um an Intleacht Shaorga atá ceaptha chun leibhéal ard cosanta a thabhairt do shláinte, sábháilteacht agus do chearta bunúsacha an duine, agus chun intleacht shaorga a ghlacadh atá dírithe ar an duine, agus ar féidir brath air.

Cuirfidh sé creat rialála comhchuibhithe ar fáil le haghaidh córais IS a chuirtear ar an margadh, nó a chuirtear in úsáid, san Aontas, agus glacann sé cur chuige rioscabhunaithe lena gcuirtear rialacha difriúla i bhfeidhm le hais iad sin atá faoi réir rialacháin, bunaithe ar na cineálacha córas IS a úsáidtear.

Chun a chinntiú go gcuirtear an Rialachán chun feidhme in Éirinn d'ainmnigh an Rialtas roinnt údaráis inniúla. Gabhann siad sin thar raon earnálacha, agus tá sé beartaithe go mbeidh príomhról ag rialtóirí earnála seanbhunaithe sa chur chun feidhme, agus go mbeidh tacaíocht acu ó údarás comhordúcháin lárnach, an Oifig Náisiúnta um an Intleacht Shaorga.

In 2025, d'oibrigh Coimisiún na Meán leis an Rialtas chun scrúdú a dhéanamh ar an ról is féidir linn a bheith againn maidir leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga a chur chun feidhme, agus i mí Iúil, rinneadh cinneadh Rialtais roinnt comhlachtaí a ainmniú mar Údaráis Faireachais Margaidh (chun críche an Rialacháin).

Ag glacadh leis gur cuid dár sainchúram rialála atá ag forbairt é an ról seo agus go dtacóidh sé linn chun bogadh i dtreo ár dtorthaí straitéiseacha agus tacaíocht a thabhairt do thírdhreach meán atá slán.

Ar feadh an dara cuid de 2025, d'oibríomar leis an Rialtas chun iniúchadh a dhéanamh ar raon feidhme ár róil maidir leis an rialachán a atreisiú agus táimid ag tnúth le reachtaíocht a fhoilseofar a thacóidh leis sin agus le cur chun feidhme an rialacháin ar bhonn náisiúnta in 2026.

Le linn dúinn a bheith ag ullmhú dár ról nua mar Údarás Faireachais Margaidh faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga san Aontas Eorpach, rinneamar na rudaí seo a leanas:

- Thacaíomar le forbairt Scéim Ghinearálta an Bhille um an Rialachán IS
- Ghlacamar páirt sa Choiste Cur Chun Feidhme Náisiúnta don Ghníomh um IS agus Meithleacha
- Ghníomhaíomar mar bhreathnóir ar fhoghrúpaí de Bhord IS an Aontais
- D'oibríomar leis an Rialtas chun freagra a thabhairt ar an Omnibus Digiteach maidir le IS
- Sholáthraíomar ionchur don Chomhchoiste Oireachtais ar IS maidir le "IS, fírinne agus daonlathas".

Agus muid fógartha mar Údarás um Chearta Bunúsacha chun críche Airteagal 77 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga an AE in 2024, thosaíomar ar na hullmhúcháin freisin chun glacadh leis an ról seo in 2026, trí rannpháirtíocht le hÚdaráis FRA eile agus le ranna Rialtais ábhartha.

Ullmhú d'fheidhmeanna nua (ar lean)



## Trédhearcacht agus Spriocdhíriú na Fógraíochta Polaitiúla

Le Rialachán (AE) 2024/900 maidir le Trédhearcacht agus Spriocdhíriú na Fógraíochta Polaitiúla ("TTPA") tugtar isteach rialacha comhchuibhithe an Aontais ionas go mbeidh fógraíocht pholaitiúil níos éasca a aithint, go sainaithneofar cé atá taobh thiar de, agus go gcuirfear bac ar úsáid sonraí pearsanta le haghaidh spriocdhíriú agus seachadadh fógraí. Ceanglaítear fógraí polaitiúla sna meáin ar fad (lena n-áirítear ar líne agus clóite) le bheith lipéadaithe go soiléir agus nasc a sholáthar chuig fógra trédhearcachta ina bhfuil faisnéis ar leith a bhaineann leis an bhfógra.

Tháinig an Rialachán i bhfeidhm an 10 Deireadh Fómhair 2025 agus tugadh éifeacht dó in Éirinn faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Fógraíocht Pholaitiúil), 2025 (I.R. 474/2025), a d'ainmnigh Coimisiún na Meán mar údarás inniúil. Cumhdaíonn ár sainchúram maoirseacht ar chomhlíontacht soláthraithe áirithe leis na hoibleagáidí in Airteagail 7 go 17 den TTPA, ina gcuimsítear:

- soláthraithe seirbhísí idirghabhála;
- craoltóirí teilifíse agus raidió;
- soláthraithe seirbhísí closamhairc ar éileamh; agus
- ardáin comhroinnte físeán.

Tá an Coimisiún Toghcháin ainmnithe mar údarás inniúil i dtaca le heintitis nach bhfuil faoinár sainchúram maoirseachta. Is é an Coimisiún um Chosaint Sonraí an t-údarás inniúil le haghaidh Airteagail 18 agus 19, a rialaíonn spriocdhíriú agus seachadadh fógraí.

Sular tháinig an Ionstraim Reachtúil i bhfeidhm, d'oibríomar i ndlúthchomhar leis na Ranna Rialtais ábhartha maidir leis na feidhmeanna atá le sannadh dúinn. D'oibríomar freisin leis an gCoimisiún Toghcháin agus leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí chun ullmhú do chomhar amach anseo idir na trí údarás inniúla. Ar leibhéal Eorpach, rannchuidíomar leis an gcur is cúiteamh maidir le cur i bhfeidhm an TTPA lenár gcomh-rialtóirí san Aontas tríd an mBord Eorpach um Sheirbhísí Meán agus trí an mBord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha. I mí Iúil 2025, thugamar freagra ar chomhairliúchán poiblí an Choimisiúin Eorpaigh maidir lena dhréacht-treoirlínte chun tacú le cur chun feidhme TTPA.

Ullmhú d'fheidhmeanna nua (ar lean)

## An Bille Craolacháin (Leasú)

Is reachtaíocht náisiúnta é an Bille Craolacháin (Leasú) chun socruithe rialachais chorparáidigh a neartú do sholáthraithe meán na seirbhíse poiblí (MSP), chun an córas lena ndéantar measúnú ar fheidhmíocht agus ar mhaoiniú poiblí RTÉ agus TG4 a athchóiriú agus bunaítear scéim maoinithe nua meán leis atá neodrach, Ciste na Meán.

Tugann an Bille éifeacht do mholtaí an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán (FOMC), cuirtear gníomhartha a d'eascair as an Athbhreithniú Neamhspleách ar Rialachas agus Cultúr RTÉ chun feidhme, agus tá foráil ann do bhearta chun neamhspleáchas soláthraithe MSP a choimirciú i gcomhréir le hAirteagal 5 den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán (EMFA).

D'fhaomh an Rialtas an Scéim Ghinearálta athbhreithnithe den Bhille Craolacháin (Leasú) agus foilsíodh í an 8 Bealtaine 2025. Cuireadh faoi bhráid an Chomhchoiste Oireachtais Ealaíon, Meán, Cumarsáide, Cultúir agus Spóirt í le haghaidh grinnscrúdú réamhreachtach an 14 Bealtaine 2025.

Chuir Coimisiún na Meán aighneacht scríofa ar fáil don Chomhchoiste an 6 Meitheamh 2025 agus bhí sé i láthair ag seisiún poiblí an 10 Meitheamh 2025. Labhair an Coimisiún freisin leis an Roinn ar feadh an phróisis reachtaigh.

Tá foráil sa reachtaíocht maidir le ról feabhsaithe, níos dinimiciúla agus níos comhtháite do Choimisiún na Meán.

Le linn dúinn ullmhú dár ról feabhsaithe, thug an Coimisiún faoi raon gníomhaíochtaí in 2025 a bheidh mar bhonn eolais dár gcur chuige maidir leis na ceanglais reachtúla nua, lena n-áirítear taighde agus taighde deisce cainníochtúil agus cáilíochtúil ar an lucht féachana chun bonn fianaise láidir a fhorbairt.

Leanfaimid leis an dlúthchomhar le raon leathan páirtithe leasmhara de réir mar a fhéachaimid le próisis stuama agus chomhairleacha a fhorbairt.

# Torthaí Straitéiseacha

Sa chéad Ráiteas Straitéise ón gCoimisiún leagtar amach a fhís do thírdhreach na meán, agus na sé Thoradh Straitéiseacha lena gcaithfear súil níos géire ar an bhfís sin. Go bunúsach, déanann siad sin cur síos ar an sprioc áirithe a fhéachann An Coimisiún lena bhaint amach.

Leanaí Tírdhreach meán a sheasann le cearta, folláine agus forbairt leanaí agus lena rannpháirtíocht shábháilte le hábhar

Éagsúlacht agus cuimsiú Tírdhreach meán a chuireann luachanna an cheartais, an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe chun cinn

Cultúr na hÉireann agus na meáin Tírdhreach meán atá inbhuanaithe, iolraíoch agus rannpháirtíoch, agus a léiríonn agus a mhúnlaíonn cé muid féin mar shochaí

Daonlathas Tírdhreach meán a thacaíonn leis an daonlathas agus le luachanna daonlathacha, a thacaíonn leis an dioscúrsa saoránaigh, agus a laghdaíonn tionchar na bréagaisnéise

Muinín Tírdhreach meán ar féidir le tomhaltóirí muinín a bheith acu as, agus ina gcosnaítear iad ar dhúshaothrú agus ar chalaois

Sábháilteacht phoiblí Tírdhreach meán a neartaíonn sláinte agus sábháilteacht phoiblí

Torthaí Straitéiseacha (ar lean)

Is torthaí ardaidhmeannacha iad na torthaí sin ar ndóigh, agus nílimid ag súil go mbainfear amach ina n-iomláine iad thar thréimhse an Ráitis Straitéise seo. Tá sé mar aidhm againn, áfach, dul chun cinn suntasach a dhéanamh ina dtreo, agus ba mhaith linn tionchar éigin a fheiceáil faoi thrí réimse leathana:



### Díobháil a Laghdú

- Baineann sé seo le laghdú ar an leibhéal díobhála a d'fhéadfadh teacht as dul i ngleic leis na meáin agus le hábhar meán.

### Feabhas Tairbhí

- Baineann sé seo leis an gcumas atá ag na meáin tairbhí nó torthaí dearfacha a chur ar fáil do lucht féachana agus d'úsáideoirí ardáin agus don tsochaí i gcoitinne.

### Cumhachtú Poiblí

- Cuimsíonn sé seo cumas agus tuiscint fheabhsaithe i measc an phobail agus iad ag plé le hábhar agus le foinsí meán.

Níl an tionchar faoi na réimsí seo faoinár smacht iomlán ach an oiread. In ionad sin, táimid ag obair le rialtóirí atá mar chomhghleacaithe againn agus ag úsáid ár n-uirlisí seachadta féin chun tionchar a imirt ar rannpháirtithe i dtírdhreach na meán chun athrú a dhéanamh. Tá breac-chuntas ar ár rannchuidiú leis an dul chun cinn i mBliain 1 tugtha thíos faoi gach ceann de na sé thoradh. Tá coinne againn leis go nginfidh roinnt gníomhaíochtaí agus aschuir tionchar meántéarmach agus fadtéarmach thar bhreis is toradh amháin. I gcásanna den sórt sin, tá siad áirithe anseo againn faoi thoradh amháin, chun dúbailt oibre a sheachaint.

Torthaí Straitéiseacha (ar lean)

## Leanaí

Déanann an tírdhreach meán difear do chearta, folláine agus forbairt an linbh, agus tá sé mar aidhm ag ár Ráiteas Straitéise a chinntiú gur féidir le leanaí in Éirinn agus níos faide ó bhaile tairbhe a bhaint as gnéithe dearfacha na meán, agus go bhfaighidh siad cosaint ag an am céanna ó na díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Go sonrach, táimid ag obair i dtreo tírdhreach meán a sheasann le cearta an linbh agus a rannpháirtíocht shábháilte le hábhar.



Ina chás féin, in 2025, sheachaid An Coimisiún raon aschur agus gníomhaíochtaí chun rannchuidiú a dhéanamh sa réimse Díobháil a Laghdú, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- D'eisigh sé fógra faisnéise reachtúil do X i mí an Mheithimh, ag cur iallach air faisnéis a chur ar fáil maidir lena chomhlíonadh leis an gCód Sábháilteachta Ar Líne
- Chuir sé tús le himscrúdú ar dhá ardán ar líne, TikTok agus LinkedIn, maidir lena sásraí tuairiscithe ar ábhar mídhleathach
- Rinne sé taighde le leanaí agus daoine óga mar chuid de thionscadal taighde níos leithne ar dhearcadh lucht féachana maidir le hábhar meán díobhálach agus maslach
- Shínigh sé Comhaontú Comhair leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí maidir le hábhair chomhspéise cosúil le seasamh le cearta an linbh

Dhírigh go leor d'obair an Choimisiúin freisin ar thacaíocht a thabhairt d'athrú sa réimse Cumhachtú Poiblí, lena n-áirítear cumhachtú leanaí agus tuismitheoirí araon. Ar shamplaí de sin tá:

- Seoladh feachtas raidió, clóite agus meán sóisialta inar ardaíodh feasacht i measc an phobail ar ábhar díobhálach ar líne agus conas tuairisc a thabhairt air, agus a gcearta faoi Chreat Sábháilteachta ar Líne na hÉireann, go háirithe maidir le cosaint leanaí agus daoine óga.

Torthaí Straitéiseacha (ar lean)

## Daonlathas

Tá cinnteoireacht eagarthóireachta, iriseoireacht agus cruthú inneachair neamhspleách d'ardchaighdeán riachtanach do dhaonlathas saorálach a oibríonn.

Ní mór iad sin a chosaint agus a chur chun cinn, anois níos mó ná riamh. Trínár dToradh Straitéiseach ó thaobh an Daonlathais de, tá sé mar ardaidhm againn go gcruthófar tírdhreach meán a thacaíonn leis an daonlathas agus le luachanna daonlathacha, agus a bheidh mar bhonn faoin dioscúrsa sibhialta agus a laghdaíonn tionchar na bréagaisnéise.

Le linn 2025, rannchuidigh roinnt de na gníomhaíochtaí agus na haschuir a sheachadamar leis an réimse Díobháil a Laghdú. Go sonrach:

- D'fhéachamar leis an díobháil fhéideartha d'iarrthóirí toghcháin a mhaolú, lena n-áirítear trí thaighde a sheachadadh maidir le taithí ar líne iarrthóirí i dToghcháin Áitiúla agus in Olltoghcháin 2024 in Éirinn, lenar áiríodh machnamh ar bheartais. Glacfaidh Coimisiún na Meán agus dreamanna eile gníomh maidir leo sin chun tacú le rannpháirtíocht shábháilte sa saol polaitiúil.
- Leanamar lenár gcomhpháirtíocht leis an nGarda Síochána chun Pacáistí Eolais d'Iarrthóirí a chur le chéile chun tacú le hiarrthóirí toghcháin sna toghcháin Uachtaránachta agus Seanaid chun a gcearta ar líne a thuiscint agus chun treoir a thabhairt dóibh maidir le hábhar díobhálach nó mídhleathach a láimhseáil. Ag aithint go bhfuil iriseoirí ag cur suas le níos mó agus níos mó mí-úsáide agus iompair atá dochrach dóibh, agus an bhagairt a chruthaíonn sé sin do shaoirse cainte agus don daonlathas, chruthaíomar Pacáiste Eolais d'Iriseoirí freisin i gcomhar le Ceardchumann Náisiúnta na nIriseoirí (NUJ).
- D'fhéachamar freisin leis an bpobal a chumhachtú agus na tairbhí don phobal agus don tsochaí trí chéile a fheabhsú trí iarrachtaí chun feabhas a chur ar an tuiscint ar an ngá atá leis an daonlathas a chosaint agus tionchar na bréagaisnéise. Áirítear leis sin ár rannpháirtíocht maidir le seachadadh na Straitéise Náisiúnta Frith-Bhréagaisnéise, a foilsíodh i mí Aibreáin 2025. Leagtar amach raon gníomhaíochtaí anseo mar thaca le cur chun feidhme na Straitéise, agus a mbeidh roinnt acu faoi stiúir Choimisiún na Meán, lena n-áirítear tacaíocht do thaighde, eolas ar straitéisí éifeachtacha um litearthacht sna meáin a chur chun cinn, agus scéimeanna maoinithe a sheachadadh. D'fhéachamar freisin leis an neamhspleáchas poiblí a fheabhsú ar mhaithe le roghanna saorálacha agus eolasacha a dhéanamh maidir le bheith rannpháirteach sa dioscúrsa sibhialta agus maidir lena gcearta daonlathacha a fheidhmiú.
- Mar thoradh ar mhaoiniú a bronnadh faoi na Scéimeanna Tuairiscithe Cúirteanna agus Daonlathais Áitiúil cruthaíodh nó feabhsaíodh níos mó ná 100 ról lánaimseartha agus páirtaimseartha d'iriseoirí ar fud na 26 contae.Cuidíonn na scéimeanna sin chun a chinntiú go ndéantar neamhspleáchas eagarthóireachta agus saoirse cainte a chosaint, agus go ndéantar éagsúlacht leathan tuairimí polaitiúla a chur in iúl go dleathach, agus go ndéantar rannpháirtíocht saoránach le fóraim dhaonlathacha áitiúla agus leis an gcóras breithiúnach a chur chun cinn ag an am céanna ar bhonn áitiúil agus réigiúnach.
- Seoladh an Scéim Tuairiscithe Nuachta i mí Lúnasa chun maoiniú a chur ar fáil do na meáin chun cúrsaí nuachta a chumhdach, nach ndéantar dóthain cumhdaigh orthu go minic (nó atá i mbaol easpa cumhdaigh) thar raon leathan téamaí, lena n-áirítear cúrsaí tuaithe, pobail imeallaithe, tionchar na gcinntí a dhéantar san Aontas Eorpach ar Éirinn agus tionscadail in aghaidh na mífhaisnéise agus na bréagaisnéise.
- Lenár dTreoirlínte maidir le Cumhdach Craolacháin ar Imeachtaí Toghcháin, a foilsíodh i mí Mheán Fómhair, tugadh treo do chraoltóirí maidir le cothroime, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht a bhaint amach sa chlúdach a dhéanann siad ar imeachtaí toghcháin.
- Mar an gcéanna, bhí sé mar aidhm leis an seoladh ar Scéim Nuachta agus Cúrsaí Reatha na Teilifíse Tráchtála Neamhspleáiche i mí na Samhna tacaíocht a thabhairt don teilifís tráchtála neamhspleách chun dul i ngleic le saincheisteanna atá fíorthábhachtach do dhaonlathas folláin, agus a thacaíonn leis, lena n-áirítear gnóthaí poiblí agus bréagaisnéis/mífhaisnéis.

Torthaí Straitéiseacha (ar lean)

## Iontaoibh

Tríd an Toradh Iontaoibhe, féachann An Coimisiún i dtreo tírdhreach meán ina seastar le cearta an tomhaltóra, agus ina dtugtar cosaint do thomhaltóirí ó ábhar meán atá calaoiseach agus dúshaothraithe. Dhírigh ár gcuid oibre ó thaobh rannchuidiú leis an toradh seo in 2025 ar phleanáil straitéiseach agus ar leagan síos treo, ar fhothú acmhainneachta go hinmheánach, agus ar chomhar le comhpháirtithe seachtracha chun tionchar a bhrú ar aghaidh ar fud na dtrí réimse uile.  Forbairt shuntasach le linn na bliana ab ea gur tháinig Cuid B den Chód Sábháilteachta ar Líne i bhfeidhm ó mhí Iúil, inar cuimsíodh cur i bhfeidhm oibleagáidí mionsonraithe le haghaidh soláthraithe seirbhísí ardáin comhroinnte físeán i dtaca le cumarsáid tráchtála chlosamhairc ar a gcuid seirbhísí. Sa chomhthéacs sin, leanamar ag tabhairt tús áite dár gcomhar le hÚdarás na gCaighdeán Fógraíochta in Éirinn agus leis an gComhghuaillíocht Eorpach le haghaidh Caighdeáin Fógraíochta.

Ghlacamar páirt freisin san Fhóram Frithchalaoise Náisiúnta arna thionól ag Cónaidhm Baincéireachta agus Íocaíochtaí na hÉireann. Rud suntasach a tharla, gur deimhníodh Banc Ceannais na hÉireann mar Chomharthóir Iontaofa faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha i mí na Bealtaine. Tugann sé sin an chumhacht don Bhanc Ceannais ardáin ar líne ar a bhfuil ábhar mídhleathach a bhaineann le calaois agus camscéimeanna agus sáruithe ar chearta intleachtúla agus tráchtála a shainaithint, a bhrath agus fógra a thabhairt ina dtaobh. Tríd an méid sin a dhéanamh, chuireamar oibleagáid dhleathach ar ardáin den sórt sin tús áite a thabhairt do thuarascálacha ón mBanc Ceannais agus iad a láimhseáil ar bhealach caoithiúil.



Torthaí Straitéiseacha (ar lean)

## Cultúr agus Meáin na hÉireann (ICM)

Nuair a bhíonn daoine ag gabháil do na meáin, is mian leo réimse éagsúil ábhair a fheiceáil agus tá coinne acu lena fheiceáil, ábhar a léiríonn agus a thugann tús áite dá gcultúr agus dá luachanna, agus d'éagsúlacht agus do leasanna na sochaí nua-aimseartha in Éirinn. Ar a seal féin, múnlaíonn na meáin ár gcultúr, ár luachanna agus ár sochaí. Dá réir sin, is féidir cur síos a dhéanamh ar an gcaidreamh idir an tírdhreach meán agus ár sochaí agus ár gcultúr mar rud siombóiseach agus dinimiciúil, áit a mbíonn tionchar ag ceann ar an gceann eile agus athmhúnlaíonn sé é.

Aithnítear i dToradh Straitéiseach ICM leasanna agus sainroghanna éagsúla phobal na hÉireann agus chomh lárnach agus atá siad sa tírdhreach meán in Éirinn. Leagtar amach ann ár n-ardaidhmeanna i dtreo tírdhreach meán a bhfuil meas ag sochaí na hÉireann air, agus é inbhuanaithe ar bhonn eacnamaíoch agus comhshaoil agus bonn taca aige ó nuálaíocht, cruthaitheacht agus ionchuimsitheacht. Is mian leis an gCoimisiún freisin éagsúlacht d'úinéireacht na meán, agus iolracht na mbealaí léiriúcháin, dáileacháin agus seachadta a chinntiú.

Rinneamar na rudaí seo a leanas i rith na bliana, chun rannchuidiú leis an toradh sin:

- Chuamar i gcomhairle leis an bpobal ar thodhchaí mheáin na seirbhíse poiblí, chun a chinntiú go leanann sé ag freastal ar riachtanais phobal na hÉireann.
- Thugamar tacaíocht do thástáil DAB bliana (Craoladh Digiteach Fuaime) chun éagsúlacht na seirbhísí atá ar fáil do phobal na hÉireann a leathnú, chun teicneolaíocht DAB+ a thástáil, agus iniúchadh a dhéanamh ar na tairbhí a d'fhéadfadh sé a chruthú do chraoltóirí agus d'éisteoirí.
- Rinneamar taighde ar dhearcthaí lucht éisteachta agus féachana maidir le díobháil sna meáin chraolta chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt na gCód agus ár gcur chuige maidir le láimhseáil gearán
- Thugamar tacaíocht do léiriú ábhair craolacháin a bhfuil fiúntas cultúrtha ag baint leis, lena n-áirítear ábhar i nGaeilge, trí mhaoiniú a chur ar fáil do 29 tionscadal Teilifíse agus 59 tionscadal Raidió faoi Bhabhta 55 de scéim maoinithe Fís agus Fuaim
- Bhronnamar maoiniú chun tacú le tionscnaimh oiliúna agus forbartha d'earnáil na meán. I measc na 29 eagraíocht a fuair maoiniú, bhí na meáin thráchtála agus phobail; grúpaí dírithe ar thionscal ar leith cosúil le léiritheoirí, beochantóirí agus iriseoirí; chomh maith le heagraíochtaí abhcóideachta ar inscne, comhionannas agus ionchuimsitheacht, agus ar chur chun cinn na Gaeilge.
- Thugamar maoiniú d'imeachtaí agus do ghníomhaíochtaí éagsúla in earnáil na meán, lena n-áirítear féilte scannán, féile bheochana, imeachtaí dámhachtainí agus comhdháil maidir le craoladh raidió agus teilifíse.
- Sheolamar Scéim Claochlaithe Dhigitigh chun tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí meán chun nuáil agus claochlú a dhéanamh chuig an timpeallacht faisnéise digití
- Thugamar comhairle don Aire maidir leis an bhféidearthacht a bhain le tobhach agus ciste inneachair closamhairc.
- Bhíomar rannpháirteach i bpléití beartais in Éirinn agus san Eoraip chun earnáil meán saor in aisce, neamhspleách agus atá ábhartha ar bhonn cultúrtha a chur chun cinn agus a nasc leanúnach le sochaí na hÉireann a chinntiú.

Torthaí Straitéiseacha (ar lean)

## Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht (D & I)

Leagtar amach i dToradh Straitéiseach um Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht ardaidhmeanna le haghaidh tírdhreach meán ina gcuirtear luachanna ceartais, comhionannais, éagsúlachta, agus ionchuimsitheachta chun cinn. Sa chleachtas, bíonn impleachtaí aige sin i dtéarmaí léiriú agus tomhaltas inneachair. Chiallódh sé sin go gcuirtear ar chumas daoine, ina n-éagsúlacht go léir, a gcuid tuairimí dleathacha a chur in iúl, a bheith nádúrtha iontu féin i ngach cineál meán, agus go mbeidís in ann taitneamh a bhaint as ábhar a fhreastalaíonn ar a riachtanais agus spéiseanna éagsúla agus é a rochtain. Chiallódh sé freisin nach mbeadh inneachar lena ngríosaítear fuath ná foréigean bunaithe ar shaintréithe cosanta, nó lena n úsáidtear teanga atá thar a bheith maslach chun daoine a chrá, chomh forleathan sin. Ar bhonn níos leithne, chiallódh sé go mbeadh feasacht phoiblí níos mó maidir leis an tionchar a bhíonn ag fuath, iompar bagrach, eisiamh, nó eilearánú, agus maidir leis an tábhacht atá leis an gcúirtéis dhigiteach.



D'fhéach ár ngníomhaíochtaí agus ár n-aschuir faoin gceannteideal seo in 2025 le tionchar a imirt sa réimse Díobháil a Laghdú, lena n-áirítear:

- maoirseacht a dhéanamh ar mar atáthar ag comhlíonadh chreat sábháilteachta ar líne na hÉireann (GSD, TCO & Cód Sábháilteachta Ar Líne), ag féachaint le hathrú ar iompar a bhaint amach a thacóidh le laghdú ar fhairsinge an ghríosaithe chun fuatha agus foréigin do dhaoine a bhfuil saintréithe cosanta acu, agus
- clár oibre dírithe a sheachadadh chun tuiscint a fhorbairt maidir leis na príomhdhíobhálacha cosúil le fuath ban, ciníochas agus an méadú ar fhuath ar líne.

Féachadh le rannchuidiú a dhéanamh i ngníomhaíochtaí eile cláir i dtéamaí Feabhas Tairbhí nó Cumhachtú Poiblí. Mar shampla:

- cur chun feidhme na Straitéise um Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht (ICÉI)
- tacaíocht do thionscnaimh oiliúna agus forbartha trí chiste an chláir Scileanna agus Forbartha na Meán, agus
- clár oibre a sheachadadh chun Creat um na Meáin Seirbhíse Poiblí a thabhairt cothrom le dáta.

Torthaí Straitéiseacha (ar lean)

## Sábháilteacht an Phobail

Tá an Toradh Straitéiseach maidir le Sábháilteacht an Phobail leagtha amach i dtéarmaí leathana mar "tírdhreach meán a neartaíonn sláinte agus sábháilteacht an phobail". Tá ár gcuid oibre chun rannchuidiú leis an toradh sin dírithe laistigh den réimse Díobháil a Laghdú.

- In 2025, leanamar lenár gcuid oibre i mbun maoirseachta ar sholáthraithe seirbhísí óstála faoin rialachán um Ábhar Sceimhlitheoireachta ar Líne (ÁSL) a meastar iad a bheith neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta.
- Ina theannta sin, i mí Dheireadh Fómhair, d'fhoilsíomar cinntí breise go bhfuil WhatsApp Ireland Limited (i dtaca leis na Cainéil seirbhíse) agus Pinterest neamhchosanta agus ní mór dóibh bearta sonracha a dhéanamh anois chun scaipeadh an ábhair sceimhlitheoireachta ar a gcuid seirbhísí a mhaolú.
- Chuireamar tús freisin le clár oibre atá dírithe ar an díobháil 'fhoruasta' CSAEM (Drochúsáid ghnéasach Leanaí agus Ábhar Dúshaothraithe) féachaint lenár ról a ghiaráil go straitéiseach agus ár n-acmhainn i ndáil le hAirteagal 28 GSD a fhorbairt. Ó thús
- deireadh 2025 ar fad, leanamar ag forbairt ár n-acmhainne freagartha maidir le bagairtí foréigin agus gríosú chun foréigin ar líne, neamhord sibhialta neamhdhleathach atá dírithe ar ghrúpaí imeallaithe, agus ar chomhtháthú laistigh de phrótacail freagartha teagmhas an Choimisiúin.



# Tuairisc ar ghníomhaíochtaí


| | |
|---|---|
| Forbairt na Meán | 32 |
| An Ghaeilge | 33 |
| Scéimeanna Iriseoireachta | 35 |
| Tuarascáil Nuachta Digití Reuters | 36 |
| Straitéis ICÉI | 37 |
| Inbhuanaitheacht (innéacs albert) | 38 |
| Maoiniú d'Fhuaim agus Fís | 40 |
| Gradaim Urraíochta agus Foghlaim agus Forbairt Earnála | 50 |
| An Chraoltóireacht agus Físeán ar Éileamh | 53 |
| Éagsúlachtaí ceadúnaithe agus conartha | 56 |
| Clárúchán Físeán ar Éileamh agus soláthar Chóid agus Rialacha nua na Meán le haghaidh soláthraithe Físeán ar Éileamh | 67 |
| Soláthar Athbhreithnithe Feidhmíochta ar Mheáin na Seirbhíse Poiblí | 68 |
| Creat um na Meáin Seirbhíse Poiblí a Fhorbairt | 73 |
| Soláthar na Straitéise um Sheirbhísí Craolacháin | 75 |
| Iolrachas na Meán | 76 |
| Sábháilteacht ar Líne | 77 |
| Tacaíocht agus Rannpháirteachas an Úsáideora | 81 |
| Rialachas | 84 |

# Forbairt na Meán

Déanann rannán Fhorbairt na Meán den Choimisiún raon gníomhaíochtaí a thacaíonn le cruthú ábhair do lucht féachana lena léirítear sochaí na hÉireann. Spreagaimid agus tacaímid le foghlaim agus forbairt san earnáil, oibrímid le páirtithe leasmhara chun comhionannas inscne, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht a chur chun cinn, bímid ag riar scéimeanna maoinithe chun tacú leis an iriseoireacht agus le claochlú digiteach agus tacaímid le tionscal scannán agus teilifíse na hÉireann chun tionchar comhshaoil an léiriúcháin a laghdú agus ábhar a chruthú a thacaíonn le fís do thodhchaí inbhuanaithe.



# An Ghaeilge

In 2025, lean Coimisiún na Meán dá chuid oibre ag tacú agus ag neartú na meáin Ghaeilge trí thaighde, rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus tacaíochtaí earnála spriocdhírithe.

## Athbhreithniú Cuimsitheach ar na Meáin Ghaeilge

Ag cur leis an obair a rinneadh in 2024, rinne Coimisiún na Meán tuilleadh oibre ar an Athbhreithniú Cuimsitheach ar na Meáin Ghaeilge ar feadh 2025. Mar a mhol Coimisiún um Thodhchaí na Meán, rinneadh scrúdú san Athbhreithniú ar sholáthar seirbhísí meán trí mheán na Gaeilge agus ar inneachar ar fud thírdhreach na meán agus sainaithníodh deiseanna chun inbhuanaitheacht, infheictheacht agus forbairt na meán Gaeilge a neartú.

Breithníodh san Athbhreithniú an chaoi a dtugann na meáin Ghaeilge léiriú ar shaol na hÉireann, lena n-áirítear an cultúr, an teanga, cúrsaí oideachais agus an dioscúrsa poiblí, agus rinneadh scrúdú ar cháilíocht, éagsúlacht agus inrochtaineacht ábhar i nGaeilge thar mheáin éagsúla, ina measc an teilifís, raidió, ábhar clóite, podchraoltaí agus sna meáin dhigiteacha. Bhí bonn eolais ag an athbhreithniú ó chlár forleathan taighde agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara ina raibh craoltóirí, léiritheoirí, eagraíochtaí ionadaíocha, comhlachtaí poiblí agus páirtithe leasmhara eile ar fud na hearnála rannpháirteach.

Garsprioc thábhachtach sa chlár rannpháirtíochta seo ab ea an Fóram Plé ar Thodhchaí na Meán Gaeilge, á óstáil ag Coimisiún na Meán i gcomhpháirtíocht leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath i mí Márta 2025. Tugadh craoltóirí, léiritheoirí, cinnteoirí, taighdeoirí agus páirtithe leasmhara eile le chéile san Fhóram chun soláthar seirbhísí meán agus ábhar Gaeilge a phlé agus chun iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna agus ar dhúshláin amach anseo don earnáil. Ardán tábhachtach a bhí san ócáid i gcomhair plé, chun eolas a roinnt agus líonrú a dhéanamh, agus chuidigh sé chun bonn eolais a chur faoi chéimeanna deiridh an Athbhreithnithe.

Fuair Coimisiún na Meán an tuarascáil dheiridh a d'eascair as an Athbhreithniú Cuimsitheach ar na Meáin Ghaeilge ag deireadh 2025. Ag cur le taighde, comhairliúchán agus anailís fhorleathan, soláthraíonn an tAthbhreithniú bonn fianaise tábhachtach chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt beartais agus tacaíochtaí do na meáin Ghaeilge amach anseo. Cuireadh an obair ullmhúcháin ar bun freisin chun feidhm thiomnaithe Gaeilge a bhunú laistigh de Choimisiún na Meán.

Cuireadh tús leis an earcaíocht le haghaidh Ceannasaí Gaeilge le linn na bliana, ar chéim thábhachtach a bhí ann i bhforbairt na feidhme nua sin. Soláthróidh an ról ceannaireacht do ghníomhaíochtaí Gaeilge na heagraíochta, lena n-áirítear forbairt beartais, taighde, rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus cur chun feidhme gníomhaíochtaí amach anseo ón Athbhreithniú Cuimsitheach ar na Meáin Ghaeilge. Tá earcaíocht bhreise beartaithe mar chuid d'fhorbairt leanúnach na feidhme sin.

Leis an tuarascáil dheiridh ón Athbhreithniú a fuarthas, in éineacht le hacmhainn fheabhsaithe eagraíochta a bhunú sa réimse seo, tá bunchloch láidir leagtha síos don chéad chéim eile den obair, lena n-áirítear torthaí agus moltaí an Athbhreithnithe a chíoradh agus pleananna cur chun feidhme a fhorbairt.

An Ghaeilge (ar lean)

## Coiste Comhairleach na Gaeilge

Lean Coiste Comhairleach na Gaeilge ag soláthar treoir agus comhairle straitéiseach do Choimisiún na Meán ó thús deireadh 2025. Is fóram tábhachtach é an Coiste i gcónaí le haghaidh comhoibriú idir Coimisiún na Meán agus páirtithe leasmhara ó earnáil na meán Gaeilge trí chéile, lena n-áirítear ionadaithe ó eagraíochtaí craolacháin, léiriúcháin, pleanála teanga agus cultúir.

Le linn na bliana, rannchuidigh an Coiste leis an gcur is cúiteamh a bhain leis an Athbhreithniú Cuimsitheach ar na Meáin Ghaeilge agus thug sé léargas fiúntach maidir le tosaíochtaí agus deiseanna don earnáil.

Leanfaidh an Coiste leis an teagmháil le Coimisiún na Meán ar nithe a eascróidh as an Athbhreithniú agus ar fhorbairt na meán Gaeilge amach anseo.

Ba thosaíocht thábhachtach freisin le linn na bliana tacú leis an bhfeasacht ar ghairmeacha agus ar dheiseanna laistigh de na meáin Ghaeilge. Mar chuid de Sheachtain na Gaeilge 2025, bhí Coimisiún na Meán rannpháirteach in Aonach Gaeilge ag Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, ag labhairt le mic léinn agus le cainteoirí Gaeilge faoi dheiseanna chun an Ghaeilge a úsáid i socruithe gairmiúla agus conairí gairme a chur chun cinn laistigh d'earnáil na meán.




Mairéad Nic Gabhann, Bainisteoir Forbartha na Meán agus comhalta de CCnaG, le mic léinn a thug cuairt ar sheastán an Choimisiúin ag Aonach Gaeilge UCD – Gaeilge sa Ghnáthshaol, Feabhra 2025




Mairéad Nic Gabhann, Bainisteoir Forbartha na Meán agus comhalta de CCnaG, agus Cormac Ó Dubhláine, Comhordaitheoir Choiste Eagrúcháin Gaeilge sa Ghnáthshaol 2025, ag Aonach Gaeilge UCD – Gaeilge sa Ghnáthshaol, Feabhra 2025.

## Tacaíochtaí Earnála inar cuireadh an Ghaeilge i dtábhacht

Lean Coimisiún na Meán ag tacú le forbairt na meán Gaeilge trína chláir mhaoinithe in 2025.

Soláthraíodh tacaíocht d'eagraíochtaí atá ag obair chun na meáin Ghaeilge a chur chun cinn agus a neartú, chun ábhar a chruthú agus le haghaidh forbairt ghairmiúil ar fud na hearnála. Mar chuid de sin cuireadh maoiniú ar fáil do Oireachtas na Gaeilge chun tacú le tionscnaimh forbartha na meán Gaeilge, do Storyhouse chun tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann le scannánaíocht na Gaeilge, agus do CRAOL chun deiseanna oiliúna agus forbartha a chur ar fáil atá ábhartha don chraoltóireacht phobail agus Gaeilge.

Chuidigh na tionscnaimh sin le hinfheictheacht, inbhuanaitheacht agus le forbairt leanúnach na meán Gaeilge agus thacaigh sé le deiseanna do chruthaitheoirí ábhar, craoltóirí agus gairmithe meán a oibríonn trí mheán na Gaeilge.

# Scéimeanna Iriseoireachta

In 2025, sheol Coimisiún na Meán an Scéim Tuairiscithe Nuachta (NRS), an tríú scéim maoinithe iriseoireachta a bunaíodh mar fhreagra ar mholtaí ó Thuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán, a bhfuil siad uile dírithe ar thacaíocht a thabhairt d'earnáil na meán agus ar fheabhas a chur ar léiriúchán iriseoireachta d'ardchaighdeán ar bhonn atá neodrach ó thaobh ardáin de. Tacaíonn an scéim tuairiscithe nuachta, a fuair maoiniú €4 mhilliún ón Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt le haghaidh 2025 le tuairisciú scéalta nuachta nach ndéantar dóthain soláthair dóibh nó atá i mbaol tearc-sholáthair.I measc na dtéamaí ar tugadh aghaidh orthu sa scéim bhí cúrsaí tuaithe, pobail imeallaithe, an tionchar a bhíonn ag cinntí AE ar Éirinn agus tionscadail ina ndéantar iarracht deireadh a chur le mífhaisnéis agus le bréagaisnéis.

Cuireadh tús leis an scéim an 15 Lúnasa tar éis comhairliúchán spriocdhírithe leis an earnáil agus fuarthas



**91**
iarratas ó thírdhreach na meán uile lena n-áirítear ó na meáin chlóite, ar líne agus thráchtála.

**62**
Tar éis dianphróiseas measúnaithe, ceadaíodh 62 tionscadal ar an iomlán lena maoiniú.

## Scéimeanna Iriseoireachta (ar lean)



Reáchtáladh an dara babhta den Scéim Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil agus de Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna freisin in 2025, dar cuireadh sé mhilliún euro ar fáil agus ceadaíodh 120 tionscadal ar an iomlán lena maoiniú.

Bhí fáil ar na chéad mhíreanna a maoiníodh faoi Bhabhta 1 de na Scéimeanna Iriseoireachta i mí Mheán Fómhair tríd an tairseach thiomnaithe a bunaíodh chun an t-ábhar maoinithe a óstáil, ar féidir teacht air ag journalismschemes.cnam.ie

# Tuarascáil Nuachta Digití Reuters

Is é Tuarascáil Nuachta Digití Reuters an suirbhé comparáideach idirnáisiúnta is mó ar domhan de na treochtaí ollmhóra i dtomhaltas na nuachta digití. Is cuid den suirbhé níos mó iad sonraí na hÉireann, agus is foilseachán bliantúil ríthábhachtach anois d’earnáil na meán an Tuarascáil Éireannach a éiríonn as sin. Maoiníonn Coimisiún na Meán rannpháirtíocht na hÉireann sa suirbhé ar an Tuarascáil Nuachta Digití, a dhéanann Institiúid Reuters ag Ollscoil Oxford, agus déanann sí coimisiúnú ar Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chun tuarascáil na hÉireann a chur i dtoll a chéile. Tá an taighde mar bhonn taca ag ár dtorthaí straitéiseacha maidir le Daonlathas agus na Meáin Éireannacha agus an Cultúr, trí thuiscint mhionsonraithe a thabhairt ar shaincheisteanna cosúil le muinín agus rannpháirtíocht leis an nuacht, imní faoi mhífhaisnéis agus úsáid IS i léiriú nuachta. Ba é 2025 an t-aonú bliain déag ag an gCoimisiún ag tabhairt tacaíochta do Thuarascáil na Nuachta Digití, Éire.

# Straitéis ICÉI

Tá cúrsaí inscne, comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsitheachta lárnach dár gcuid oibre, agus bhí ár Straitéis ICÉI trí bliana don earnáil fuaime agus closamhairc bliain ar an bhfód i mí Iúil. Bhí an chéad fhóram ICÉI againn i mí Aibreáin, ar ar fhreastail príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear ionadaithe ó chraoltóirí agus ó na meáin seirbhíse poiblí ceadúnaithe, ionadaithe ón tionscal, grúpaí abhcóideachta, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus gníomhaireachtaí rialtais. Is é aidhm an Fhóraim, ar tiomantas bliantúil den straitéis ICÉI é ardán a sholáthar i gcomhair plé, rannpháirtíochta, dea-chleachtas a roinnt, cás-staidéir, léargais ó thaithí saoil agus taighde, agus iad uile ann chun tacú le cur chun cinn ICÉI sna meáin.




I measc na mbuaicphointí ón imeacht lae bhí pléití painéil ar an gcaoi ar féidir le roghnú ionchuimsitheach aisteoirí agus taithí saoil scéalaíocht a fheabhsú agus an tábhacht atá le guthanna éagsúla agus le scéalta chomh maith le peirspictíochtaí ó ghuthanna atá ag teacht chun cinn agus na rudaí a chruthaíonn bacainní ar ghairmeacha sna meáin.

Bhí comhrá teallaigh againn freisin le Siobhán McKenna, Ceannasaí Beartais CÉI sa Roinn Caiteachais chun iniúchadh a dhéanamh ar an tábhacht atá le sonraí CÉI chun athrú agus cuntasacht a spreagadh.

Chuireamar ár dtaighde maidir leis na mná sa raidió ceoil i láthair freisin, dar teideal Ceol na mBan ar an Raidió.

Is féidir sonraí iomlána an taighde sin a fháil anseo: Ceol na mBan ar an Raidió - Mná agus Ceol i gCraoltóireacht Fuaime - Coimisiún na Meán

Cuidíonn ár gcoiste stiúrtha linn athbhreithniú a dhéanamh ar na príomhghníomhaíochtaí atá sa Straitéis ICÉI agus déanann sé formhaoirsiú ar an treoir a sholáthraíonn sé d'earnáil na meán. Tá triúr fostaithe agus seachtar comhaltaí seachtracha ar an gcoiste:

- Eleanor McSherry
- Margaret Ward
- Gareth Lee
- Emer O' Neill
- Colman Farrell
- Teresa Hanratty
- Leon Diop

Gabhaimid buíochas leis an gcoiste as a chuid oibre, a chuid tacaíochta agus as an treoir a thug sé ar feadh na bliana.

Leanamar dár gcuid oibre freisin in 2025 chun creat iomchuí a fhorbairt chun caighdeáin éagsúlachta a thabhairt isteach le haghaidh scéimeanna maoinithe agus cuirfear treoirthionscadal chun feidhme in 2026.

## Na Meáin Phobail

Gníomh de chuid phlean cur chun feidhme an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán ab ea don Choimisiún an fhoirm thacaíochta ab fhearr a chinneadh d'earnáil na meán pobail in Éirinn.

Cuireadh tús leis an taighde sin in 2025 agus cuirfear i gcrích é in 2026. Táthar chun scéim nua do na meáin phobail san earnáil a sheoladh in 2026.

# Inbhuanaitheacht (innéacs albert)

ALBERT Léiriúchán Deimhnithe

ALBERT Certified Production



## Seoladh comhpháirtíochta BAFTA Albert

Bhain Coimisiún na Meán garsprioc thábhachtach amach inár dtiomantas do thionscal meán a chothú atá freagrach ar bhonn comhshaoil agus sóisialta i mí an Mhárta 2025 nuair a seoladh comhaontú comhpháirtíochta idir Coimisiún na Meán agus áireamhán carbóin BAFTA ALBERT do thionscal scannán agus teilifíse na hÉireann. Tacaíonn an t-áireamhán leis an tionscal scannán agus teilifíse tionchar comhshaoil a bhíonn ag léiriúcháin a laghdú.

Tugann an chomhpháirtíocht rochtain ar oiliúint agus ar thacaíocht atá saincheaptha ar bhonn réigiúnach ar feadh an phróisis deimhniúcháin.D'oibrigh an fhoireann Forbartha Meán i ndlúthchomhar le craoltóirí, compántais léiriúcháin, agus le comhairleoirí inbhuanaitheachta chun muinín agus saineolas a fhorbairt maidir leis an uirlis sin a úsáid go héifeachtach.

## Sustainable Media Ireland

Tugann Sustainable Media Ireland (SMI) earnáil mheáin na hÉireann le chéile chun bheith ag foghlaim, ag comhroinnt eolais agus taithí agus ag obair i gcomhar lena chéile ar thionscnaimh agus feachtais inbhuanaitheachta.I mí Eanáir 2025, d'óstáil Virgin Media comhdháil bhliantúil SMI le tacaíocht ó fhoireann Forbartha Meán Choimisiún na Meán.

Tháinig comhaltaí den líonra le chéile chun plé a dhéanamh ar an ról atá ag na meáin i ngníomhú ar son na haeráide i dtimthriall nua polaitiúil.Ba í Máire Mhic Róibín an príomhchainteoir, an chéad bhean a bhí ina hUachtarán ar Éirinn, Iar-Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, Iar-Chathaoirleach Sheanóirí na Cruinne, agus duine a oibríonn go gníomhach ar son ceartas aeráide agus comhionannas inscne.

## Inbhuanaitheacht (innéacs albert) (ar lean)

**Sraith Lóin agus Léinn:**

D'óstáil an líonra seisiúin Lóin agus Léinn ar líne freisin inar cumhdaíodh raon leathan topaicí.

- **IS, Ionaid Sonraí agus Éire** leis an Dr. Ciarán O'Carroll as TUD agus Screen Ireland, agus Conor O'Carroll, iriseoir imscrúdaitheach le The Journal.
- **Scannánóir faoi thoinn Ken O'Sullivan**
  Tugann Ken O'Sullivan léargas ar a chuid oibre i mbun scannánaíochta agus ag tumadóireacht i bhfarraigí ar fud na cruinne.
- **Ours to Protect**
  Ar chúl an mhicreafóin ar an togra speisialta raidió Éireannach a thugann 23 stáisiún Éireannach le chéile chun ábhar fuaime a chruthú maidir leis an athrú aeráide agus an comhshaol

Sinéad Crowley, Stiúrthóir ar Fhorbairt na Meán i mbun comhrá leis an bpríomhchainteoir Máire Mhic Róibín ag Stiúideonna Teilifíse Virgin Media Television (28 Eanáir 2025)





Grúpa Stiúrtha Sustainable Media Ireland

# Maoiniú d'Fhuaim agus Fís

## An Ciste Craolacháin

Feidhmíonn an Ciste Craolacháin mar uirlis ríthábhachtach chun roinnt spriocanna straitéiseacha tábhachtacha de chuid Choimisiún na Meán a chur chun cinn. Ach síneadh a chur le hinfhaighteacht agus inrochtaineacht ábhar closamhairc agus fuaime Gaeilge agus ábhair atá tábhachtach go cultúrtha do lucht féachana in Éirinn, ní hamháin go gcuirtear chun cinn cruthaitheacht agus nuálaíocht leis an gciste ach cothaítear níos mó inbhuanaitheachta laistigh de na hearnálacha craoltóireachta agus léiriúcháin neamhspleácha freisin. Anuas air sin, cuireann an maoiniú a leithdháileadh ón gciste go gníomhach leis na cuspóirí inscne, comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsitheachta, rud lena gcinntítear go léirítear tuairimí ó chúlraí éagsúla, lena n áirítear tuairimí ban agus grúpaí mionlaigh agus tacaítear leo sa tionscal.

Bainistímid an riarachán a dhéantar ar dhá scéim maoinithe le haghaidh ábhar/cláir chraolacháin faoin gCiste Craolacháin de bhun an Achta um Craolachán agus Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022, ("an tAcht"). Cuimsíonn an t ioncam ón gciste 7% de na glanfháltais bhliantúla ó tháillí ceadúnais teilifíse.

Forbraíodh agus feidhmíodh dhá Scéim go dtí seo:

1. An Scéim Cartlainne
2. Fuaim agus Fís 4

## An Scéim Cartlainne

Leis an Scéim Maoinithe d'Ábhar Clár a Chartlannú ("An Scéim Cartlainne") cuirtear tacaíocht mhaoinithe ar fáil chun cultúr cartlainne a fhorbairt in earnáil craolacháin na hÉireann, rud a chabhróidh chun oidhreacht chraolacháin na hÉireann a chaomhnú. Baineann an scéim le bunábhar clár, agus fógraí a chraoltar go hiomlán nó go páirteach nó a thaifeadtar lena gcraoladh ar an raidió agus/nó ar an teilifís.

Le hathbhreithniú reachtach ar an dara leagan den Scéim Cartlainne (Scéim Cartlannaithe 2), a tugadh chun críche in 2022, rinneadh measúnú ar a hoibríocht, éifeachtacht agus tionchar. Chuir torthaí agus moltaí an athbhreithnithe sin bonn eolais faoi fhorbairt na chéad Scéime Cartlainne eile arna déanamh ag Coimisiún na Meán, "Scéim Cartlainne 3" a cuireadh faoi bhráid na Roinne lena breithniú ag an Aire.

## Fuaim agus Fís 4

Le Fuaim agus Fís 4 cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil do chraoltóirí agus do chuideachtaí léiriúcháin neamhspleácha chun ábhar ilghnéitheach atá ábhartha ó thaobh cultúir de a chruthú ar fud na teilifíse agus an raidió. Ar cheann de phríomhchuspóirí Fuaim agus Fís 4, tá infhaighteacht agus infheictheacht clár Gaeilge agus ábhair atá tábhachtach ó thaobh cultúir de a mhéadú don lucht féachana in Éirinn agus níos faide i gcéin. Ach é sin a dhéanamh, tá ról ríthábhachtach ag an scéim maidir le hoidhreacht shaibhir teanga agus chultúrtha na hÉireann a chaomhnú agus a chur chun cinn.

Le Fuaim agus Fís 4, rannchuidítear freisin le fás agus inbhuanaitheacht na n earnálacha craolacháin agus léiriúcháin neamhspleách ach acmhainní airgeadais a chur ar fáil chun ábhar closamhairc ardchaighdeáin a fhorbairt, a léiriú agus a dháileadh. Leis an tacaíocht sin cuidítear le cruthaitheacht agus nuálaíocht a chothú laistigh den tionscal agus an tráth céanna éascaítear iniúchadh a dhéanamh ar fhormáidí agus teicnící scéalaíochta nua.

Maoiniú d'Fhuaim agus Fís (ar lean)

## Fuaim agus Fís 4 in 2025

In 2025, d'fhógraíomar torthaí na dtrí bhabhta maoinithe a oibríodh faoi Fuaim agus Fís 4.

Rinne painéil mheasúnaithe measúnú ar 365 iarratas a bhí ag lorg beagán os cionn €40.5 milliún i maoiniú iomlán. Faoi dheireadh na bliana, chuir an Scéim maoiniú €14.2 milliún ar fáil chun tacú le léiriú 160 tionscadal.

Ina theannta sin, osclaíodh babhta eile d'Fhuaim agus Fís, babhta 58, i mí Dheireadh Fómhair 2025, agus fuarthas 172 iarratas ina rabhthas ag lorg maoiniú €20.2 milliún san iomlán. Táthar ag súil go bhfógrófar torthaí ón mbabhta seo i mí an Mhárta 2026.

| Babhta Maoinithe | Iarratais Iomlána a Measúnaíodh | Iomlán an Mhaoinithe a Iarradh | Iarratais Iomlána ar Éirigh Leo | Maoiniú Iomlán a Tairgeadh |
|---|---|---|---|---|
| Babhta 55 - Babhta Oscailte | 159 | € 18,295,258.45 | 84 | € 7,079,580.00 |
| Babhta 56 - Babhta Oscailte | 183 | € 21,449,778.24 | 57 | € 6,459,673.00 |
| Babhta 57 - Babhta Sochair Shóisialta | 23 | € 802,912.53 | 19 | € 742,176.00 |
| **Móriomlán** | **365** | **€ 40,547,949.22** | **160** | **€ 14,281,429.00** |

## Babhta 55 - Fógraíodh na cinntí i Márta 2025

Rinneadh measúnú ar 159 iarratas sa bhabhta sin, agus lorgaíodh beagán os cionn €18.2 milliún. Thairg an Coimisiún maoiniú €7.079 milliún chun tacú le léiriú 84 tionscadal. Mar chuid den mhéid sin bhí maoiniú breise dar luach €1 mhilliún ón státchiste a d'éirigh leis an Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt a fháil. Chuir babhta 55 maoiniú ar fáil chun tacú le 25 tionscadal teilifíse agus 59 tionscadal raidió a dhéanamh. Tacóidh nach mór 35% den mhaoiniú chun ábhar Gaeilge nó dátheangach a léiriú agus leithdháilfear nach mór an ceathrú cuid den mhaoiniú ar thionscadail atá dírithe ar leanaí agus daoine óga, rud a chuideoidh chun réimse leathan clársceidealúcháin a léiriú do gach aoisghrúpa. Tairgeadh 92% den mhaoiniú do thionscadail a chuir léiritheoirí neamhspleácha isteach.

## Babhta 56 - Fógraíodh na cinntí i mí Mheán Fómhair 2025

Cuireadh isteach 183 iarratas faoi Bhabhta 56 den Scéim le measúnú a dhéanamh orthu, agus os cionn €21.4 milliún á lorg. Bhronn an Coimisiún beagán os cionn €6.4 milliún de mhaoiniú chun tacú le 18 tionscadal teilifíse agus 39 tionscadal raidió a dhéanamh. Leithdháileadh díreach os cionn €2.9 milliún nó beagnach 46% ar thionscadail Ghaeilge nó dhátheangacha a chraolfar ar chainéil éagsúla. Tairgeadh 97% den mhaoiniú ar thionscadail arna gcur isteach ag léiritheoirí neamhspleácha, lena n-áirítear €750,000 do léiritheoirí raidió neamhspleácha.

Maoiniú d'Fhuaim agus Fís (ar lean)

## Babhta 57 - Cinntí a fógraíodh i Meitheamh 2025

Ba Bhabhta Sochair é Babhta 57 a dhírigh go sonrach ar Chraoltóirí Pobail agus treoir aige ón mBeartas um Meáin Phobail agus ón gCreat Sochair. Bronnadh beagán os cionn €742,000 ar 19 gCraoltóir Pobail a léirigh an chaoi a n-úsáidfidís an maoiniú chun rochtain fheabhsaithe ar a bpobail féin agus ionadaíocht ar na pobail sin a éascú agus chun rannpháirtíocht an phobail maidir le léiriú agus leithdháileadh ábhar craoltóireachta a mhéadú. Thacaigh an maoiniú leis na craoltóirí pobail freisin, agus cuireadh deiseanna clársceidealúcháin, oiliúna agus forbartha ar fáil do bhaill foirne agus d'oibrithe deonacha an stáisiúin.

## Babhta 58 – A seoladh i mí Dheireadh Fómhair 2025

Osclaíodh Babhta 58 i mí Dheireadh Fómhair 2025 agus dúnadh é an 27 Samhain. Fuarthas 172 iarratas inar lorgaíodh maoiniú iomlán d'os cionn €20 milliún faoin spriocdháta agus táthar ag súil leis na cinntí maoinithe i Márta 2026. Mar chuid den mhaoiniú a leithdháilfear sa bhabhta seo beidh €1.4 milliún breise de mhaoiniú ón státchiste a d'éirigh leis an Aire Cultúir, Cumarsáide, agus Spóirt a bhaint amach.

## Forléargas ar Mhaoiniú arna Mholadh

| Meán | Iarratais Iomlána a Measúnaíodh | Iomlán an Mhaoinithe a Iarradh | Iarratais Iomlána ar Éirigh Leo | Maoiniú Iomlán a Tairgeadh | % |
|---|---|---|---|---|---|
| Raidió | 232 | € 4,375,411.14 | 115 | € 2,360,703.00 | 17% |
| Teilifís | 133 | € 36,172,538.08 | 45 | € 11,920,726.00 | 83% |
| **Iomlán** | **365** | **€ 40,547,949.22** | **160** | **€ 14,281,429.00** | **100%** |

| Formáid an Chláir | Iarratais Iomlána a Measúnaíodh | Iomlán an Mhaoinithe a Iarradh | Iarratais Iomlána ar Éirigh Leo | Maoiniú Iomlán a Tairgeadh | % |
|---|---|---|---|---|---|
| Beochan | 18 | € 6,179,991.00 | 4 | € 1,486,000.00 | 10% |
| Clár Faisnéise | 184 | € 11,921,541.26 | 75 | € 4,391,001.00 | 31% |
| Drámaíocht | 59 | € 13,392,328.77 | 24 | € 3,903,008.00 | 27% |
| Oideachas | 18 | € 1,070,776.43 | 7 | € 643,846.00 | 5% |
| Siamsaíocht | 63 | € 7,180,399.23 | 31 | € 3,115,398.00 | 22% |
| Babhta Sochair Shóisialta | 23 | € 802,912.53 | 19 | € 742,176.00 | 5% |
| **Iomlán** | **365** | **€ 40,547,949.22** | **160** | **€ 14,281,429.00** | **100%** |

Maoiniú d'Fhuaim agus Fís (ar lean)

## Forléargas ar Mhaoiniú arna Mholadh

| Clár Seánra | Iarratais Iomlána a Measúnaíodh | Iomlán an Mhaoinithe a Iarradh | Iarratais Iomlána ar Éirigh Leo | Maoiniú Iomlán a Tairgeadh | % |
|---|---|---|---|---|---|
| Ealaíona/Cultúr | 90 | € 8,174,149.68 | 39 | € 2,584,663.00 | 18% |
| Do Leanaí | 34 | € 8,106,839.85 | 18 | € 3,428,207.00 | 24% |
| An tsochaí chomhaimseartha | 93 | € 15,133,242.95 | 29 | € 4,010,752.00 | 28% |
| Oideachas | 1 | € 9,444.00 | | | 0% |
| Stair/ Oidhreacht | 95 | € 5,479,366.05 | 37 | € 1,375,233.00 | 10% |
| Litearthacht sna Meáin | 5 | € 353,035.00 | 3 | € 273,340.00 | 2% |
| Eolaíocht /Dúlra/ An Comhshaol | 24 | € 2,488,959.16 | 15 | € 1,867,058.00 | 13% |
| Sochar Sóisialta | 23 | € 802,912.53 | 19 | € 742,176.00 | 5% |
| **Iomlán** | **365** | **€ 40,547,949.22** | **160** | **€ 14,281,429.00** | **100%** |

| Teanga an Chláir | Iarratais Iomlána a Measúnaíodh | Iomlán an Mhaoinithe a Iarradh | Iarratais Iomlána ar Éirigh Leo | Maoiniú Iomlán a Tairgeadh | % |
|---|---|---|---|---|---|
| Béarla | 271 | € 26,513,444.42 | 119 | € 8,681,129.00 | 61% |
| Gaeilge | 32 | € 5,278,360.50 | 17 | € 2,549,689.00 | 18% |
| Dátheangach | 58 | € 8,656,727.80 | 22 | € 2,979,003.00 | 21% |
| Dátheangach nó ilteangach (Béarla ann) | 4 | € 99,416.50 | 2 | € 71,608.00 | 1% |
| **Iomlán** | **365** | **€ 40,547,949.22** | **160** | **€ 14,281,429.00** | **100%** |

Maoiniú d'Fhuaim agus Fís (ar lean)

# Forléargas ar Mhaoiniú arna Mholadh

| An Sprioclucht Féachana nó Éisteachta | Iarratais Iomlána a Measúnaíodh | Iomlán an Mhaoinithe a Iarradh | Iarratais Iomlána ar Éirigh Leo | Maoiniú Iomlán a Tairgeadh | % |
|---|---|---|---|---|---|
| <15 | 28 | € 6,781,847.85 | 15 | € 3,155,740.00 | 22% |
| 15-34 | 21 | € 2,709,570.55 | 9 | € 811,397.00 | 6% |
| 35-54 | 36 | € 5,025,904.95 | 13 | € 1,341,961.00 | 9% |
| Daoine fásta ar fad | 190 | € 20,190,318.28 | 75 | € 5,932,588.00 | 42% |
| Teaghlach | 67 | € 5,037,395.06 | 29 | € 2,297,567.00 | 16% |
| Sochar Sóisialta | 23 | € 802,912.53 | 19 | € 742,176.00 | 5% |
| **Iomlán** | **365** | **€ 40,547,949.22** | **160** | **€ 14,281,429.00** | **100%** |

| Cineál Seirbhíse | Iarratais Iomlána a Measúnaíodh | Iomlán an Mhaoinithe a Iarradh | Iarratais Iomlána ar Éirigh Leo | Maoiniú Iomlán a Tairgeadh | % |
|---|---|---|---|---|---|
| Raidió Tráchtála | 127 | € 2,539,399.71 | 53 | € 1,053,686.00 | 7% |
| Teilifís Tráchtála | 8 | € 3,034,523.00 | 6 | € 2,204,287.00 | 15% |
| Raidió Pobail | 78 | € 1,183,349.84 | 45 | € 853,654.00 | 6% |
| Teilifís Phobail | 12 | € 766,443.04 | 4 | € 267,815.00 | 2% |
| Raidió PSB | 27 | € 652,661.59 | 17 | € 453,363.00 | 3% |
| Teilifís PSB | 84 | € 22,254,832.04 | 34 | € 9,148,624.00 | 64% |
| Ní bhaineann le hábhar | 29 | € 10,116,740.00 | 1 | € 300,000.00 | 2% |
| **Iomlán** | **365** | **€ 40,547,949.22** | **160** | **€ 14,281,429.00** | **100%** |

| Cineál Iarrthóra | Iarratais Iomlána a Measúnaíodh | Iomlán an Mhaoinithe a Iarradh | Iarratais Iomlána ar Éirigh Leo | Maoiniú Iomlán a Tairgeadh | % |
|---|---|---|---|---|---|
| Craoltóir | 108 | € 2,696,617.54 | 49 | € 1,417,352.00 | 10% |
| Léiritheoir Neamhspleách | 257 | € 37,851,331.68 | 111 | € 12,864,077.00 | 90% |
| **Iomlán** | **365** | **€ 40,547,949.22** | **160** | **€ 14,281,429.00** | **100%** |

Maoiniú d'Fhuaim agus Fís (ar lean)

## Tionscadail Shuntasacha ar Tairgeadh Maoiniú Dóibh in 2025

- **A Day in May** – Leis an gclár faisnéise seo, arna léiriú ag John Kelleher Media lena chraoladh ar Theilifís an Oireachtais, machnófar ar chuimhneachán 10 mbliana Reifreann 2015 ar Phósadh. Tabharfaidh an drámadóir Colin Murphy athchuairt ar thrasghearradh éagsúil de phobal LADT in Éirinn, daoine ar bhuail Charlie Bird leo 10 mbliana roimhe sin dá leabhar A Day in May. Is é is aidhm don chlár tuiscint a fháil ar conas a thit Reifreann 2015 ar Phósadh amach agus cad is féidir linn a fhoghlaim uaidh inniu.
- **Try!** – Tá Try!, a léirigh Pipedream Productions, lena chraoladh ar Virgin Media One, ina léiriú ar cheathrar carachtar éagsúil a scriosann steiréitíopaí agus a sháraíonn bacainní, ar an bpáirc agus lasmuigh di, ar a dturas chuig Corn an Domhain sa Rugbaí don Chumas Measctha in Pamplona i mí an Mheithimh 2025. Sa scéal ionchuimsitheachta spreagúil seo, tá ceathrar imreoirí, atá agus nach bhfuil faoi mhíchumas, a oibríonn agus a imríonn le chéile chun a mbrionglóid a bhaint amach maidir le Corn an Domhain a bhuachan.
- **One Sweet Hour** – Le craoladh ar RTÉ, baineann an príomhscannán drámaíochta seo le haithriseoir Elvis atá ag dul in aois agus a thugann aghaidh ar a chuid fadhbanna, ar deireadh, faoi mar a thugann sé turas ar chanálacha Lár na Tíre ar bhád lena dheartháir nach raibh feicthe le fada an lá aige agus a d'fhág a shaol le déanaí i mainistir. Is é Declan Recks a bheidh ina stiúrthóir ar an scannán, scríofa ag Eugene O'Brien, agus a léireoidh Samson Films.
- **Wordsmith** – Arna léiriú ag Padraic Flaherty lena chraoladh ar Clare FM, agus sa chlár faisnéise seo, fiosrófar saol agus oidhreacht Edna O'Brien, údar úrscéalta, drámaí agus gearrscéalta a rugadh i gContae an Chláir. Lena cuid saothar, lena n áirítear an tríológ choiscthe The Country Girls, athmhúnlaíodh insint nua-aimseartha na hÉireann.
- **Misinformation Nation** – Léirigh Virgin Media é lena chraoladh ar Virgin Media One, agus leis an tsraith faisnéise, fiosraítear mífhaisnéis sa ré dhigiteach in Éirinn agus an tionchar atá aici ar an tsochaí i gcoitinne.
- **Lí Ban: The Quest for Mídenn** – Léireoidh Paper Owl Films Limited an dara sraith den anime eachtraíochta atá dátheangach agus an chorraitheach do leanaí idir 7 agus 9 mbliana d'aois lena chraoladh ar Chúla 4. Leathnaíonn an véarsa scéalaíochta Lí Ban le misean chun Mídenn a tharrtháil ón urchóid Balor. Tá miotais atá úrnua ach ársa, naimhde fíochmhara agus draíocht de chuid na gCeilteach le feiceáil ann, le cailín óg amháin agus a cara dílis lárnach iontu, agus iad cróga, umhal agus tiomanta an bua a fháil.
- **Tionscadal Ceoil Choláiste Pobail Rath Dara** – Sa tsraith trí chuid seo do stáisiún raidió an phobail, Phoenix FM, leanann na héisteoirí daltaí na hIdirbhliana i scoil DEIS i mBaile Átha Cliath ar thuras cumadóireachta ceoil. Le tacaíocht ó ghairmithe, déanann siad tobsmaointeoireacht ar théamaí agus seánraí, cumann, seinneann, taifeadann agus meascann siad a bpíosa ceoil agus cuireann siad a gceol chun cinn ar líne.
- **Anam na Mara** – I gclár faisnéise Gaeilge a léirigh Venom Films lena chraoladh ar TG4, breathnófar ar dhomhan cumhachtach agus fíoriomaíoch na rásaíochta curaí. I measc geallta bád diana, leanaimid grúpa fear ó phobal Gaeilge iargúlta a bhíonn ag rámhaíocht le haghaidh i bhfad níos mó ná boinn agus cearta maímh.
- **Poetic Keys: An Ode to County Clare** – sa tsraith seo déantar ceiliúradh ar fhilíocht shaibhir Chontae an Chláir, agus cuirfidh duine de na pianódóirí traidisiúnta is fearr in Éirinn ceol léi. Cuirtear le macalla mothúchánach gach píosa leis an meascán seo de véarsa agus d'fhonn, atá bunaithe ar an oidhreacht áitiúil, agus cuirtear beocht i spiorad Chontae an Chláir. Arna léiriú ag Padraic Flaherty lena chraoladh ar Clare FM.
- **Do Not Watch Alone** – sraith drámaíochta díolama do pháistí atá tarraingteach, siamsúil agus stíliúil. Deich scéal nua-aimseartha, ina bhfuil insintí aoisoiriúnacha fantaiseacha, iontacha, a dearadh chun tuiscint agus meas níos fearr a chothú ar chultúr, oidhreacht, agus eispéireas na hÉireann i measc lucht féachana níos óige. Arna léiriú ag Firebrand Productions lena chraoladh ar RTÉ 2

Maoiniú d’Fhuaim agus Fís (ar lean)



- **Mí Ceoil na hÉireann 2025** – togra de chuid Hot Press agus de chuid Chraoltóirí Neamhspleácha na hÉireann (CNÉ) chun tacú le healaíontóirí Éireannacha. Is éard atá i gceist leis ná go gcuirfear go mór le ham craolta cheol agus ealaíontóirí na hÉireann ar stáisiúin raidió ar fud na hÉireann atá ag glacadh páirt ann. Arna léiriú ag Hot Press lena chraoladh ar réimse stáisiún raidió tráchtála.
- **Brain Doctors 2** – Is éard atá i gceist le Brain Doctors ná bliain nua i saol na rannóige néareolaíochta in Ospidéal Beaumont agus na foirne leighis agus tacaíochta den scoth a bhíonn ag obair ann gach lá chun beatha a n-othar a shábháil, agus iad ag dul i ngleic le brú oibre san am céanna, brú nach bhfuil taithí ag mórán againn air. Arna léiriú ag Tyrone Productions lena chraoladh ar Virgin Media One.
- **Lessons in Awe** –sraith raidió i gcomhar le Síciteiripeoir do Leanaí agus Daoine Óga. I measc na n-ábhar a phléifear, beidh teaghlach, pobal, spórt, nádúr, spraoi agus misneach. Arna léiriú ag Radio Kerry lena chraoladh ar an stáisiún céanna.
- **The Yank** – Agus í i mbun clár malartaithe leis an nGarda Síochána i nGaillimh, tarraingítear an bleachtaire sinsearach de chuid an NYPD, Nora Hill, isteach in imscrúdú ar dhúnmharú mná óige, ar fheachtasóir ar son na haeráide i gConamara í, agus an Ceannfort Walter Folan i gceannas air. Agus í i mbun an imscrúdaithe, caithfidh sí aghaidh a thabhairt ar a tráma féin agus na daoine siúd is mó léi a chur i mbaol. Arna léiriú ag Keeper Pictures lena chraoladh ar RTÉ One.
- **Talking Stuff About Media** – Ag obair le Coláiste Dhúlaigh, tugtar grúpa mac léinn le chéile sa tionscadal seo, chun plé a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla den litearthacht sna meáin leis an lucht léinn, le hiriseoirí agus le saineolaí sa réimse sin. Le linn na sraithe, cuirfear dúshlán roimh na mic léinn an méid ama a chaitheann siad ar scáileáin a laghdú, chomh maith leis an méid ama a chaitheann siad ar na meáin shóisialta. Arna léiriú ag Near FM lena chraoladh ar an stáisiún céanna.
- **Seeding the Future** – Is gnéchlár faisnéise nua iontach é Seeding the Future, ina mbaintear úsáid as cur chuige scríofa litreach úrnua chun mósáic de ghuthanna comhaimseartha a ghabháil agus an bhuncheist cheannann chéanna á cur acu uilig: ‘I saol na géarchéime éiceolaíochta seo, conas is féidir linn leas a bhaint as cumhacht chlaochlaitheach an phobail chun todhchaí níos fearr a chruthú?’ Arna léiriú ag Anú Pictures lena chraoladh ar DCTV.
- **Doodle Girl Series 2** – In Doodle Girl, cuirtear domhan samhlaíoch cruthaitheach a bhíonn aisteach go minic i láthair, taobh istigh de leabhar sceitseála. Filleann ár laoch, Doodle Girl, don dara sraith lena peann luaidhe draíochta chun taiscéalaíocht a dhéanamh, cairde a dhéanamh, agus dar ndóigh, bheith ag breacadaíl! Arna léiriú ag Studio Meala agus lena chraoladh ar RTÉjr.

Maoiniú d’Fhuaim agus Fís (ar lean)

## Samplaí de na tionscadail a maoiníodh faoi Bhabhta 57, Babhta Sochair Shóisialta do Chraoltóirí Pobail:

- Tá sé beartaithe ag **Athlone Community Radio** eolaire cuimsitheach pobail a chur le chéile ina mbeidh 240 clár deich nóiméad le grúpaí agus clubanna áitiúla. Léireoidh gach mír grúpa éagsúil, míneoidh sí a gcuid gníomhaíochtaí, agus tabharfaidh sí eolas faoi conas is féidir le daoine páirt a ghlacadh. Cuirfidh sé seo infheictheacht, inrochtaineacht agus rannpháirtíocht chun cinn thar réimse leathan eagraíochtaí pobail.
- Bainfidh **Castlebar Community Radio** úsáid as an maoiniú chun 30 bliain ar an aer a cheiliúradh trí mheascán bríomhar de cláir a léiriú, lena n-áirítear léirithe beo ceoil agus cláir faisnéise spóirt. Cuirfidh an stáisiún oiliúint ar fáil freisin don fhoireann agus d’oibrithe deonacha, rud a fheabhsóidh scileanna agus a chothóidh rannpháirtíocht an phobail. Oibreoidh siad i gcomhar le grúpaí áitiúla éagsúla, agus tosaíocht á tabhairt acu don ionchuimsitheacht shóisialta agus ardán á chur ar fáil do ghuthanna nach gcloistear go minic.
- Tá sé mar aidhm ag **Claremorris Community Radio** rannpháirtíocht an phobail, rochtain agus úinéireacht áitiúil a neartú trína thionscadal ‘Voices of Claremorris’. Cuimsíonn an tionscnamh seo cúig ghníomhaíocht éagsúla atá ceaptha chun cláir reatha an stáisiúin a shaibhriú agus a ról mar ardán do léiriú agus do rannpháirtíocht an phobail a neartú.
- Oibreoidh **Cork Community TV** i gcomhar le soláthraithe oideachais i bpobail áitiúla chun cláir oideachais a fhiosrú agus a fhorbairt a bhfuil prionsabail an oideachais phobail mar bhonn eolais orthu. Mar chuid den tionscnamh seo, léireoidh an stáisiún clár píolótach i gcomhpháirt le Gael-Taca agus an Grúpa Forbartha Gaeilge, arb é is aidhm dó úsáid na Gaeilge a spreagadh agus rannpháirtíocht chultúrtha a chur chun cinn.
- Léireoidh **DCTV** fiche clár 30 nóiméad agus ábhar ar líne i gcomhar le grúpaí pobail ó Líonra Rannpháirtíochta Pobail Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Cuirfidh an tionscadal deiseanna oiliúna agus forbartha ar fáil do rannpháirtithe i léiriú ábhair agus é d’aidhm aige a gcuid scileanna a fheabhsú le go mbeidh ar a gcumas ábhar a chruthú fúthu féin amach anseo.
- Bronnadh maoiniú ar **Near FM** chun cur lena chuid oibre atá dírithe ar an bpobal i réimsí na hoiliúna, an léiriúcháin, na for-rochtana agus chun taithí oibre a sholáthar. Ag tógáil ar shamhail atá cruthaithe cheana féin, cothóidh an stáisiún cruthaitheacht agus nascadh tríd an rannpháirtíocht struchtúrtha, lena n-áirítear an tsraith leanúnach Candid Conversations, ina roinneann baill de dhiaspóra na hAfraice a dtaithí ar shaol in Éirinn.
- Cuirfidh **Phoenix FM** sochar sóisialta ar fáil trí chlár oiliúna cuimsitheach, praiticiúil, rud a leathnaíonn ar an obair a forbraíodh lena chlár suaitheanta, D15 Today. Treiseoidh an tionscnamh rannpháirtíocht an phobail trí fhor-rochtain, oiliúint agus craoltóireacht thacaithe, trí bheith ag plé le grúpaí faoi ghannionadaíocht agus trí ghuth a thabhairt do phobail éagsúla Bhaile Átha Cliath.
- D’iarr **Raidió na Life** ar mhaoiniú chun tacú le Cúntóir Forbartha páirtaimseartha dul ag obair i gcomhar le hOifigeach Forbartha agus Oiliúna reatha an stáisiúin. Tacóidh an ról seo le hoiliúint oibrithe deonacha trí mheán na Gaeilge agus cuirfidh sé le forbairt clár Gaeilge amhail Beo Beoga agus Abair Leat, rud a rachaidh chun tairbhe don phobal labhartha Gaeilge.
- Léireoidh **Ros FM** breis agus 500 uair an chloig d’ábhar thar naoi snáithe cláir ar leith; gach ceann díobh ceaptha chun guthanna faoi ghannionadaíocht a threisiú agus sochar sóisialta fiúntach a chur ar fáil. Cuirfidh maoiniú d’Oifigeach Forbartha páirtaimseartha feabhas ar fhor-rochtain an phobail agus tacóidh sé le hearcú oibrithe deonacha.
- Tabharfaidh **Youghal Community Radio** léiriú raidió isteach sa phobal trí rannpháirtíocht struchtúrtha le scoileanna, ionaid chónaithe, agus cláir taithí oibre. Cuirfidh ceithre thionscadal thiomnaithe ionchuimsitheacht agus comhtháthú sóisialta chun cinn, neartóidh siad comhpháirtíochtaí agus leathnóidh siad tionchar an stáisiúin ar fud an phobail.

Maoiniú d'Fhuaim agus Fís (ar lean)

## Maoiniú ar Ábhar Gaeilge

Is foinse maoinithe ríthábhachtach í Fuaim agus Fís 4 fós chun cláir Ghaeilge/ dhátheangacha a léiriú a chuimsíonn raon formáidí agus seánraí in ábhar raidió agus teilifíse, a fhreastalaíonn ar lucht féachana do dhaoine fásta agus daoine óga araon. In 2025, tríd an scéim, bronnadh maoiniú €5.5 ar chláir den sórt sin tríd an scéim, arb ionann é agus thart ar 39% den mhaoiniú iomlán a cuireadh ar fáil.

**I measc na dtionscadal mór le rá bhí:**

- **Crá Sraith 2** – Mistéir, marú agus fear faoi bhrú. Déanann Crá Sraith 2 iniúchadh ar shaol pearsanta agus gairmiúil fhorfheidhmithe an dlí i dtír gan dlí. Is faoi bleachtaire atá faoi oiliúint (Conall) Crá Sraith 2, tá sé ag éalú ó na rudaí a rinne sé san am a chuaigh thart. Is sraith í le greann dorcha, cor, casadh agus cásanna go leor. Arna léiriú ag Meangadh Fíbín lena chraoladh ar TG4.
- **Cuan an Cheoil 6** – is sraith ceoil é Cuan an Cheoil le le 10 n-eipeasóid 90 nóiméad le mórcheoltóirí na Gaeilge, taifeadta beo i Stiúideo Cuan sa Spidéal, le duine de mhórphearsaí ceoil na hÉireann, Liam Ó Maonlaí mar láithreoir agus é i mbun ceoil agus comhrá leis na haíonna. Atmaisféar teolaí, pearsanta, machnamhach le scoth an cheoil, comhrá agus amhránaíochta ó phlúr na gceoltóirí. Arna léiriú ag Stiúideo Cuan lena chraoladh ar RTÉ Raidió na Gaeltachta.
- **Dilín ag Damhsa** – sraith réamhscoile úrnua, agus nuálach is ea Dilín ag Damhsa. Molann Dilín do leanaí idir 3-5 bliana d'aois a gcorp a bhogadh, a gcuid scileanna comhordaithe & luaile a fhorbairt, agus Gaeilge a labhairt. Gluaiseacht atá ann go príomha, fite fuaite le miotaseolaíocht, cultúr, agus teanga na hÉireann i ngach uile chasadh, céim, agus tuisle. Arna léiriú ag Macalla lena chraoladh ar Cúla 4.

## Níos mó ban a spreagadh agus tacú leo i bpríomhróil chruthaitheacha

Lean Fuaim agus Fís 4 ag cur a chuspóra ar fáil chun spreagadh a thabhairt agus tacú le níos mó ban i bpríomhróil chruthaitheacha i gcláir arna maoiniú ag an scéim. Measúnú a dhéanamh ar shonraí lena ngabhtar treochtaí le himeacht ama agus rochtain a fháil orthu, mar aon le sonraí ó iarratais arna maoiniú maidir le hionadaíocht na mban i gcúig phríomhról chruthaitheacha: Bailítear agus déantar anailís ar shonraí maidir leis an Léiritheoir, Stiúrthóir, Scríbhneoir, Stiúrthóir Grianghrafadóireachta (DOP), agus Eagarthóir.

Leanadh leis an treocht dhearfach maidir le daoine a aithníonn iad féin mar mhná i bpríomhróil chruthaitheacha in 2025, lena n-áirítear an méadú dearfach ar líon na mban i ról an Stiúrthóra Grianghrafadóireachta (teilifís). As na 45 tionscadal teilifíse ar tairgeadh maoiniú dóibh faoin scéim in 2025, bhí 65% de róil na léiritheoirí agus 70% de na stiúrthóirí liostaithe mar mhná.

**53%**
As na 115 tionscadal raidió ar tairgeadh maoiniú dóibh, mná a bhí i 53% de róil na léiritheoirí.

## Inrochtaineacht ar Chlársceidealú atá Maoinithe ag Fuaim agus Fís

Chun tuiscint agus taitneamh a bhaint as cláir theilifíse i measc daoine a bhfuil deacrachtaí amhairc agus/nó éisteachta acu a éascú, éilíonn Fuaim agus Fís go gcuirtear fotheidil ar fáil ar a laghad le gach clár teilifíse atá maoinithe, agus ag brath ar leagan amach an chláir atá maoinithe, tá ceanglais bhreise ann maidir le Tráchtaireacht Fuaime (TF) agus/nó Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) a sholáthar. Molann an Coimisiún go láidir go gcuirfí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) agus Tráchtaireacht Fuaime (TF) ar fáil ar an oiread tionscadail teilifíse maoinithe agus is féidir, agus meastar sa scéim go bhfuil na costais a bhaineann le gach seirbhís rochtana incháilithe.

Le Fuaim agus Fís maoiníodh 45 tionscadal teilifíse in 2025, agus soláthrófar fotheidil sna tionscadail uile. Ina theannta sin, beartaíodh in 39 díobh go soláthrófar tráchtaireacht fuaime agus beartaíodh go soláthrófar Teanga Chomharthaíochta na hÉireann in 33 díobh.

Maoiniú d'Fhuaim agus Fís (ar lean)

## Tobhach Ábhair na Saothar Eorpach

Thug an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (AVMSD) isteach an fhéidearthacht do thíortha Eorpacha oibleagáidí airgeadais a fhorchur ar sholáthraithe seirbhíse meán a dhíríonn ar lucht féachana/éisteachta ina ndlínse. Trasuíonn an tAcht Airteagal 13 de AVMSD i ndlí na hÉireann. Le hAirteagal 13(2) de AVMSD tugtar an rogha do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (AE) oibleagáidí airgeadais a fhorchur ar sholáthraithe seirbhíse meán (SSManna) a dhíríonn ar lucht féachana laistigh dá dteorainneacha, ach atá bunaithe i mBallstát eile.

Le Cuid 10, Alt 159E den Acht tugtar an chumhacht do Choimisiún na Meán, faoi réir cheadú an Aire, chun tobhach na Saothar Eorpach ("tobhach") a chur ar bun ar mhaithe le scéim a mhaoiniú chun tacú le Saothair Eorpacha a tháirgeadh. Tugann sé cumhacht do Choimisiún na Meán freisin a chinneadh cé na soláthraithe seirbhíse meán (SSManna) a bheadh faoi réir an tobhaigh sin, agus cuirtear ar chumas Choimisiún na Meán, i gcomhar le Fís Éireann, scéim a chur ar bun agus deontais a dheonú ag baint úsáid as fáltais an tobhaigh.

Moladh i dTuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán – Straitéis Chur Chun Feidhme & Plean Gníomhaíochta – go ndéanfadh Coimisiún na Meán 'taighde agus go ndéanfadh sé moltaí don Aire maidir le hindéantacht an tobhaigh agus an chiste ar ábhar closamhairc'. Cuireadh an Staidéar Indéantachta faoi bhráid an Aire lena bhreithniú in 2025.



# Gradaim Urraíochta agus Foghlaim agus Forbairt Earnála

Leanamar de thacaíocht a thabhairt d'imeachtaí a bhaineann leis na meáin in 2025 trínár Scéim Urraíochta. Cuireann an scéim seo ar ár gcumas raon leathan na hoibre atá ar bun ar fud earnáil na meán a chur chun cinn, cruthaitheacht agus tallann na hearnála a aithint agus tacú le rochtain ar ábhar d'ardchaighdeán. Bronnadh €336,000 san iomlán ar 32 iarratasóir rathúil chun tacú le himeachtaí meán ar fud na hÉireann atá ar aon dul lenár ról maidir le forbairt na meán agus lenár straitéis fhoriomlán. I measc na n-imeachtaí ar tugadh urraíocht dóibh bhí Radio Days – comhdháil don tionscal raidió tráchtála, an Local Ireland Media Awards agus na Shine Mental Health Media Awards, lena n-aithnítear barr feabhais san iriseoireacht, chomh maith leis an Catalyst International Film Festival, a chuireann ionadaíocht éagsúil chun cinn i dtionscal na scannánaíochta. Is féidir teacht ar liosta iomlán d'imeachtaí urraithe thíos.

| Iarratasóir | Ócáid |
|---|---|
| Féile Beochana an Daingin | Animation Dingle Festival 2025 |
| Gradaim Bheochana na hÉireann | Gradaim Bheochana na hÉireann agus Cruinniú Mullaigh Meitheal |
| Kilkenny Animated | Kilkenny Animated Festival |
| RTS | Léacht Chuimhneacháin Gay Byrne |
| RTS agus Virgin Media | Gradaim RTS |
| Acadamh Scannán agus Teilifíse na hÉireann (IFTA) | Gradaim IFTA |
| Ardán | Cruinniú Mullaigh TV FÍS |
| Writers Guild of Ireland | Gradaim Zebbies |
| Harp Media Teoranta | Comórtas Gearrscannáin & Script Scannán |
| NUJ | Freelance Forum |
| Shine ag trádáil mar Headline | Dámhachtainí Sláinte Meabhrach na Meán |
| Local Ireland | Gradaim Mheáin Áitiúla na hÉireann |
| IBI | Gradaim IMRO |
| IBI agus Learning Waves | Comhdháil Laethanta Raidió |
| Coláiste na hOllscoile, Corcaigh | Broadcast to Podcast – 100 years of Radio Conference |
| Seirbhísí Óige Belong To | It's Our Social Media 2025 |
| Féile na Meán Ceilteach | Féile na Meán Ceilteach 2025 |
| GCN: Nuacht an Phobail Aeraigh | Gradaim GCN |
| GORM Media | Cruinniú GORM, 2025 |
| Féile Scannán GAZE | Féile Scannán Idirnáisiúnta LADTIA+ Gaze 2025 |

Gradaim Urraíochta agus Foghlaim agus Forbairt Earnála (ar lean)

| Iarratasóir | Ócáid |
|---|---|
| Her Sport Teo | Gradaim Her Sport |
| Catalyst | Féile Scannán Catalyst 2025 |
| DIFF | Féile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath |
| Fastnet | Féile Scannán Fastnet 2025 |
| Fresh Film | Féile Scannán Idirnáisiúnta Fresh |
| Fleadh Scannán na Gaillimhe | Fleadh Scannán na Gaillimhe 2025 |
| IFI | Sraith Spotlight |
| Féile Beta | Féile Beta 2025 |
| Ionad Nuálaíocht Ghnó Bhaile Átha Cliath ag trádáil mar Furthr | Culture Crush |
| Institiúid na gCleachtóirí Fógraíochta in Éirinn (IAPI) | Beyond Compliance Creating a Culture of Inclusion |
| David Reid | Gradaim Choice Music 2025 |

## Clár Foghlama agus Forbartha Earnála 2025

Chuir muid maoiniú ar fáil i gcaitheamh na bliana chomh maith chun cabhrú le heagraíochtaí gníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha a sholáthar a thacaíonn le hinbhuanaitheacht, acmhainn agus feabhsú scileanna earnáil na meán. Tacaíonn muid chomh le gníomhaíochtaí, imeachtaí agus tionscnaimh arb é is aidhm dóibh inscne, comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht a chur chun cinn san earnáil fuaime agus closamhairc.

**€550,000**

Leithdháileadh €550,000 ar 29 iarratasóir rathúil faoinár gClár Foghlama agus Forbartha Earnála

I measc na dtionscadal a maoiníodh tá clár scríbhneoireachta don scáileán agus díospóireacht phainéil maidir le scannánaíocht trí Ghaeilge mar chuid den fhéile Storyhouse, cúrsa oiliúna do dhéantóirí meán atá i dtús nó i lár a ngairmréime ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht ó GORM Media, agus tionscnamh píolótach chun na scileanna riachtanacha a thabhairt d'fhoireann an tseomra nuachta chun tráma a shainaithint agus a bhainistiú go héifeachtach, ó Mediastrong.

## Gradaim Urraíochta agus Foghlaim agus Forbairt Earnála (ar lean)

Tugadh faoi athbhreithniú ar an gClár Foghlama agus Forbartha Earnála freisin le linn na bliana, i dtreo clár athbhreithnithe a bhunú mar léiriú ar ár sainchúram níos leithne. Forbraíodh Clár Oiliúna agus Forbartha na Meán agus Beartas gaolmhar nua ansin. Glacann an Clár seo le cur chuige atá neodrach ó thaobh ardáin de agus mar aidhm aige ár gcuspóirí straitéiseacha a chur chun cinn trí thacaíocht mhaoinithe a sholáthar do ghníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha ar fud earnáil na meán. Osclaíodh céad bhabhta maoinithe i mí Mheán Fómhair 2025.

Tá liosta iomlán de na heagraíochtaí ar tugadh tacaíocht dá ngníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha in 2025 leagtha amach thíos.

| | |
|---|---|
| ACE Producers | X- Pollinator |
| Atlantic Academy Teo ag trádáil mar Acadamh Atlantach | Learning Waves |
| Féile Scannán Bhéal Feirste Teo | An Eoraip Chruthaitheach Gaillimh |
| Féile Scannán Idirnáisiúnta Catalyst | An Eoraip Chruthaitheach Baile Átha Cliath |
| Oireachtas na Gaeilge | Mediastrong |
| An Cumann Teilifíse Pobail | Craol |
| Féile Scannán Idirnáisiúnta Chorcaí | Screen Composers Guild |
| Ionad Nuálaíocht Ghnó Bhaile Átha Cliath ag trádáil mar Furthr | Women in Film and Television |
| Lárionad OCBÁC um Aeráid agus Sochaí | Women On Air |
| Emerging Film-makers | Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann |
| European Audio Visual (EurAV) | Féile Storyhouse |
| GORM Media | Acadamh Scannán agus Teilifíse na hÉireann |
| Green Wave Digital Teo ag trádáil mar Film Ireland | Writers Guild of Ireland |
| Harp Media Ltd | |

# An Chraoltóireacht agus Físeán ar Éileamh

## Gearáin faoi Chraoltóireacht agus Físeán ar Éileamh

Tacaíonn láimhseáil gearán lenár ngealltanas a chinntiú go gcuireann tírdhreach na meán le sochaí oscailte, dhaonlathach agus éagsúil. Ligeann láimhseáil gearán don phobal craoltóirí agus soláthraithe físeáin ar éileamh a chur faoi dhliteanas i gcás ina gcreideann siad gur sáraíodh caighdeáin ábhair agus ceanglais inrochtaineachta. Tríd an gcuntasacht sin cuirtear le hiompar freagrach i measc craoltóirí agus soláthraithe físeán ar éileamh, agus cothromaíocht á coinneáil idir cearta tábhachtacha na saoirse cainte agus an neamhspleáchas eagarthóireachta agus an gá atá le leasanna an lucht féachana agus éisteachta agus an phobail a chosaint.

Cuireann Alt 47(1) den Acht Craolacháin 2009 oibleagáid ar chraoltóirí agus soláthraithe físeáin ar éileamh gearáin ag baill an phobail a chonaic nó a chuala rud nach gcreideann siad atá i gcomhréir leis na caighdeáin riachtanacha a mheas. Tá sé de cheart ag an bpobal freisin gearán a dhéanamh le Coimisiún na Meán, a fhoráiltear in alt 48 d'Acht 2009. Go ginearálta, molaimid do ghearánaigh a ngearán a dhéanamh leis an gcraoltóir nó an soláthraí físeáin ar éileamh ar an gcéad ásc mar gurb é sin an bealach is tapúla de ghnáth le freagra a fháil ar ghearán. Mura bhfuil gearánaí sásta leis an bhfreagra, is féidir leis a ghearán a atreorú chugainn.

### Gearáin faoi Chraoltóireacht agus Físeán ar Éileamh

Ba é ár bpríomhfhócas i gcéad leath na bliana 2025 na gearáin eile a cláraíodh agus a coinníodh a fhad agus a bhí an próiseas nua láimhseála gearán á bhunú, in ionad próiseas a d'oibrigh réamhtheachtaí Choimisiún na Meán, Údarás Craolacháin na hÉireann, a phróiseáil. Thosaigh an Coimisiún ag déanamh a chéad chinntí ar na gearáin seo i mí Iúil 2024. Idir míonna Eanáir agus an Mheithimh 2025, rinne an Coimisiún 84 gearán a coinníodh le linn a bhunaithe a phróiseáil agus cinneadh déanta orthu.

Ó Eanáir 2025 go Nollaig 2025, ghlac Coimisiún na Meán le 54 gearán nua, bailí thar na cineálacha seirbhíse seo a leanas, agus cinneadh déanta ar 48 de na gearáin sin. Rinneadh cinneadh maidir leis an 4 ghearán eile in R1 2026:

**29**
Craoladh raidió

**24**
Craoladh teilifíse

**1**
Chlár Físeáin ar Éileamh

As na 54 gearán nua, bailí a fuarthas sa tréimhse seo, chuimsigh craoltaí RTÉ 75.93% de na gearáin ar glacadh leo. Chuimsigh Newstalk 106-108FM 12.96% díobh, Virgin Media Television 5.56% díobh, agus Highland Radio, Red FM, agus Radio Nova 1.85% díobh faoi seach.

An Chraoltóireacht agus Físeán ar Éileamh (ar lean)

## Catagóirí Gearán

Ba faoi chláir cúrsaí reatha formhór na ngearán. Ba faoi chláir nuachta agus clársceidealú ginearálta an dara sciar is mó. N í dhearnadh aon ghearán faoi chumarsáid tráchtála.

Ba iad seo a leanas na hábhair/saincheisteanna is coitianta a ndearnadh gearán fúthu:

41.51%
Cúrsaí Domhanda

18.87%
Polaitíocht agus Rialtas na hÉireann

7.55%
Na hEalaíona agus an Cultúr

7.55%
Siamsaíocht Éadrom

5.66%
Coireacht

3.77%
LADTA+

The remaining

Ábhair/saincheisteanna ar leith a bhí sa 15.09% eile.

I gcláir cúrsaí reatha, saincheisteanna a bhaineann le cothroime, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht a chuireann an méid is mó imní ar ghearánaithe. Is minic a bhíonn comhpháirteanna éagsúla sna gearáin seo, lena n-áirítear ábhar amhail cruinneas, cur i láthair/míléiriú tuairimí agus fíricí, tuairimí de chuid an chraoltóra ná an tsoláthraí curtha in iúl, díobháil, masla míchuí agus gríosú chun fuatha nó foréigin.

I gcás cláir nuachta, bhain na gearáin den chuid is mó le cruinneas, cur i láthair/míléiriú tuairimí agus fíricí, cibé an ndearnadh an nuacht a thuairisciú ar bhealach oibiachtúil agus neamhchlaonta agus gan aon tuairim de chuid an chraoltóra ná an tsoláthraí curtha in iúl. Bhain gearáin le díobháil agus col agus gríosú nó spreagadh chun coireachta freisin.

Maidir le clársceidealú ginearálta, bhain gearáin le hinneachar a chreidtear a rinne díobháil agus/nó col agus le meas ar dhaoine agus ar ghrúpaí sa tsochaí.

### Cinntí an Choimisiúin Cinnteoireachta

Ó Eanáir go Nollaig 2025, rinne an Coimisiún cinneadh ar 125 gearán in imeacht 14 chruinniú. Déanann an Coimisiún cinneadh cibé acu:

- An gearán a atreorú ar ais chuig an soláthraí seirbhíse le go mbreithneofar é ina phróiseas láimhseála gearán; nó
- An gearán a dhíbhe, má chomhlíonann sé critéir áirithe; agus, mura gcomhlíonann sé ceachtar acu sin,
- An gearán a chur ar aghaidh le go mbreithneoidh duine é lena imscrúdú.

An Chraoltóireacht agus Físeán ar Éileamh (ar lean)



## Cinntí an Duine Údaraithe

IIn 2025, chuir an Coimisiún 14 ghearán ar aghaidh chuig daoine fiosrúcháin údaraithe lena meas. Féadfaidh daoine údaraithe ceann amháin de na cinntí a leanas a dhéanamh:

- Níl aon chúis le bheith in amhras maidir le sárú
- Cúis le bheith in amhras maidir le sárú ach gan oifigeach údaraithe a ordú chun imscrúdú a thosú
- Cúis le bheith in amhras maidir le sárú agus oifigeach údaraithe a ordú chun imscrúdú a thosú

Rinne daoine údaraithe cinneadh maidir le 10 ngearán le linn thréimhse 2025.

Ní raibh aon chúis le bheith in amhras maidir le sárú i gcinneadh amháin.

Bhí cúis le bheith in amhras maidir le sárú i 9 gcinneadh:

**5**

ghearán – chinn an duine údaraithe gan imscrúdú a thosú maidir leis an sárú amhrasta de bharr bearta beartaithe nó déanta ag an gcraoltóir chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sa ghearán.

**4**

ghearán – níor threoraigh an duine údaraithe aon ghníomh breise.

### Tuairisciú

Le linn 2025, thosaigh an fhoireann Gearán ag cur tuarascáil chuimsitheach i dtoll a chéile ar na gearáin ar fad ar glacadh leo agus ar glacadh cinneadh maidir leo ón 15 Márta 2023 go dtí an 5 Nollaig 2025 le foilsiú in 2026. Leanfaidh an fhoireann Gearán d'anailís agus tuarascáil a dhéanamh ar líon, treochtaí agus torthaí gearán ar bhonn rialta.

# Éagsúlachtaí ceadúnaithe agus conartha

## Ceadúnú na Meán Pobail

Leis an Acht Craolacháin 2009 ("Acht 2009") tugtar aitheantas don raidió pobail agus teilifís phobail mar mheáin ar leith in Éirinn. Oibríonn eagraíochtaí meán pobail ar bhonn seachbhrabúsach le struchtúr eagraíochta ina ndéantar foráil maidir le ballraíocht, bainistíocht agus oibriú go príomha ag baill den phobal. Tá a ngníomhaíochtaí léiriúcháin bunaithe ar rochtain agus rannpháirtíocht bhaill den phobal agus léiríonn siad leas agus riachtanais ar leith an phobail sin.

Is féidir le meáin phobail sochar a sholáthar trí shaol sóisialta, cultúrtha, nó eacnamaíoch na bpobal a fheabhsú, nó trí fhorbairt, cumhachtú agus/nó folláine phobail nach mbainfí amach seachas sin a chur chun cinn

### Raidió Pobail (FM)

I mí na Nollag 2025, bronnadh Conarthaí Craolacháin Fuaime Pobail 10 mbliana ar Ros FM agus Scariff Bay FM.

Seo an chéad Chonradh Craolacháin Fuaime Pobail a bronnadh ar Scariff Bay FM. Roimhe sin, bhí an stáisiún ag feidhmiú ó 2015 faoi chonarthaí craolacháin fuaime pobail sealadacha agus píolótacha. Ligeann an conradh nua don iarratasóir craoladh sna pobail a bhfreastalaíonn siad orthu i gceantar tuaithe Oirthear an Chláir ar feadh 10 mbliana.

Thosaigh RosFM ag craoladh in 2004, ag freastal ar phobail áitiúla i mBaile Ros Comáin agus sa cheantar máguaird. Craolann an stáisiún anois óna stiúideonna i bhfoirgneamh The Cube ar Shráid Bhéal Átha Liag, Ros Comáin.

Ó chlé go deas: Coimisinéir Choimisiún na Meán Aoife MacEvilly, Cathaoirleach RosFM Bernard Kearney agus Rúnaí RosFM Martina Dockery.







Coimisinéir Choimisiún na Meán Aoife MacEvilly, baill den fhoireann Ceadúnuithe Craolacháin, Elaine King agus Oisín Kelly, Coimisiún na Meán, in éineacht le Pat O'Brien, Jim Collins, Tom Hanley agus an fhoireann ó Scariff Bay FM.

Éagsúlachtaí ceadúnaithe agus conartha (ar lean)

### Teilifís Phobail

I mí Dheireadh Fómhair 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún a Phlean Ceadúnaithe Teilifíse Pobail, ina ndéantar foráil d'athcheadúnú dhá sheirbhís teilifíse pobail atá ann cheana, Cork Community Television (CCTv) agus Dublin Community Television (DCTV). Bhuail baill ón bhfoireann Ceadúnaithe le hionadaithe ón dá stáisiún.

## Féile CRAOL

Reáchtáladh féile bhliantúil CRAOL i gCorcaigh i mí Dheireadh Fómhair 2025. Thug foireann an Choimisiúin cur i láthair ar ár bpróiseas ceadúnaithe pobail do ghrúpaí pobail uaillmhianacha agus ar Cheadúnú Teilifíse Pobail.




Elaine King agus Philip Cooper (CnaM) le Emma Bowell, Eddie Noonan (CCtv) agus Deirdre Hunt (Comhordaitheoir Tionscadail CRAOL).

## Lá Náisiúnta an Raidió Pobail

Thacaigh muid leis an 10ú Lá Náisiúnta an Raidió Pobail ar an Aoine, 20 Meitheamh. Eagraithe ag CRAOL – the Community Radio Forum of Ireland – rinne an lá ceiliúradh ar thiomantas agus ar an méid a dhéanann oibrithe deonacha, foirne, agus lucht tacaíochta raidió pobail ar fud na tíre. Reáchtáladh an t-imeacht 2025 i gcomhpháirt le West Limerick 102FM, faoin téama: "Community Radio – The Third Pillar: Democratic Broadcasting in Action."Le béim ar obair dheonach agus rannpháirtíocht i raidió pobail, a dhíríonn go sonrach ar Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht, agus aird á tarraingt ar ról ríthábhachtach raidió pobail glórtha éagsúla a neartú agus sochaí athraitheach na hÉireann a chur in iúl.

Éagsúlachtaí ceadúnaithe agus conartha (ar lean)

## Pleanáil agus Ailíniú Speictrim

Déanann Coimisiún na Meán idirchaidreamh le craoltóirí agus comhlachtaí rialála na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann chun timpeallacht dhearfach a chinntiú d'fhorbairt seirbhísí craolacháin in Éirinn. In 2025, comhordaíodh an mhinicíocht seo a leanas:

107.3 MHz i mBaile Átha Cliath – baineadh srianta ar phatrúin aeróige, rud a ligeann do sheirbhís bhreise ardchumhachta chun ceantar Bhaile Átha Cliath a chlúdach.

Leanadh le pleanáil speictrim ar cuireadh tús léi in 2024 ar feadh 2025 chun minicíochtaí nua a shainaithint agus minicíochtaí idirnáisiúnta réamhshocraithe atá ann cheana a athchumrú ar mhaithe le seirbhís(í) nua FM a bhunú ar bhonn cuasanáisiúnta agus/nó ar bhonn ilchathrach.



D'fhaomh an Coimisiún athruithe líonra do roinnt craoltóirí in 2025.

| | |
|---|---|
| Today FM | Aistríodh príomh-tharchuradóir Bhaile Átha Cliath ar 101.8MHz ó pholarú ceartingearach go polarú measctha chun raon clúdaigh i ndlúthcheantair uirbeacha a fheabhsú. |
| | Cuireadh tarchuradóir nua chun feidhme ar 100.3MHz chun raon clúdaigh i dtuaisceart Thiobraid Árann a fheabhsú |
| Spirit Radio | Suiteáladh tarchuradóir nua ar 100.4MHz chun Baile an Chabháin agus a cheantar máguaird a chlúdach |
| Newstalk | Aistríodh tarchuradóir oirthear an Chabháin ó 107.4 go 107.1MHz chun raon clúdaigh sa cheantar áitiúil a fheabhsú |

Éagsúlachtaí ceadúnaithe agus conartha (ar lean)

## Triail DAB+

I mí na Nollag 2024, thug an Coimisiún tacaíocht do Thriail nua Craoladh Digiteach Fuaime ("DAB"), atá ceadúnaithe ag ComReg. Ba Foothold Communications ag trádáil mar FáilteDAB a d'oibrigh an Triail.

Tugann Ceadúnas Test & Triail Ireland1 tacaíocht chun nuálaíocht agus forbairt cumarsáide gan sreang a spreagadh agus úsáid á baint as speictream raidió na hÉireann. Ní féidir ceadúnas a eisiúint ach sa chás, i dtuairim ComReg, go bhfuil deis ann ceadúnas iomlán oibríochta don tseirbhís faoi thriail a eisiúint sa speictream raidió lena mbaineann.

Tá an Triail, a seoladh ag deireadh mhí Aibreáin 2025, ceadúnaithe oibriú ar feadh 365 lá. Tá sé shuíomh tarchuradóirí le sannacháin ardchumhachta a éascaíonn tarchur i gCathair agus Contae Bhaile Átha Cliath mar chuid de agus ar fáil i gcodanna den Chrios Comaitéireachta, ag síneadh amach go Laighin. Díríonn clúdach an líonra thosaigh seo ar chlúdach forluite agus sioncronach laistigh de limistéar Laighean, le féidearthacht ann an clúdach a leathnú go páirteanna eile in Éirinn laistigh de thréimhse na trialach. Tá léarscáil tháscach raon clúdaigh thíos:

Áirítear leis an Triail craoladh cúpla seirbhís raidió Náisiúnta agus FM Bhaile Átha Cliath ag an am céanna agus 22 seirbhís nua trialach faoi chonarthaí soláthair lánais arna bhronnadh ag an gCoimisiún. Maidir le seirbhísí ceoil, tá éagsúlacht leathan, lena n-áirítear seirbhísí ceoil sainréimse, ré ar leith, seánra ar leith a chlúdaíonn na blianta fada chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí cohóirt aoise éagsúla. Clúdaíonn clársceidealú cainte cúrsaí sóisialta, cultúr, spóirt, siamsaíocht leanaí, podchraoltaí, cláir faisnéise agus topaicí dírithe ar dhaoine óga. Tá an stáisiún raidió Gaeilge Rí Rá ar fáil chomh maith. Díríonn seirbhísí eile ar lucht éisteachta ar mian leo díriú níos grinne ar sheánra ábhair nó ar fhormáid ar leith, mar shampla, cláir faisnéise i bhfoirm podchraoltaí.

Thug an Coimisiún tacaíocht don triail mar go n-ailíníonn sí le cuid mhaith dá chuspóirí straitéiseacha agus ceadúnaithe féin, lena n-áirítear iolracht agus éagsúlacht a fheabhsú, rogha an éisteora a leathnú, cruthaitheacht agus nuálaíocht a spreagadh, tacú le fás agus inbhuanaitheacht, éagsúlacht chultúrtha agus theangeolaíoch na hÉireann a chur chun cinn, agus freastal ar lucht éisteachta nach bhfuil freastal ceart orthu le béim ar leith ar dhaoine óga. Trí rochtain ar ábhar na meán a fheabhsú, tacaíonn an triail le hionadaíocht agus ionchuimsitheacht níos fearr freisin, rud a chothaíonn éiceachóras meán níos dinimiciúla agus níos éagsúla.



Léarscáil Raon Clúdaigh Thriail DAB

Táthar ag súil go n-athnuafar an Triail ar feadh tréimhse 12 mhí sa bhreis ó mhí Aibreáin 2026, le leathnú tíreolaíoch á fhiosrú chun níos mó craoltóirí a chumasú páirt a ghlacadh agus DAB+ a chur ar fáil do lucht éisteachta i gcodanna eile den tír.

Éagsúlachtaí ceadúnaithe agus conartha (ar lean)

Ag deireadh 2025, bhí na seirbhísí seo a leanas ar fáil ar DAB+.

| | |
|---|---|
| 8Radio | Onic Hits |
| Bob FM | Onic Innovator |
| Eirewave | Onic Kids |
| Energy Dance | Onic RNB |
| Freedom FM | Onic Rock |
| GHR | Q102 |
| GoLoud | Radio Maria |
| Lazer Hits | Raidió Rí Rá |
| Newstalk | Rewind |
| Nova Classic Rock | SPIN 1038 |
| Onic 80s | Spirit Radio |
| Onic 90s | Sunshine Soul |
| Onic Alternative | Today FM |
| Onic Country | UCB |
| Onic Gold | |

## Ceadúnú Sealadach

De bhun Alt 68 den Acht Craolacháin, 2009, féadfaidh Coimisiún na Meán conarthaí a dhéanamh le hiarratasóirí chun seirbhísí raidió sealadacha a sholáthar. Is iad an dá phríomhchineál conarthaí raidió sealadacha is féidir a bhronnadh ná: 1) conradh le haghaidh seirbhís raidió ar feadh tréimhse suas le 30 lá ar a mhéad i dtréimhse 12 mhí, agus 2) conradh le seirbhís raidió pobail a oibriú ar bhonn píolótach ar feadh tréimhse suas le 100 lá i dtréimhse 12 mhí.

De ghnáth clúdaíonn an chéad chineál conartha seirbhísí raidió a bhaineann le himeachtaí speisialta aon uaire nó séasúracha, amhail Lá Fhéile Pádraig, raidió ollscoile, agus imeachtaí nó tionscnaimh reiligiúnacha, shóisialta agus chultúrtha.

De ghnáth, cuireann grúpaí pobail a dteastaíonn uathu seirbhísí pobail a reáchtáil ar bhonn píolótach iarratas isteach ar chonarthaí raidió 100 lá. Ba cheart go ndíreodh clársceidealú na seirbhíse ar an bpobal, go rachadh sé i ngleic le leasanna agus riachtanais an phobail laistigh den réimse saincheadúnais sonraithe, agus go soláthródh sé sochar sóisialta don phobal sin. Ní mór don tseirbhís a bheith faoi úinéireacht agus rialaithe ar bhonn neamhbhrabúsach agus curtha le chéile ar bhealach a chinntíonn gur féidir le baill nó leis an bpobal a bheith rannpháirteach go fiúntach i mballraíocht, bainistíocht, agus oibríochtaí na seirbhíse.

## Éagsúlachtaí ceadúnaithe agus conartha (ar lean)

Ó 1 Eanáir go dtí 31 Nollaig, rinne an Coimisiún 19 gconradh shealadacha craoltóireachta.Ba le haghaidh grúpaí pobail píolótacha bunaithe naoi gcinn díobh sin, ach ba le haghaidh seirbhísí sealadacha de 30 lá nó níos lú 10 díobh.

| Seirbhís Craolacháin Fuaime Shealadach (suas le 30 lá) | Seirbhís Pobail Phíolótach (suas le 100 lá) |
|---|---|
| | Limerick City Community Radio |
| Hide FM | Together FM |
| Cork Cathedral Family of Parishes | Owenea FM |
| Watch Tower Bible | Bere Island Community Radio |
| Eden FM | Cork City Community Radio |
| Freedom FM | Erris FM |
| Juice FM | Loughrea Community Radio |
| Black Rock College Radio | Finn Valley FM |
| Christmas FM | Scariff Bay Community Radio |
| Lazer Hot Hits | |




Coimisinéir Choimisiún na Meán Aoife MacEvilly, in éineacht leis an bhfoireann ó Christmas FM

Tá conradh craolacháin sealadach bronnta ag an gCoimisiún ar Christmas FM, tionscnamh carthanachta bliantúil, chun craoladh ar an mbanda FM a éascú i rith mhí na Nollag. In 2025, chraol Christmas FM ar DAB freisin agus rinne sé ceiliúradh ar €254,000 a bhailiú, rud a thug an méid iomlán a bailíodh ó 2022 go €1,000,000. Tacóidh an t-airgead a bailíodh le Barnardos, Barretstown, Make-A-Wish Ireland agus le réimse carthanas do leanaí ar fud na hÉireann, agus béim á leagan ar thacaíocht do phobail áitiúla trí Community Foundation Ireland.

Éagsúlachtaí ceadúnaithe agus conartha (ar lean)

# Ceadúnú Tráchtála

In 2024, cuireadh tús le Plean Ceadúnaithe Tráchtála chun aird a tharraingt ar athnuachan na gceadúnas tráchtála agus chun pleanáil a dhéanamh ina leith agus cuireadh an plean i bhfeidhm go luath in 2025, agus mar thoradh air sin síníodh conarthaí nua le haghaidh 10 seirbhís tráchtála.

## Seirbhísí Tráchtála a Ceadúnaíodh in 2025

| Limistéar Saincheadúnais | Cineál Seirbhíse | Sealbhóir | Ainm an Stáisiúin |
|---|---|---|---|
| Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath | Seirbhís bunaithe ar an gceol a dhíríonn ar an aoisghrúpa 15-34 | Bauer Media Audio Ireland | Spin 1038 |
| Contae Chill Chainnigh agus Contae Cheatharlach | Seirbhís áitiúil i bhformáid leathan | CK Broadcasting Limited | KCLR 96FM |
| Contae Chiarraí | Seirbhís áitiúil i bhformáid leathan | Raidió Chiarraí Teoranta | Radio Kerry |
| Réigiún an Oirdheiscirt - Cathair agus Contae Phort Láirge, Tiobraid Árann Theas, Contae Cheatharlach, Contae Chill Chainnigh agus Contae Loch Garman | Seirbhís atá dírithe ar an gceol don aoisghrúpa 15 - 34. | Bauer Media Audio Ireland | Beat 102-103 |
| Tuaisceart Dhún na nGall | Seirbhís áitiúil i bhformáid leathan | Donegal Highland Radio Limited | Highland Radio |
| Contae Laoise, Contae Uíbh Fhailí agus Contae na hIarmhí | Seirbhís áitiúil i bhformáid leathan | Midlands Community Radio Services Limited | Midlands 103 |
| Sligeach/ Liatroim Thuaidh/ Deisceart Dhún na nGall | Seirbhís áitiúil i bhformáid leathan | North West Broadcasting Limited | Ocean FM |
| Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath | Seirbhís bunaithe ar an gceol sainréimse | Star Broadcasting Limited | Sunshine 106.8 |
| Cathair agus Contae Chorcaí | Seirbhís áitiúil atá dírithe ar an gceol don aoisghrúpa 25-44 | County Media Limited | Cork's 96FM |
| Cathair agus Contae Chorcaí | Seirbhís áitiúil i bhformáid leathan | County Media Limited | C103 |
| Cuasanáisiúnta | Seirbhís Chríostaí agus Reiligiúnach i bhformáid leathan | Spirit Radio Limited | Spirit Radio |

## Éagsúlachtaí ceadúnaithe agus conartha (ar lean)




Ó chlé go deas: Coimisinéir Rónán Ó Domhnaill, Kiela Brodigan (SPIN 1038), Coimisinéir Aoife MacEvilly, Chris Doyle (POF Bauer), agus Joe Dempsey ó SPIN 1038




Gabrielle Cummins (POF Beat agus an fhoireann ó Beat le hOisín Kelly agus Michael Brett (an Coimisiún)




Ó chlé go deas: Coimisinéirí John Evans agus Jeremy Godfrey, in éineacht le Padraic White, Kieran McGeary agus an fhoireann ó Cork's 96FM agus C103




Coimisinéirí John Evans agus Jeremy Godfrey, in éineacht le Gerry Rabbitte, Fionnuala Rabbitte agus an fhoireann ó Highland Radio




Coimisinéirí Rónán Ó Domhnail agus Aoife MacEvilly, in éineacht le John Purcell, Paddy Halpenny agus an fhoireann ó KCLR

Éagsúlachtaí ceadúnaithe agus conartha (ar lean)

## Radio Days Ireland

Ghlac an Coimisiún páirt in Radio Days Ireland, comhdháil dhá lá a reáchtáladh an 27 agus an 28 Márta 2025 in Óstán an Gibson, Baile Átha Cliath. Is comhthionscnamh é an t-imeacht idir Learning Waves Skillnet, an comhlacht oiliúna don earnáil neamhspleách raidió tráchtála in Éirinn, agus IBI, Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann. Elizabeth Farrelly, Oisín Kelly, Michael Brett, Martina Mimnagh, Clare Diamond agus Aoife MacEvilly ag comhdháil Radio Days Ireland

Cuireann an chomhdháil ardán ar fáil le haghaidh plé, líonrú agus foghlaim faoi na treochtaí is déanaí atá ag múnlú thodhchaí na craoltóireachta fuaime.




Ag seoladh an imeachta, ó chlé go deas: an Dr. Finola Doyle-O'Neill (Eagraí UCC), Matt Cooper (Today FM), Kevin Bakhurst agus Patricia Monahan (RTÉ), Aoife MacEvilly agus Clare Diamond (Choimisiún na Meán) agus Michael Kelly, Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann.




Coimisinéir Aoife MacEvilly sa phlé painéil le Patricia Monaghan (RTÉ) agus Sean Barry (Onic) ar Sustaining Radio's Future

## Ag breathnú chun tosaigh ar cheiliúradh 100 Bliain den Raidió

Ba chúis áthais don Choimisiún urraíocht a dhéanamh ar an imeacht 100 Years of Radio – From Broadcast to Podcast. Fógraíodh an t-imeacht uathúil i mí na Samhna 2025 agus déanfar stair shaibhir chraoltóireacht raidió na hÉireann le céad bliain anuas a cheiliúradh ann. Beidh an t-imeacht dhá lá á óstáil ag Ollscoil Chorcaí 29 – 30 Eanáir 2026.

Éagsúlachtaí ceadúnaithe agus conartha (ar lean)

## Seirbhís Ghaeilge Dírithe ar an Óige – Staidéar Indéantachta

In 2024, choimisiúnaigh an Coimisiún Oliver & Ohlbaum Associates Ltd (O&O) chun Staidéar Indéantachta a dhéanamh maidir le stáisiún raidió Gaeilge a bhunú a bheadh ag feidhmiú ar bhonn hibrideach (FM agus digiteach). Cuireann an obair agus an taighde seo leis an obair a rinneadh roimhe seo ar thionscadail de chuid iar-Údarás Craolacháin na hÉireann (Ipsos agus Bricolage) agus tugtar chun feidhme leo moladh i dTuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán maidir le soláthar seirbhísí Gaeilge sna meáin agus rannpháirtíocht lucht spéise na hóige.

I mí na Bealtaine, chuir an Coimisiún an tuarascáil faoi bhráid an Aire mar aon lena mholtaí féin, atá á mbreithniú faoi láthair.

> Dul chun cinn i leith méadú ar inrochtaineacht seirbhísí meán closamhairc do dhaoine faoi mhíchumas, agus go háirithe, dul chun cinn déanta chun na torthaí beartaithe a bhaint amach i dtaca lena leithéid d'inrochtaineacht atá leagtha amach in aon rialacha maidir le seirbhísí meán le haghaidh craoltóirí agus Físeán ar Éileamh.

## AVMS agus Inrochtaineacht

### Seirbhísí agus Rialacha Rochtana

Is seirbhísí rochtana iad fotheidealú, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) agus tráchtaireacht fuaime a éascaíonn an tuiscint agus an taitneamh a bhaineann daoine atá Bodhar nó a bhfuil mallachar éisteachta orthu, daoine atá dall nó a bhfuil lagamharc orthu, agus daoine a bhfuil mallachar éisteachta agus lagú radhairc orthu as cláir. Cuireann seirbhísí rochtana teilifís agus cláir físeán ar éileamh ar fáil do lucht féachana agus éisteachta níos leithne agus a thacaíonn le níos mó ionchuimsitheachta i dtírdhreach na meán.

De bhun Alt 7 den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc ní mór seirbhísí meán a dhéanamh níos inrochtana, ar bhealach leanúnach agus de réir a chéile, do dhaoine atá faoi mhíchumas trí bhearta comhréireacha. Foráiltear in Alt 46O(5) den Acht Craolacháin 2009, arna leasú, go n-ullmhóidh Coimisiún na Meán rialacha maidir le seirbhísí rochtana.

Sna Rialacha Rochtana do chraoltóirí teilifíse leagtar amach spriocanna, i gcéatadáin, maidir le méid an fhotheidealaithe, TCÉ agus na tráchtaireachta fuaime is gá do gach seirbhís craolacháin a chur ar fáil. Leagtar amach sna Rialacha freisin ionchais maidir le caighdeáin cháilíochta, cur chun cinn seirbhísí rochtana, tarchur faisnéise éigeandála, ceanglais dul i mbun comhairle le húsáideoirí seirbhísí rochtana agus dul i ngleic le ceisteanna/gearáin faoi sheirbhísí rochtana.

### Pleananna Gníomhaíochta Inrochtaineachta

Ceanglaítear ar chraoltóirí atá faoi réir na Rialacha Rochtana agus ar sholáthraithe seirbhísí físeán ar éileamh atá cláraithe in Éirinn plean gníomhaíochta inrochtaineachta a ullmhú faoi na Rialacha Rochtana agus faoin gCód agus Rialacha maidir le seirbhísí físeán ar éileamh. Leagtar amach sna pleananna gníomhaíochta inrochtaineachta na céimeanna a ghlacfaidh soláthraithe chun a gcuid seirbhísí a dhéanamh níos inrochtana ar bhonn leanúnach agus céimneach trí sheirbhísí rochtana a sholáthar. Le linn 2025, rinneamar teagmháil le craoltóirí agus le soláthraithe seirbhísí físeán ar éileamh, d'eisíomar ábhar treorach, agus fuaireamar na chéad phleananna.

Éagsúlachtaí ceadúnaithe agus conartha (ar lean)



## Monatóireacht ar Chomhlíonadh AVMS agus Rannpháirteachas na bPáirtithe Leasmhara

Déanann Coimisiún na Meán monatóireacht ar chomhlíonadh craoltóirí teilifíse leis na Rialacha Rochtana gach bliain. Baineann monatóireacht ar shampla d'aschur craolacháin, anailís ar shonraí/faisnéis a thugann craoltóirí agus dul i mbun rannpháirteachais le craoltóirí agus lenár dhá Phainéal Comhairliúcháin Úsáideoirí leis seo. In 2025, d'fhoilsíomar ár dtuarascáil faoi fheidhmiú na rialacha rochtana 2024, bliain ina raibh comhlíonadh le fáil go forleathan i measc na gcraoltóirí go léir maidir lena spriocanna a bhaint amach agus a n-oibleagáidí a chomhlíonadh don bhliain 2024. Chomh maith leis sin le linn 2025, d'earcaíomar foireann nua chun tacú lenár ngníomhaíocht monatóireachta rochtana, rud a chuireann le cumas taifeadta agus anailíse.

Tá úsáideoirí seirbhísí rochtana atá Bodhar/a bhfuil mallachar éisteachta orthu agus dall/a bhfuil lagamharc orthu, Eagraíochtaí Chearta an Duine faoi Mhíchumas agus grúpaí a dhéanann ionadaíocht don lucht míchumais ar ár bPainéil Chomhairliúcháin Úsáideoirí. Trí na Painéil Chomhairliúcháin Úsáideoirí seo, foghlaimíonn Coimisiún na Meán faoi eispéiris na n-úsáideoirí maidir le seirbhísí rochtana go díreach ó na húsáideoirí féin.

Le linn 2025, chomhaontaíomar agus chuireamar creat rannpháirtíochta chun feidhme lenar leathnaíodh an raon saincheisteanna ar a ndéanaimid teagmháil le húsáideoirí ina leith, lenar méadaíodh ballraíocht ár bPainéal Comhairliúcháin Úsáideoirí agus lenar méadaíodh minicíocht na rannpháirtíochta. Chuir an méid a foghlaimíodh ó na Painéil Chomhairliúcháin Úsáideoirí bonn eolais faoi raon feidhme agus treo an taighde faoi stiúir rannpháirtithe ar cháilíocht na bhfotheideal agus TCÉ a chuirfear tús leis in 2026 chomh maith le forbairt ár gcur chuige agus ár modheolaíochta monatóireachta.

## Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht

Tháinig Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht i bhfeidhm an 28 Meitheamh 2025, agus ainmníodh Coimisiún na Meán mar údarás inniúil atá freagrach as a áirithiú go mbeidh seirbhísí lena soláthraítear rochtain ar sheirbhísí meán closamhairc i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta ar a dtugtar breac chuntas san I.R. Uimh. 636 de 2023. Le linn 2025, rinne Coimisiún na Meán a fheidhmeanna comhlíonta, gearán agus forfheidhmithe a mheas, agus cuireadh tosach feidhm leo, lena n-áirítear forbairt creataí agus próiseas rialála chun tacú le maoirseacht éifeachtach. Leanfar leis an dearadh agus le bunú na bhfeidhmeanna sin in 2026.

# Clárúchán Físeán ar Éileamh agus soláthar Chóid agus Rialacha nua na Meán le haghaidh soláthraithe Físeán ar Éileamh

Tá dualgas reachtúil ar an gCoimisiún Clár na Soláthraithe Seirbhíse Meán (an Clár) a choinneáil ar bun. Tá soláthraí seirbhíse meán faoi réir clárúcháin má tá sé lonnaithe sa Stát agus má sholáthraíonn sé seirbhís meán closamhairc ar éileamh amháin nó níos mó (físeán ar éileamh). Tá clárúchán faoi réir próiseas féinfhógartha.

I mí Feabhra, tar éis dul i gcomhairle le soláthraithe seirbhíse meán, rinne an Coimisiún na Rialacha Clárúcháin agus Treoirlínte do Sholáthraithe Seirbhíse Meán a nuashonrú. Foilsíodh Creat Cinnidh maidir le clárú um Fhíseán ar Éileamh i mí na Bealtaine 2025. Le chéile, leagtar amach go soiléir sna doiciméid sin na ceanglais reachtúla is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhíse meán agus mínítear iontu an próiseas céim ar chéim a leanann an Coimisiún chun a chinneadh an bhfuil soláthraí seirbhíse faoi réir clárúcháin de bhun Chuid 3A den Acht Craolacháin 2009.

In 2025, chuir an Coimisiún soláthraí seirbhíse meán amháin leis an gClár; SSBL Ltd maidir lena sheirbhís LOITV. Ina theannta sin, baineadh an tseirbhís Microsoft Movies & TV den Chlár. Ag deireadh na bliana, bhí 26 seirbhís físeán ar éileamh ó 18 soláthraí seirbhíse meán liostaithe ar an gClár. Tá an Clár foilsithe ar ár suíomh gréasáin.

## Alt 71

De bhun alt 71 den Acht Craolacháin 2009, tá an chumhacht ag Coimisiún na Meán conradh soláthair ábhair a dhéanamh le hiarratasóir ar mian leis bunábhar clár a chur i dtoll a chéile ar mhaithe lena chur san áireamh mar chuid d'ilphléacs, nó chun é a tharchur mar sheirbhís craolacháin sa Stát nó chuig Stáit Eorpacha eile.

I mí Iúil 2025, bhronn an Coimisiún conradh 10 mbliana ar na seirbhísí teilifíse spóirt síntiúis-bhunaithe Premier Sports 1 agus 2. Áirítear leis an ábhar sacar, rugbaí agus leadóg, agus clúdaítear imeachtaí spóirt ar fud an domhain, lena n-áirítear Príomhroinn Shasana, Corn na Seaimpíní agus Craobhchomórtais Leadóige Wimbledon. Chomh maith leis sin i mí Iúil 2025, d'fhaomh an Coimisiún síneadh le conradh Virgin Media Three.

# Soláthar Athbhreithnithe Feidhmíochta ar Mheáin na Seirbhíse Poiblí

## Réamhrá

Mar a fhoráiltear san Acht Craolacháin 2009 (arna leasú), tá roinnt freagrachtaí ar an gCoimisiún maidir le Meáin na Seirbhíse Poiblí (MSP) agus craoltóirí bainteacha. Cuimsítear leis sin measúnú ar RTÉ agus TG4 maidir leis an maoiniú a thugtar dóibh, a n oibríochtaí agus a gcomhlíontacht le cuspóirí seirbhíse poiblí mar a shainítear.

Áirítear leis na forálacha reachtúla sin:

- measúnú a dhéanamh ar na Ráitis Bhliantúla um Ghealltanais Feidhmíochta (ASPC) faoi Alt 102(3) den Acht;
- Athbhreithnithe Bliantúla ar Fheidhmíocht agus ar Mhaoiniú Poiblí (ARPPF) a dhéanamh faoi Alt 124(2)(5);
- Athbhreithnithe Chúig Bliana ar Mhaoiniú Poiblí (“5YRPF”) a éascú le haghaidh MSP atá leagtha amach in Alt 124(8);
- Measúnuithe ar Thionchar Earnála, Luach Poiblí (Ailt 100 & 103) agus Comhfhiontair (Alt 104) a chomhlánú, nuair a iarrann an tAire é.

Foráiltear leis an Acht Craolacháin freisin do cheadúnú agus maoirseacht ar Theilifís an Oireachtais.

Foráiltear leis an Scéim Ghinearálta athbhreithnithe an Bhille Craolacháin (Leasú) (“an Scéim Ghinearálta”), a foilsíodh i mí Aibreáin 2025, d’athruithe suntasacha ar rialáil MSP, lena n-áirítear ról méadaithe do Choimisiún na Meán.

## 2025 Réimsí Fócais

Leanadh den dul chun cinn in 2025 sna trí phríomhréimse fócais dár bplean oibre:

- Athbhreithnithe Reachtúla
- Athchóiriú Reachtach
- Creat MSP

## Soláthar Athbhreithnithe Feidhmíochta ar Mheáin na Seirbhíse Poiblí

Tugadh na hathbhreithnithe seo a leanas chun críche le linn 2025:

Athbhreithniú Bliantúil ar Fheidhmíocht agus Maoiniú Poiblí RTÉ agus TG4

Rinneadh Athbhreithniú Bliantúil ar Fheidhmíocht agus Maoiniú Poiblí (ARPPF) 2024 do RTÉ agus TG4 in 2025. Cuireadh tuarascáil deiridh faoi bhráid an Aire an 14 Iúil, 2025.

Cuimsítear san athbhreithniú measúnú ar a mhéid a chomhlíon gach craoltóir a chuid gealltanas a rinneadh sa tréimhse ábhartha ag féachaint dá chuspóirí seirbhíse poiblí, agus leordhóthanacht an mhaoinithe phoiblí nó a mhalairt lena chur ar a chumas don chorparáid freastal ar a chuspóirí seirbhíse poiblí.

Thacaigh measúnú neamhspleách agus an fhianaise a thiomsaigh ár gcomhairleoirí ainmnithe, Oliver & Ohlbaum Associates Teo (O&O), leis an bpróiseas. Rinne O&O measúnú ar fheidhmíocht RTÉ agus TG4. Rinne an Coimisiún an obair a stiúradh agus díríodh ar na ceithre phríomhréimse a leanas: Athbhreithniú ar threochtaí an mhargaidh, feidhmíocht gach MSP aonair i gcoinne ghealltanais 2024 agus leordhóthanacht ghealltanais 2025, agus athbhreithniú ar leordhóthanacht an mhaoinithe phoiblí do na Meáin Seirbhíse Poiblí, lena n-áirítear moladh maoinithe do 2026 agus 2027.

## Soláthar Athbhreithnithe Feidhmíochta ar Mheáin na Seirbhíse Poiblí (ar lean)

Bhí an méid a leanas i measc na gconclúidí i gcás RTÉ:

- Cé gur tháinig méadú 15% ar mhaoiniú poiblí idir 2023 agus 2024, bhí sé sin níos ísle ná an leibhéal a mhol Coimisiún na Meán agus ná an méid a d'iarr RTÉ.
- Mhéadaigh RTÉ a sciar den lucht féachana teilifíse (+2.3%) agus a sciar den lucht éisteachta raidió (+0.4%) agus d'fhan lucht éisteachta seachtainiúil a chuid seirbhísí uile seasmhach. Tháinig fás suntasach freisin ar líon na gcuairteanna ar phunann de tháirgí digiteacha RTÉ (+15.9%).
- Is cúis mhór imní i gcónaí an meath ar mhuinín an phobail in RTÉ mar institiúid (-11%).
- Ar an iomlán, bhain RTÉ amach, nó ba bheag nár bhain sé amach, 95% dá spriocanna in 2024. Rinne RTÉ athbhreithniú agus athstruchtúrú ar a ghealltanais in 2024, agus rinneadh iad a ailíniú leis na cúig réimse dá straitéis Treo Nua. Bhí formhór na spriocanna cainníochtúil agus intomhaiste, rud a thacaigh le trédhearcacht agus cuntasacht, agus rinneadh bunlíne cuid acu a athshocrú freisin chun monatóireacht níos éifeachtaí a éascú i ndiaidh na ndúshlán rialachais a tháinig chun cinn in 2023.
- Mhol Coimisiún na Meán go gcoinneofaí, ar a laghad, na leibhéil mhaoinithe atá geallta faoi láthair, is é sin €240 milliún in 2026 agus €260 milliún in 2027, chomh maith le maoiniú breise €15 milliún in aghaidh na bliana chun an riosca do chúlchistí airgid a mhaolú, chun tacú le cur chun feidhme straitéis RTÉ agus chun bonn níos daingne a chur faoi inbhuanaitheacht fhadtéarmach RTÉ.
- Mhol Coimisiún na Meán freisin go leanfaí den tacaíocht don chlár VEP agus de chur chuige fadtéarmach, straitéiseach a ghlacadh maidir le maoiniú RTÉ – go háirithe gealltanas chun timthriallta maoinithe ilbhliantúla a choinneáil ar bun ar feadh trí bliana ar a laghad.

Bhí an méid a leanas i measc na gconclúidí i gcás TG4:

- Tháinig méadú de thart ar 9% ar mhaoiniú poiblí TG4 idir 2023 agus 2024.
- Bhain TG4 an sprioc a leagadh síos maidir lena sciar den lucht féachana teilifíse amach, agus lean an fás measartha ach seasta ar an sciar féachana sin ó 1.8% in 2020 go 2.2% in 2024. Bhain TG4 amach nó sháraigh sé na spriocanna a leagadh síos maidir lena sheirbhísí ar líne agus ar éileamh amhail Seinnteoir TG4 agus líon na n-amharc trasardáin ar ábhar TG4, ach níor baineadh amach roinnt spriocanna a bhí dírithe ar lucht féachana níos óige, agus bhí formhór na dtáscairí feidhmíochta a bhain le Cúla4 faoi bhun na spriocanna a socraíodh.



Soláthar Athbhreithnithe Feidhmíochta ar Mheáin na Seirbhíse Poiblí (ar lean)

- D'éirigh go maith le TG4 i dtéarmaí braistinte cáilíochta, agus d'aontaigh 85% go soláthraíonn TG4 ábhar agus seirbhísí ardchaighdeáin.
- As 45 sprioc feidhmíochta, bhain TG4 amach nó sháraigh sé 27 (60%), ba bheag nár bhain sé amach ocht gcinn (18%), agus níor bhain sé amach deich gcinn (22%). Ba é an réimse fócais ba rathúla ná 'Maoiniú agus Scála', inar baineadh amach na cúig sprioc ar fad.
- Mhol Coimisiún na Meán méadú ar mhaoiniú thar leibhéil 2025 go €66.34 milliún (2026) agus €67.525 (2027). Tá sé beartaithe leis an maoiniú molta seo tacú le TG4 na réimsí tosaíochta atá sainaitheanta aici a fhorbairt tuilleadh, lena n-áirítear Cúla4 agus an chéad chéim d'oibríochtaí neamhspleácha Nuachta.
- Thacaigh Coimisiún na Meán freisin leis an moladh go gcuirfí infheistíocht mhaoinithe ilbhliantúil ar fáil do TG4, rud a thabharfaidh níos mó soiléire agus fócais chun cur chuige agus straitéis níos leithne a shainmhíniú.

## Athbhreithniú Cúig Bliana ar Mhaoiniú Poiblí

Cuireadh an tAthbhreithniú Chúig Bliana ar Mhaoiniú Poiblí d'eagraíochtaí na Meán Seirbhíse Poiblí, RTÉ agus TG4, ar sos in 2023 chun go gcríochnódh an Roinn agus RTÉ athbhreithnithe níos leithne ar rialachas airgeadais. Cuireadh tús leis an Athbhreithniú Cúig Bliana ar Mhaoiniú Poiblí in 2024, agus cuireadh an tuarascáil deiridh faoi bhráid an Aire an 30 Meitheamh, 2025.

Leis an athbhreithniú seo, rinneadh measúnú ar leordhóthanacht maoinithe phoiblí do MSP ar feadh na tréimhse 2018–2024 agus fiosraíodh na dúshláin straitéiseacha atá roimh RTÉ agus TG4 ó 2025 agus 2027. Tharraing leis ar mhaoirseacht rialála an Choimisiúin, lena n-áirítear athbhreithnithe feidhmíochta bliantúla, agus fuair sé tacaíocht ó anailís mhionsonraithe neamhspleách de chuid Communications Chambers, Teo.

Is féidir raon feidhme an athbhreithnithe seo a roinnt ina thrí chuid.

Sa chéad chuid, cuimsítear athbhreithniú siarghabhálach ar fheidhmíocht agus ar mhaoiniú poiblí na MSPanna ó rinneadh an tAthbhreithniú Cúig Bliana deireanach i leith chomhlíonadh a gcuspóirí poiblí. Tugadh aird ar leith ar oibriú an Chuntais Léiriúcháin Neamhspleách in RTÉ i gcomhréir le moladh 5.10 ón FOMC inar iarradh athbhreithniú ar an gcuntas seo chun cur le moltaí maidir le leibhéal maoinithe.

Sa dara cuid, déantar anailís ionchasach ar straitéisí costáilte MSPanna don tréimhse trí bliana atá romhainn, ag tabhairt aird ar leith ar cé chomh hoiriúnach is atá a straitéisí chun cabhrú leo a gcuspóirí poiblí a chomhlíonadh, agus riachtanais reatha agus athraitheacha an lucht féachana, teicneolaíocht agus tírdhreach na meán níos leithne á gcur san áireamh.

Agus sa chuid dheireanach, moltar leibhéil chuí de mhaoiniú poiblí chun an tacaíocht agus an treoir is fearr a thabhairt do MSPanna chun a gcuspóirí poiblí a chomhlíonadh agus fanacht ábhartha i dtimpeallacht meán atá ag éirí níos bloghta agus níos saincheaptha don duine aonair.

Áiríodh le conclúidí agus moltaí do RTÉ an méid seo a leanas

- Tá trí phríomh-shaincheist ríthábhachtach do thodhchaí RTÉ. A sheasamh maoinithe, an Clár Imeachta Dheonaigh (VEP) a chur chun feidhme, agus a lúfaireacht eagraíochtúil.
- Tá an VEP lárnach do rath straitéis RTÉ. Tá an laghdú ar líon na foirne ríthábhachtach chun an bille pá a ísliú agus acmhainní a chur ar fáil chun infheistiú i gcoimisiúnú inneachair neamhspleách breise, agus is príomhghné de Straitéis Treo Nua RTÉ í. Mhol Coimisiún na Meán go leanfadh an Rialtas de thacú le conair chlár VEP.
- Cé gur fáiltíodh roimh an maoiniú a leithdháileadh ar RTÉ do 2025, tá sé níos lú ná an méid a d'iarr eagraíocht MSP agus an méid a mhol an Coimisiún.

## Soláthar Athbhreithnithe Feidhmíochta ar Mheáin na Seirbhíse Poiblí (ar lean)

- Maidir leis an moladh a áiríodh sa Scéim Ghinearálta nuashonraithe de thacaíocht do mholadh an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán go gcaithfeadh RTÉ 25% ar a laghad dá mhaoiniú poiblí ar léiriúchán neamhspleách faoi 2027, d'fhéadfadh sé sin cobhsaíocht oibríochtúil RTÉ a chur i mbaol mura mbeadh acmhainní leordhóthanacha aige chun an tsolúbthacht struchtúrtha riachtanach a sholáthar.
- Tacaíonn an Coimisiún leis an aistriú i dtreo samhail neamhspleách faoi stiúir coimisiúnú ach tá ábhair imní fós aige – go háirithe maidir leis an mbéim theoranta ar ábhar Leanaí – agus cuireann sé i dtábhacht go bhfuil maoiniú leordhóthanach bunriachtanach do RTÉ chun a chuid uaillmhianta meán seirbhíse poiblí léiriúcháin hibrideacha a fhíorú go hiomlán.
- Mhol Coimisiún na Meán na leibhéil mhaoinithe ghealltta reatha a bhaint amach, is é sin, ar a laghad, €240m le haghaidh 2026 agus €260m le haghaidh 2027, chomh maith le maoiniú breise €15m in aghaidh na bliana chun cabhrú leis an eagraíocht a chobhsú agus chun tacú lena todhchaí fhadtéarmach.
- Mhol Coimisiún na Meán freisin cur chuige fadtéarmach, straitéiseach a ghlacadh maidir le maoiniú RTÉ – go háirithe gealltanas chun timthriallta maoinithe ilbhliantúla a choinneáil ar bun ar feadh trí bliana ar a laghad.

Bhí an méid a leanas i measc na gconclúidí i gcás TG4:

- Trí chlársceidealú sainiúil TG4, tacaítear le príomhphobail na Gaeilge agus cuirtear leis an tírdhreach meán náisiúnta ar bhealach níos leithne trí ábhar Gaeilge ar ardchaighdeán.
- Maidir le haistriú straitéiseach TG4 chun níos mó acmhainní oideachasúla a thairiscint le haghaidh sealbhú teanga, tarraingíonn sé aird ar theannas méadaitheach idir sainchúram seirbhíse poiblí reachtúil TG4 agus a threo beartach reatha; cé go dtugann gníomhaíochtaí den sórt sin beartais Ghaeilge an Rialtais chun cinn, ní bhíonn siad ag teacht go soiléir i gcónaí le cuspóirí TG4 mar a leagtar amach le reacht.
- Le tionscnaimh amhail Cine4, Cúla4, agus TG4 Foghlaim, tairgtear luach cultúrtha soiléir, ach ba cheart a gcuspóir a bheith fréamhaithe i bpríomhfheidhm TG4 mar sholáthraí ábhar meán.
- Mhol Coimisiún na Meán straitéis lucht féachana TG4 a chomhdhlúthú agus a neartú chun lucht féachana Gaeilge a aimsiú agus freastal orthu ar bhealach níos fearr. B'fhiú do TG4 snáitheanna ábhair neamhspleácha a nascadh i straitéis lucht féachana atá níos comhtháite agus níos uileghabhálaí, agus níos mó léargais taighde bunaithe ar fhianaise mar bhonn aige sin agus é bunaithe ar mhéadrachtaí níos láidre freisin.
- Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ag TG4 maidir le hinfheistíocht tras-ardáin chun inrochtaineacht agus aimsiú an lucht féachana a uasmhéadú lastall den spás líneach, trí fhorbairt leanúnach a dhéanamh ar a straitéis dáileacháin, cuideofar le fás agus rochtain amach anseo. Is féidir gur fiú tairiscintí ar leith a chuíchóiriú amhail BLOC, Molscéal, etc., chun tuin chainte agus cur teachtaireachtaí branda comhsheasmhach a chinntiú ar fud na n ardán uile.
- Tríd is tríd, ba cheart do TG4 soiléire cuspóra a choinneáil ar bun, fréamhaithe ina ról reachtúil, le linn oiriúnú chun freastal ar lucht féachana náisiúnta atá inniúil go digiteach agus éagsúil.
- Mhol Coimisiún na Meán méadú ar mhaoiniú os cionn leibhéil 2025 go dtí €66.34m (2026) agus €67.525 (2027). Ba cheart go gcuirfeadh an moladh ar chumas TG4 a réimsí tosaíochta sainaitheanta a mhéadú lena n-áirítear Cúla4 agus an chéad chéim d'oibríochtaí neamhspleácha Nuacht.
- Thacaigh Coimisiún na Meán leis an moladh gur cheart do TG4 infheistíocht mhaoinithe ilbhliantúil a fháil, rud a thabharfaidh níos mó soiléire agus fócais chun cur chuige agus straitéis níos leithne a shainmhíniú.

Soláthar Athbhreithnithe Feidhmíochta ar Mheáin na Seirbhíse Poiblí (ar lean)

Conclúidí maidir le Nuacht:

- Le Moladh 7.1 de thuarascáil FOMC luaitear gur cheart "Rialú eagarthóireachta neamhspleách a bheith ag TG4 ar a sheirbhísí nuachta. Leis sin, beifear in ann iolracht níos mó a chinntiú i dtuairisciú nuachta agus beidh TG4 in ann seirbhís fheabhsaithe a sholáthar dá lucht féachana."
- Tar éis anailís ilchritéar (MCA) a rinne an Coimisiún in 2024, cinneadh aistriú Nuacht TG4 chuig neamhspleáchas eagarthóireachta a áireamh laistigh de raon feidhme an Athbhreithnithe Cúig Bliana chun cuidiú leis an dul chun cinn a spreagadh.
- Mar chuid den athbhreithniú seo, cuireadh de chúram ar RTÉ agus TG4 araon teacht ar chomhaontú maidir le treochlár agus costálacha ceannlíne chun eolas a dhéanamh do chinntí pleanála agus maoinithe amach anseo. Tá cainteanna ar siúl faoi láthair maidir leis sin.

## Measúnuithe ar Thionchar Earnála agus ar Luach Poiblí

**Dúnadh Sheirbhísí Raidió Digiteacha RTÉ:**

I mí na Nollag 2024, fuair an Coimisiún iarratas ón Aire go ndéanfadh sé Measúnú ar Thionchar Earnála agus ar Luach Poiblí ar iarratas ar thoiliú a fuair RTÉ i ndáil lena phlean chun ceithre cinn dá stáisiúin raidió digiteacha a dhúnadh.  Soláthraíodh an tuarascáil sin an 10 Márta, 2025, de réir an spriocdháta reachtúil 90 lá.

Rinne an Coimisiún measúnú ar chinneadh RTÉ chun deireadh a chur le ceithre sheirbhís raidió dhigiteacha, ag díriú ar chritéir in alt 100(2) den Acht. Thacaigh an Coimisiún le togra RTÉ, agus glacadh aige gur mhó an luach poiblí níos leithne a fhaightear ó acmhainní a chomhdhlúthú agus aschur ábhair a fheabhsú ná aon easnamh poiblí a d'fhéadfadh a bheith ann.

Tar éis breithniú a dhéanamh ar thogra RTÉ agus ar Mheasúnú Choimisiún na Meán ar Thionchar Earnála agus ar Luach Poiblí, dheonaigh an tAire toiliú do RTÉ chun leanúint ar aghaidh leis an dúnadh.

**A Leas in GAAGO á Dhiúscairt ag RTÉ:**

Chuir RTÉ togra chuig an Aire faoi alt 104 ag lorg toiliú chun a scairsheilbh agus a leas sa chuideachta chomhfhiontair GAAGO Media Ltd a dhiúscairt agus a dhíol le CLG. D'iarr an Roinn go foirmiúil tuairim an Choimisiúin faoin togra thar cheann an Aire. D'iarr an tAire tuairim an Choimisiúin faoi théarmaí agus coinníollacha iomchuí a d'fhéadfaí a chur leis an toiliú, mar a ndéantar foráil dó in alt 104(5).

Rinne An Coimisiún obair anailíse go hinmheánach, agus rinne an t-athbhreithniú measúnú ar lánscor beartaithe an leasa maidir le:

- Comhsheasmhacht leis na ceadanna a bhí ag an gCorparáid cheana féin
- Comhsheasmhacht le Cuspóirí na Corparáide
- Comhsheasmhacht le straitéis foilsithe na Corparáide
- Obair le rialacha maidir leis an Státchabhair

Bhí Coimisiún na Meán sásta gur chomhlíon an togra na tástálacha ábhartha agus ní bhfuair sé cúis mhaith le toiliú a choinneáil siar maidir leis an gcomhfhiontar a dhiúscairt.

Agus aird aige ar na srianta a bhí i gceist, mheas Coimisiún na Meán go raibh an úsáid a bhí beartaithe ag RTÉ as na fáltais chun príomhghnéithe dá Ráiteas Straitéise a sholáthar iomchuí agus i gcomhréir le Rialacha an Aontais maidir le Státchabhair agus an Cód Caiteachais Phoiblí.

# Creat um na Meáin Seirbhíse Poiblí a Fhorbairt

## Athchóiriú reachtach

Lean Coimisiún na Meán de bheith rannpháirteach i bpróiseas sainchomhairleoireachta leis an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt maidir le Scéim Ghinearálta nua an Bhille Craolacháin (Leasú), a foilsíodh an 8 Deireadh Fómhair 2024 agus a leasaíodh an 10 Aibreán 2025.

Foráiltear leis an Scéim Ghinearálta maidir le hathruithe suntasacha ar rialáil MSP, lena n-áirítear ról méadaithe do Choimisiún na Meán. Tugann sí éifeacht do mholtaí ón gCoimisiún um Thodhchaí na Meán (FoMC), a mhéid is atá siad ag teacht le cinneadh an Rialtais ón 24 Iúil 2024 maidir le maoiniú MSP, agus le hAirteagal 5(3) den An Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán (EMFA) maidir le nósanna imeachta maoinithe do sholáthraithe MSP.

Faoin réim rialála nua, ullmhóidh Coimisiún na Meán athbhreithnithe ar leordhóthanacht an mhaoinithe phoiblí do sholáthraithe MSP gach trí bliana (seachas gach cúig bliana). Beidh gealltanais feidhmíochta trí bliana agus spriocanna aschuir do gach soláthraí MSP san áireamh sna hathbhreithnithe sin agus beidh siad bunaithe ar mhodheolaíocht athbhreithnithe faoi réir comhairliúchán poiblí.

Déanann an Scéim Ghinearálta leasú ar na forálacha a bhaineann le hathbhreithnithe bliantúla ar fheidhmíocht agus le measúnú ar leordhóthanacht an mhaoinithe phoiblí, d’fhonn níos mó cuntasachta agus trédhearcachta a chinntiú.

Bhí Coimisiún na Meán os comhair Chomhchoiste an Oireachtais i mí an Mheithimh 2025, tar éis aighneacht i scríbhinn a chur faoina bhráid i mí na Bealtaine 2025. Leag Coimisiún na Meán béim ar a thábhachtaí atá MSP inbhuanaithe agus dea-mhaoinithe do shochaí na hÉireann agus chuir sé fáilte roimh athchóirithe cuiditheacha ar an reachtaíocht atá ann cheana.

## Creat um na Meáin Seirbhíse Poiblí

Cuireadh tús le tionscadal Chreat MSP i mí Mheán Fómhair 2024 agus leanadh leis an obair i rith 2025.

Soláthraíonn an Creat MSP an bonn fianaise ríthábhachtach a theastaíonn ó ról reachtúil athraitheach an Choimisiúin agus ionas go mbeidh an Coimisiún in ann abhcóideacht a dhéanamh ar son athruithe ar bheartais (AE agus náisiúnta) amach anseo, riachtanais lucht féachana nó éisteachta a chur chun cinn agus tacú le heagraíochtaí MSP solúbtha a fhorbairt a bheidh in ann freastal ar éilimh na ré digití a bhíonn ag athrú go tapa.

Tá ceithre phríomhchuspóir ag Creat MSP:

- An lucht féachana nó éisteachta a chur i gcroílár MSP mar shaoránaigh, tomhaltóirí agus comhchruthaitheoirí meán
- MSP a cheistiú agus a ullmhú don todhchaí i ré ina bhfuil athrú teicneolaíoch tapa, an lucht féachana nó éisteachta scoilte agus nósanna tomhaltais ag athrú
- Forbairt beartais fhadtéarmaigh a chur chun cinn agus;
- Eolas a thabhairt do mhisean athraitheach agus pleananna gníomhaíochta straitéiseacha Choimisiún na Meán.

## Creat um na Meáin Seirbhíse Poiblí a Fhorbairt (ar lean)

Áirítear le Sreabhadh Oibre Thionscadal Chreat MSP an méid seo a leanas:



Lucht féachana nó éisteachta/



Pobal Prionsabail agus Luachanna



Maoirseacht sa Todhchaí



Nuálaíocht

D'iarr an Coimisiún ar mhuintir na hÉireann a dtuairimí a thabhairt maidir le todhchaí mheáin na seirbhíse poiblí le Glao ar Ionchuir, a bhí oscailte ón 28 Márta go dtí an 23 Bealtaine 2025. D'fhiosraigh an Glao an méid atá daoine ag iarraidh, atá ag teastáil uathu agus a bhfuil meas acu air i MSP in Éirinn, chomh maith leis an méid is mian leo tuilleadh de a fheiceáil sa todhchaí.

Bhí an Glao ar Ionchuir ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge agus óstáladh é ar EUSurvey, uirlis bainistíochta suirbhéanna ar líne de chuid an Choimisiúin. Bhí sé ar oscailt do chách agus cuireadh chun cinn é ar chainéil ábhartha Choimisiún na Meán.

Tar éis na céime rannpháirtíochta sin, rinneadh suirbhé ar líne ar shampla ionadaíoch náisiúnta de 1,009 duine os cionn 18 mbliana d'aois a bhí ina gcónaí i bPoblacht na hÉireann. D'fhiosraigh an suirbhé an úsáid a baineadh as na meáin agus dearcthaí lucht éisteachta agus féachana. Rinneadh an obair allamuigh idir an 6 agus an 20 Deireadh Fómhair 2025.

Red C Research & Marketing Ltd a rinne an suirbhé. Tionscnamh tras-fheidhmeach a bhí ann agus bhí na foirne Taighde & Straitéise agus Ceadúnú páirteach ann freisin.

Leanfaidh Coimisiún na Meán dá bhonn lucht féachana agus éisteachta a fhorbairt in 2026 trí:

- pléití i bhfócasghrúpaí cáilíochtúla le daoine fásta (18+), agus
- tionscadal taighde saincheaptha a scrúdaíonn rannpháirtíocht leanaí Éireannacha le MSP.

Beidh torthaí ó gach céim den taighde agus den rannpháirtíocht mar bhonn eolais don mhéid a leanas:

- páipéar seasaimh Choimisiún na Meán ina léirítear mianta agus riachtanais lucht féachana agus éisteachta na hÉireann agus ina leagtar amach na prionsabail agus luachanna atá ríthábhachtach maidir le MSP a sholáthar in Éirinn sa todhchaí (le foilsiú in 2026)
- modheolaíocht athbhreithnithe nua a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht MSP agus maoiniú poiblí, mar a ndéantar foráil dó sa Scéim Ghinearálta (le cur faoi bhráid an Aire in 2027). Tá Coimisiún na Meán tiomanta tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais phobal na hÉireann agus iad a chur chun cinn agus forbairt ag teacht an t-am ar fad ar a ról mar rialtóir.

### Na Céimeanna atá Romhainn

Cinnteoidh an bhliain seo chugainn go leanfar lenár bpríomhshreabhadh oibre. Soláthrófar an fhorbairt ar an modheolaíocht nua trí úsáid a bhaint as torthaí ó shreabhadh oibre thionscadal Chreat MSP uile chun bonn fianaise láidir a chruthú agus sraith chuimsitheach méadrachta ina mbeidh sonraí faoi dhearcthaí an lucht féachana nó éisteachta agus an phobail, chomh maith le sonraí eacnamaíoch/airgeadais, agus sonraí faoi thionchar poiblí/sóisialta agus spriocanna chun ceanglais na Scéime Ginearálta a chur i gcrích agus chun ailíniú le GESM a chinntiú.

# Soláthar na Straitéise um Sheirbhísí Craolacháin

Chuir an Coimisiún tús le hathbhreithniú ar an Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin ("SSC") ag deireadh 2025.

Ceann de phríomhaidhmeanna SSC is ea forbairt earnála craolacháin neamhspleách atá freagrach, bríomhar, freagrúil agus inbhuanaithe a éascú, earnáil a fhreastalóidh ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann, agus éagsúlacht chultúrtha mhéadaitheach a lucht féachana nó éisteachta á cur san áireamh. Tá sé ríthábhachtach iolracht úinéireachta, ábhair agus dearcaidh a choinneáil ar bun i seirbhísí craolacháin freisin. Tá cuspóirí SSC ag éirí níos tábhachtaí an t-am ar fad in éiceachóras na meán atá ag athrú go tapa sa lá atá inniu ann.

Áireofar leis an athbhreithniú seo:

- Anailís eacnamaíoch agus mhargaidh ina scrúdófar aibíocht an mhargaidh, dinimic, eacnamaíocht, rialáil, agus tosca teicneolaíochta, samhlacha gnó atá ag athrú, inbhuanaitheacht ioncaim, treochtaí reatha agus spreagthaí dóchúla an athraithe agus an acmhainneacht d'ábhar agus samhlacha soláthair nua.
- Athchóiriú reachtach náisiúnta agus Eorpach atá le teacht.
- Riachtanais agus roghanna lucht féachana agus éisteachta sa lá atá inniu ann chun pleanáil don mheascán is fearr de sheirbhísí craoltóireachta/hibrideacha náisiúnta, réigiúnacha, áitiúla, pobail agus nideoige.

Tá coinne leis go gcuirfear an t-athbhreithniú i gcrích faoi mhí an Mhárta 2026, agus beidh na torthaí mar bhonn eolais d'fhorbairt straitéise nua, a mheastar go bhfoilseofar ag tarraingt ar dheireadh 2026.

## Éagsúlachtaí Conartha

Ceanglaítear ar chraoltóirí ceadú a lorg d'éagsúlachtaí conartha suntasacha, mar shampla, ar a struchtúir úinéireachta agus rialaithe. Breithníonn an Coimisiún na hiarratais sin i gcomhréir leis na forálacha reachtúla agus na beartais ghaolmhara (e.g. An Beartas maidir le Rialú agus Úinéireacht, Beartas Iolrachta na Meán, an Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin).

In 2025, d'fhormheas An Coimisiún 51 éagsúlú conartha: 31 maidir le Rialú agus Úinéireacht, 19 maidir le Clársceidealú, agus ceann amháin Teicniúil.

D'fhormheas An Coimisiún athruithe ar úinéireacht Galway Bay FM agus South East Radio. Leis na hathruithe sin ar úinéireacht, b'éigean fógraí faoi chumasc meán a thabhairt don Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí agus don Roinn.



# Iolrachas na Meán

Tá roinnt cumhachtaí, feidhmeanna, agus freagrachtaí ag an gCoimisiún chun seasamh leis an tsaoirse tuairimíochta agus chun iolrachas na meán a chinntiú. D'ullmhaigh sé Beartas um Iolrachas na Meán in 2025, atá beartaithe soiléireacht a thabhairt maidir le tuiscint Choimisiún na Meán ar iolrachas na meán, agus conas a threoróidh iolrachas na meán gníomhaíochtaí na heagraíochta.

Chun iolrachas na meán a chosaint agus a chur chun cinn, tugtar breac-chuntas sa dréacht-Bheartas ar a thábhachtaí atá na meáin seirbhíse poiblí, iriseoireacht atá ar ardchaighdeán agus neamhspleách, rogha eolasach agus rochtain ar na meáin, agus nuálaíocht agus cuimsiú i dtírdhreach na meán. Déantar cur síos sa dréacht-Bheartas freisin ar roinnt tosca a fhéadfaidh An Coimisiún a úsáid chun iolrachas na meán a thomhas, lena n-áirítear inmharthanacht seirbhísí meán, comhchruinniú i margaí na meán, agus ionadaíocht in ábhar na meán.

Rinne An Coimisiún comhairliúchán poiblí in mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair 2025 faoina dhréacht-Bheartas. Fuair an Coimisiún dhá aighneacht déag ar a chomhairliúchán ón bpobal, ó sholáthraithe seirbhíse meán, ó sholáthraithe ardán ar líne, ó chumainn ionadaíochta agus ó na hollscoileanna. Tá sé i gceist ag an gCoimisiún an Beartas deiridh a fhoilsiú in 2026.

# Sábháilteacht ar Líne

## Creat Comhlíontachta le haghaidh Sábháilteacht ar Líne

Léiríonn an Creat Comhlíontachta an bealach a dhéanann An Coimisiún maoirseacht, cigireacht, imscrúdú agus forfheidhmiú ar chomhlíonadh leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, le TCOR agus leis an gCód Sábháilteachta ar Líne. Leagtar amach ann na príomhghnéithe a theastaíonn chun an Creat Sábháilteachta ar Líne a chur chun feidhme, mar shampla socruithe rialachais, róil agus freagrachtaí, agus na próisis atá mar bhonn taca le cosc, maoirseacht, cigireacht, fiosrúchán, forfheidhmiú, tuairisciú agus gníomhaíochtaí cumarsáide.



In 2025, dhírigh an Coimisiún ar dhul chun cinn a dhéanamh ar chur chun feidhme iomlán an chur chuige rioscabhunaithe ar mhaoirseacht, ar chuid lárnach é dár gCreat Comhlíontachta. Tá measúnú déanta againn ar roinnt ardán ar líne chun na cinn a bhfuil na rioscaí is mó ag baint leo d'úsáideoirí ar líne a shainaithint, agus tá obair ar bun chun leanúint ar aghaidh leis an measúnú seo in 2026 ar líon níos airde ardán ar líne. .

## Gníomhaíocht Mhaoirseachta ar Ardáin

In 2025, bhí Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha agus údaráis inniúla eile i mbun raon gníomhaíochtaí maoirseachta agus forfheidhmiúcháin, arna gcomhlánú le tionscnaimh éagsúla idirnáisiúnta agus náisiúnta, idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, arb é is aidhm dóibh comhlíonadh a chothú, comhar a fheabhsú, agus cur chun feidhme éifeachtach GSD a chinntiú.

In 2025, chuaigh An Coimisiún i dteagmháil go gníomhach le heintitis rialáilte laistigh dá shainchúram rialála chun comhlíonadh leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha a chinntiú. Tá cur chuige rioscabhunaithe glactha ag an gCoimisiún maidir le maoirseacht, trína ndíríonn sé a acmhainní maoirseachta ar eintitis a bhfuil na rioscaí is mó ag baint leo d'úsáideoirí ar líne, agus láithreacht mhaoirseachta á coinneáil aige ar fud na soláthraithe seirbhíse idirghabhálacha uile ag an am céanna.

Sábháilteacht ar Líne (ar lean)

Le linn 2025, rinne An Coimisiún raon leathan gníomhaíochtaí maoirseachta lena gcumhdaítear VLOPanna/VLOSEnna, agus soláthraithe seirbhíse idirghabhálacha eile (ISPanna) atá bunaithe in Éirinn. Ar na gníomhaíochtaí maoirseachta is suntasaí áirítear:

- Tar éis tús a chur le hathbhreithniú in 2024 ar chomhlíonadh roinnt soláthraithe ar líne le hAirteagal 16 den GSD, d'iarr an Coimisiún faisnéis ar roinnt díobh sin atá lonnaithe in Éirinn - lena n-áirítear VLOPanna agus VLOSEnna - chun a chinntiú go mbeidh sé de cheart ag daoine ábhar a thuairisciú a bhfuil amhras orthu go bhfuil sé mídhleathach, trí shásra tuairiscithe inrochtana agus so-úsáidte. Mar thoradh ar an athbhreithniú sin, rinneadh roinnt gníomhaíochtaí in 2025, amhail rannpháirtíocht fheabhsaithe, Iarrataí ar Fhaisnéis, litreacha a bhaineann le Maoirseacht, agus oscailt dhá fhiosrúchán freisin (in dhá VLOPanna). Tá athruithe suntasacha déanta ag roinnt soláthraithe eile ar a sásraí tuairiscithe maidir le hábhar mídhleathach, tar éis dóibh dul i dteagmháil le Coimisiún na Meán. Tá measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún faoi láthair ar na hathruithe sin ar mhaithe lena n-éifeachtacht.
- Ag díriú ar Threoirlínte Airteagal 28 sa Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha, agus ar ár straitéis maidir leis na Treoirlínte a chur chun feidhme. Tá cosaint mionaoiseach mar réimse tosaíochta don Choimisiún:
  - Tá tús curtha againn le tionscadal chun athbhreithniú a dhéanamh ar ardáin atá bunaithe in Éirinn (seachas VLOPanna) agus teagmháil a dhéanamh leo maidir le cur chun feidhme Threoirlínte Airteagal 28. Leanfaidh sé sin ar aghaidh in 2026 agus áirítear leis seiceálacha comhlíontachta réamhghníomhacha agus idirphlé rialála treisithe.
  - I gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach agus le Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha eile, chuireamar tús le gníomhaíocht chomhordaithe ar ardáin phornagrafacha, agus dhírigh gach Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha ar sheirbhísí atá bunaithe go náisiúnta. In 2025, áiríodh leis sin sainaithint agus mapáil dhlínsiúil na seirbhísí ábhartha atá bunaithe in Éirinn, agus for-rochtain tosaigh.
- Formhaoirseacht a dhéanamh ar VLOPanna agus ar ullmhúcháin VLOSEnna do thoghchán Uachtaránachta na hÉireann, i ndáil lena n-oibleagáid rioscaí sistéamacha a bhaineann le sláine toghcháin a mheasúnú agus a mhaolú. Is éard a bhí i gceist leis sin cruinniú comhchéime toghcháin ina raibh ionadaithe ó na heintitis rialáilte, ó rialálaí eile agus ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Thacaigh an Coimisiún freisin le cruinnithe comhchéime toghcháin i mBallstáit eile.
- In 2025, rinne an fhoireann Mhaoirseachta ceithre bhabhta de bhun-mheasúnuithe comhlíontachta ar ardáin shainaitheanta ar líne. Breithníodh sna measúnuithe sin foilsiú AMARS, infhaighteacht faisnéise Pointe Teagmhála Aonair, an fhaisnéis trédhearcachta maidir le fógraíocht, agus foilsiú Tuarascálacha Trédhearcachta. I gcás nár sainaithníodh comhlíonadh, chuamar i dteagmháil le hardáin ar líne chun feabhsuithe a fheiceáil nó chun fógra a thabhairt dóibh faoi na hoibleagáidí.
- Rinneadh gníomhaíocht mhaoirseachta eile in 2025 i gcomhréir lenár gcur chuige rioscabhunaithe, ag díriú ar sholáthraithe tosaíochta agus ar réimsí téamacha imní. Áiríodh leis sin rannpháirtíocht fheabhsaithe, Iarrataí ar Fhaisnéis agus litreacha maidir le hábhair imní maoirseachta a sheoladh amach, agus gníomhaíochtaí for-rochtana eile.
- Athbhreithniú á dhéanamh ar na Measúnuithe Riosca agus Iniúchtaí arna gcur isteach ag VLOPS agus VLOSES ina leagtar amach conas a shainaithníonn siad rioscaí agus conas a thugann siad aghaidh orthu chomh maith lena gcomhlíontacht leis na hoibleagáidí caighdeánacha agus le cur chun feidhme ginearálta GSD.
- Rannpháirtíocht rialta a choinneáil le comhlachtaí náisiúnta eile, de réir mar is ábhartha maidir le comhlíonadh dhualgais an Choimisiúin, i ndáil le maoirseacht a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhíse idirghabhálacha faoin GSD. Áirítear leis sin an CICT, an Coimisiún um Chosaint Sonraí, An Garda Síochána, an Coimisiún Toghcháin, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an Roinn Dlí agus Cirt agus Banc Ceannais na hÉireann.

Sábháilteacht ar Líne (ar lean)

Ina theannta sin, rinne An Coimisiún gach iarracht réasúnach le linn 2025 chun clár de na soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha ábhartha atá ar bun in Éirinn a thiomsú.

In 2025, Lean an Coimisiún de bheith ag comhoibriú go dlúth leis an gCoimisiún Eorpach agus le CSDanna eile, lena n-áirítear i gcomhthéacs an Bhoird Eorpaigh um Sheirbhísí Digiteacha, chun eolas a chomhroinnt go neamhfhoirmiúil a théann chun tairbhe don dá thaobh maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn, cleachtas maoirseachta agus saincheisteanna sonracha amhail toghcháin, cosaint leanaí agus deacrachtaí d'úsáideoirí a bhaineann le hábhar mídhleathach a thuairisciú.

## Comharthóirí iontaofa, Comhlachtaí um Réiteach Díospóidí Lasmuigh den Chúirt agus Taighdeoirí Grinnfhiosraithes

In 2025, bhronn An Coimisiún stádas mar Chomharthóir Iontaofa ar eintiteas amháin, Banc Ceannais na hÉireann, agus d'fhoilsigh sé Nóta Faisnéise maidir leis an gcinneadh an stádas a bhronnadh ar an eintiteas sin. Is é réimse saineolais ainmnithe an Bhainc Ceannais camscéimeanna airgeadais agus calaois, lena n-áirítear seirbhísí airgeadais a sholáthar agus/nó a thairiscint gan údarú. Is é 3 bliana fad an stádais, ag tosú ón 2 Aibreán 2025 go dtí an 2 Aibreán 2028.

Tá cur chuige réamhghníomhach glactha ag an gCoimisiún chun feasacht a mhúscailt maidir leis an stádas mar Chomharthóir Iontaofa trí sheisiúin faisnéise aonair agus chomhchoiteanna le raon leathan páirtithe leasmhara. I mí na Nollag 2025, thionóil An Coimisiún imeacht maidir le Comharthóirí Iontaofa a chuir fóram ar fáil do rannpháirtithe chun léargais agus taithí a bhaineann le stádas mar Chomharthóir Iontaofa agus na gníomhaíochtaí agus dúshláin a bhaineann leis, a bhailiú agus a chomhroinnt.
In 2025, níor dhiúltaigh An Coimisiún d'aon iarratas ó chomhlacht um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt (ODS) agus níor chúlghair sé aon deimhniú de bhun Airteagal 21 de GSD. In 2025, dheimhnigh an Coimisiún comhlacht ODS amháin — Ionad Achomharc na hEorpa (''ACE'').

Le linn 2025, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil go rialta leis an gcomhlacht deimhnithe um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt, Ionad Achomhairc na hEorpa Ace chomh maith le páirtithe leasmhara eile a raibh baint acu le cur chun feidhme an phróisis um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt lena n-áirítear VLOPanna atá bunaithe in Éirinn, Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha i mBallstáit eile, an Bord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha agus comhlachtaí um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt atá deimhnithe i ndlínsí eile. Ba é an aidhm a



bhí leis an teagmháil sin oibriú i gcomhar le chéile chun aghaidh a thabhairt ar chuid de na dúshláin a d'eascair as cur chun feidhme praiticiúil Airteagal 21.

Le linn 2025, thionóil An Coimisiún seisiúin faisnéise maidir leis an gceart chun sásaimh faoi GSD, lena n-áirítear an ceart chun bheith rannpháirteach sa phróiseas um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt, le raon leathan príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear gníomhaireachtaí stáit, piar-rialtóirí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha.

Sábháilteacht ar Líne (ar lean)

## Taighdeoirí Grinnfhiosraithe

Threoraigh an fhoireann Taighde agus Straitéise cur chun feidhme agus oibríochtú an phróisis do Thaighdeoirí Grinnfhiosraithe chun cloí lenár n-oibleagáidí mar Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha (CSD) faoi Airteagal 40(4-11) den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD). In éineacht le CSDanna eile agus leis an gCoimisiún Eorpach, agus í ag obair trí Mheitheal 3 den BESD, rinne An Coimisiún dul chun cinn ar na prionsabail chomhoibrithe chun feidhmiú réidh na forála nua seo a chinntiú, an chéad sásra rochtana sonraí dá leithéid ar domhan. Tar éis fhoilsiú an Ghnímh Tharmligthe maidir le Rochtain Sonraí i mí Iúil 2025, tháinig an fhoráil i bhfeidhm an 29 Deireadh Fómhair, agus cuireadh na chéad iarratais ar aghaidh lena measúnú.

## Fiosrúcháin

Chuir Foireann Fiosrúchán Choimisiún na Meán tús le fiosrúchán foirmiúil ar sholáthraí an ardáin ar líne X (X), faoi Ghníomh an Aontais um Sheirbhísí Digiteacha (GSD) an 12 Samhain 2025. Tá an fiosrúchán fós ar bun agus tá measúnú á dhéanamh aige ar cé acu a sháraigh nó nár sháraigh X Airteagal 20 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha. D'eascair an fiosrúchán as ábhair imní atá ag Foireann Maoirseachta Ardáin an Choimisiúin, maidir le X a bheith ag comhlíonadh Airteagal 20 den GSD. Forlíonadh na hábhair imní sin le faisnéis a sholáthraíonn ENR, HateAid agus gearán ó úsáideoirí. Tá an fiosrúchán fós ar bun.

Chuir Foireann Fiosrúchán Choimisiún na Meán tús le dhá fhiosrúchán fhoirmiúla ar ardáin TikTok agus LinkedIn, faoi Ghníomh an Aontais um Sheirbhísí Digiteacha (GSD) an 2 Nollaig 2025. Tá measúnú á dhéanamh sna fiosrúcháin ar cé acu a sháraigh nó nár sháraigh na hardáin sin Airteagail 16(1), 16(2)(c) agus Airteagal 25 den GSD. Tosaíodh na fiosrúcháin sin in athbhreithniú a thionscain an Rannán Maoirseachta Ardáin i mí Mheán Fómhair 2024, maidir le comhlíonadh soláthraithe ar líne le hAirteagal 16 den GSD. Baineann Airteagal 16 leis na sásraí 'Fógra agus Gnímh' a cheanglaítear ar sholáthraithe a bheith i bhfeidhm acu chun ligean do dhaoine ábhar a thuairisciú a bhfuil amhras orthu ina leith go bhfuil sé mídhleathach. Tá na fiosrúcháin fós ar bun.

Le linn 2025, lean An Coimisiún ar aghaidh ag cabhrú leis an gCoimisiún Eorpach le 2 fhiosrúchán agus tar éis iarrataí ar chúnamh a fháil faoi Airteagal 66.3 den GSD, le linn 2024.

## Gearáin

Leagtar síos le hAirteagal 53 de GSD an ceart atá ag faighteoirí seirbhísí idirghabhálacha, nó ag aon eagraíocht nó comhlachas sainordaithe atá ag gníomhú thar a gceann, gearán a thaisceadh in aghaidh soláthraithe na seirbhísí idirghabhálacha sin agus sárú ar GSD á líomhain. Ba cheart gearáin a dhíriú chuig an CSD sa Bhallstát ina bhfuil faighteoir na seirbhíse lonnaithe nó bunaithe.

Déanfaidh an CSD measúnú ar an ngearán agus, i gcás inarb iomchuí, cuirfidh sé ar aghaidh é chuig an CSD sa Bhallstát ina bhfuil soláthraí na seirbhísí idirghabhálacha bunaithe, agus d'fhéadfadh tuairim a bheith ag gabháil leis. Má thagann an gearán faoi fhreagracht údaráis eile laistigh den Bhallstát céanna, aistreoidh an CSD an gearán chuig an údarás ábhartha iomchuí.

In 2025, fuair an Coimisiún 855 gearán a bhain leis an GSD. Tharchuir an Coimisiún 6 ghearán chuig Autoriteit Consument en Markt (ACM) mar CSD don Ísiltír, 1 ghearán chuig Bundesnetzagentur für Elektrizität, Gas, Telekommunikation, Post und Eisenbahnen (BNetzA) mar CSD don Ghearmáin, agus 1 ghearán chuig an Post-och telestyrelsen mar CSD don tSualainn. Tharchuir an Coimisiún 2 ghearán a bhain le hAirteagail 30 agus 31 den GSD chuig an CICT freisin.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, rannchuidigh an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CICT), ina cháil mar údarás inniúil faoin GSD, leis an gcreat maoirseachta agus forfheidhmithe arna chomhordú ag an gCoimisiún.

# Tacaíocht agus Rannpháirteachas an Úsáideora

## Oideachas Úsáideoirí agus Litearthacht sna Meáin

Tionóltar Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte gach mí Feabhra agus is dáta tábhachtach é ar fhéilire na n-imeachtaí um sábháilteacht ar líne. Thugamar tacaíocht dó trí fheachtas raidió a chomhordú chun teachtaireachtaí faoin Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte i mí Feabhra a chur chun cinn. Chomh maith leis sin, ghlacamar páirt i seimineár gréasáin do thuismitheoirí arna eagrú ag Webwise, áit ar phléamar cearta an linbh ar líne agus ár gcuid oibre rialála a thacaíonn le sábháilteacht ar líne.

Is gné shuntasach dár gcuid oibre í rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara. In 2025, chasamar le líon ard páirtithe leasmhara, go háirithe in earnáil an oideachais agus in earnáil na n-oibrithe óige. Bhí sé tábhachtach dúinn tuiscint a fháil ar na dúshláin a bhíonn roimh na hoibrithe sin agus feasacht faoi ról Choimisiún na Meán a scaipeadh.

Tuairiscigh ábhar díobhálach agus mídhleathach ar líne

Smaoinigh ar rialúcháin tuismitheoirí a usáid

Ná ceadaigh rochtain go mbeidh do leanbh sean go leor

Labhair le do leanbh




Ó bheith ag éisteacht le páirtithe leasmhara, thuigeamar gur thuismitheoirí agus daoine óga a bhí mar phríomhlucht féachana nó éisteachta againn. Chun tacú leo, chuireamar paca do thuismitheoirí le chéile inar míníodh ról Choimisiún na Meán agus inar cuireadh cearta an linbh agus an duine óig ar líne in iúl go soiléir, chomh maith leis na ceithre phríomhtheachtaireacht atá againn do thuismitheoirí. Chuireamar treoir maidir le 'cásanna' le chéile do thuismitheoirí freisin, inar tugadh aird ar 8 gcás éagsúla a bhaineann le sábháilteacht ar líne agus an ról atá ag Coimisiún na Meán maidir leo. I dteannta leis an méid sin, sheolamar ár gcéad fheachtas do thuismitheoirí, a taispeánadh inár bhfíseán 'Cearta, Rialacha agus Tuairisciú' i bpictiúrlanna i rith mhí Iúil.

Tharla an chéad toghchán uachtaránachta in Éirinn le 14 bliana anuas in 2025. Thug ár dtaighde le tuiscint go bhfulaingíonn iarrthóirí toghcháin, chomh maith le hiriseoirí, drochíde ar líne. Chuireamar paca le chéile d'iriseoirí i gcomhar le Ceardchumann Náisiúnta na

Tacaíocht agus Rannpháirteachas an Úsáideora (ar lean)

nIriseoirí (NUJ) agus leis An Garda Síochána. Bhí réitigh phraiticiúla d'iriseoirí a d'fhulaing drochíde ar líne sa phacáiste sin chomh maith le mionsonraí faoi na tacaíochtaí éagsúla a bhí ar fáil dóibh. Seoladh póstaeir chuig soláthraithe meán agus cúirteanna áitiúla.

Dhírigh ár bhfeachtas feasachta poiblí ar thuismitheoirí agus daoine óga i mbliana. Thosaigh sé i mí na Samhna agus bhí teachtaireacht shoiléir ann: '*Níl ábhar díobhálach inghlactha riamh. Tuairiscigh é chuig an ardán ar a bhfeiceann tú é*'. Ag gabháil leis an bhfeachtas sin sna meáin chlóite, raidió agus shóisialta bhí treoracha agus físeáin faoin gcaoi le hábhar díobhálach agus mídhleathach ar 5 ardán a thuairisciú – Facebook, Instagram, X, YouTube agus TikTok. Tá na treoracha sin ar fáil ar ár suíomh gréasáin:

Mar fhocal scoir, lean ár bhfoireann ar aghaidh ag éascú don líonra Litearthacht sna Meáin, Éire agus á chur chun feidhme i mbliana. An tAire Patrick O'Donovan a bhí i bhfeighil an chéad Fhóraim Bhréagaisnéise i gcomhar le Litearthacht sna Meáin, Éire agus EDMO Éire. Reáchtáladh é i gColáiste Mhuire Gan Smál, Co. Luimnigh, i mí an Mheithimh. Bhí an t-imeacht comhchéime seo dírithe ar na meáin áitiúla agus pobail agus phléigh sé le dul i ngleic le bréagaisnéis trí chomhoibrithe litearthachta sna meáin. Tionóladh na gradaim Litearthacht sna Meáin, Éire i Virgin Media Studios arís i mí Dheireadh Fómhair. Bhí an líon ab airde iarratas ann riamh - 41, agus iad san iomaíocht le haghaidh 5 ghradam. Mar fhocal scoir, tionóladh an chomhdháil bhliantúil Litearthacht sna Meáin, Éire i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna faoin téama 'Litearthacht Sna Meáin – ag tacú le pobail, ag cothú na saoránachta, ag cur an daonlathais chun cinn'.

## Ionad Teagmhála

Tá forbairt ag teacht ar an Ionad Teagmhála, arna bhainistiú ag an bhfoireann Taithí Úsáideora, an t-am ar fad, agus tacaíonn sé le sainchúram rialála an Choimisiúin de réir mar a thagann bearta rialála breise i bhfeidhm. Leanann an tIonad de sheirbhís struchtúrtha, éifeachtach agus eolasach a sholáthar d'úsáideoirí atá ag plé le gearáin a bhaineann leis an gCreat Sábháilteachta Ar Líne, rialacháin chraolacháin, agus fiosrúcháin ghinearálta. Táimid freagrach as an Ionad Teagmhála, déanaimid obair shuntasach maidir le comhairle a thabhairt d'úsáideoirí agus chun gearáin bhailí a ardú, gearáin nach mór measúnuithe réamhchéime agus bailíochta a dhéanamh orthu.






Tacaíocht agus Rannpháirteachas an Úsáideora (ar lean)

Le Linn 2025, thug an tIonad Teagmhála freagra ar ~2,800 fiosrú. Bhí 4-5 idirghníomh in aghaidh an fhiosraithe ann, ar an meán. Mhéadaigh an tIonad a chainéil chumarsáide chun Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (físeán) a chur san áireamh. Tugann teagmhálacha a fhaightear tríd an Ionad Teagmhála léargais luachmhara atá bunaithe ar shonraí, faoi eispéiris úsáideoirí, rioscaí atá ag teacht chun cinn agus saincheisteanna a léiríonn an chastacht a bhaineann le hidirghníomhú úsáideoirí le hearnáil na meán in Éirinn. Tá forbairt leanúnach á déanamh ar bhainistiú cásanna ardaithe a cuireadh ar aghaidh mar gheall ar shaincheisteanna casta agus íogaire, rud a chinntítear go bpléitear leis na cásanna sin go pras agus go héifeachtach chun tacú le húsáideoirí.

Cuireann an tIonad Teagmhála tairiscint úsáideoirlárnach ardcháilíochta ar fáil, atá simplí agus éasca le rochtain a fháil uirthi. Tá réimse freagrachtaí air, lena n-áirítear déileáil le fiosrúcháin agus gearáin trí na bealaí teagmhála gutha, ríomhphoist agus litreacha i mBéarla agus i nGaeilge. Tá coinne leis go gcuirfear Braille leis na cainéil chumarsáide le linn 2026. Bíonn an tIonad Teagmhála oscailte ó Luan go hAoine ó 8am go 6pm, seachas ar laethanta saoire poiblí.

## An Grúpa Comhairleach don Ógra

Is coiste reachtúil de chuid Choimisiún na Meán é Coiste Comhairleach don Ógra. Bunaíodh an Coiste in 2023 agus is é an ról atá aige cúnamh agus comhairle a thabhairt don Choimisiún maidir le cúrsaí a bhaineann le daoine óga. Tá ionadaithe ó 11 eagraíocht a oibríonn le agus/nó thar ceann leanaí agus daoine óga ar an gCoiste, mar aon le baill ógánacha idir 18-24 bliain d'aois. Tá na dearcthaí agus na heispéiris atá i bpáirt ag baill an Choiste mar bhonn eolais d'obair Choimisiún na Meán agus do chinnteoireacht an Choimisiúin.

Tháinig an Coiste le chéile uair sa ráithe i rith 2025 agus thug sé ionchur luachmhar do roinnt réimsí a bhain le clár oibre Choimisiún na Meán:

- Meáin seirbhíse poiblí
- Iolracht na Meán
- An Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin
- Athbhreithniú ar an nGaeilge
- Cosaint leanaí ar dhíobháil ar líne a neartú
- An Ceart chun Sásaimh faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha

I mí na Samhna 2025, ghlac beirt daoine óga páirt i bpainéal Ambasadóirí Óige mar chuid de chruinniú bliantúil Líonra na Rialálaithe Domhanda um Shábháilteacht ar Líne ag a raibh daoine i láthair go pearsanta. Dearadh an painéal seo i gcomhar leis na daoine óga agus díríonn sé ar 3 thopaic – ról na rialála, litearthacht dhigiteach, agus IS agus botaí comhrá.

Leanann an Coiste Comhairleach don Ógra de bheith ag feidhmiú mar uirlis ríthábhachtach do Choimisiún na Meán chun léargas a fháil ar thaithí leanaí agus daoine óga ar ábhair thábhachtacha maidir le bunú tírdhreacha meán a sheasann le cearta, folláine agus forbairt an linbh agus lena rannpháirtíocht shábháilte le hábhar.

# Rialachas

## Comhaontú um Maoirseacht

Leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, éilítear socruithe rialachais láidre agus éifeachtacha idir máthair-Ranna agus na Comhlachtaí Stáit faoina gcoimirce. I mí Aibreáin 2025, rinneadh Comhaontú Maoirseachta nuashonraithe idir Coimisiún na Meán agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Féachann an Comhaontú le cuntasacht chuí agus éifeachtach a bhaint amach maidir le Coimisiún na Meán trí róil agus freagrachtaí, atá leagtha amach go soiléir, a bhunú i gcomhréir lenár reachtaíocht rialúcháin, leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus le forálacha ábhartha eile.

Tá tuilleadh eolais maidir le struchtúir agus próisis Rialachais laistigh de Choimisiún na Meán ar fáil sa Ráiteas Rialachais agus i dtuarascáil an Choimisinéara faoin mír Ráitis Bhliantúla Airgeadais sa tuarascáil seo. Cuireadh seicliosta i gcrích chun comhlíonadh an Chóid Cleachtais a dheimhniú agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán é i mí Dheireadh Fómhair 2025.

## Nochtadh Cosanta

I gcomhréir le forálacha an Achta um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022, is é beartas an Choimisiúin a chinntiú gur féidir lena fhostaithe imní a chur in iúl maidir le mírialtacht nó éagóir fhéideartha, nó ábhair imní eile a bhaineann leis an eagraíocht. Foráiltear in Alt 7 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 arna leasú (I.R. Uimh. 524/2023) freisin go bhfuil Cathaoirleach Choimisiún na Meán ina dhuine forordaithe maidir le nochtadh seachtrach i gcás ina dtiteann an éagóir atá i gceist laistigh de shainchúram ár bhfeidhmeanna rialála.

De réir na n-oibleagáidí reachtúla, sheolamar foirmeacha tuarascála PDA1 agus PDA2 ar ais chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh PFN agus Athchóirithe i leith 2025, agus d'fhoilsíomar tuarascáil bhliantúil i gcomhréir le hAlt 22 den Acht.

Tá cainéil thuairiscithe sheachtracha agus nósanna imeachta ag an gCoimisiún chun nochtuithe cosanta a fháil agus a bhainistiú.

## Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide

Tá spriocanna um dhícharbónú agus éifeachtúlacht fuinnimh do chomhlachtaí san earnáil phoiblí amach go 2030 leagtha amach i Sainordú na hEarnála Poiblí maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide.

Tuairiscímid ar an dul chun cinn a dhéanaimid chun na spriocanna seo a bhaint amach gach bliain, agus oibrímid go gníomhach ar na spriocanna sin agus ar spriocanna inbhuanaitheachta níos leithne, go háirithe trínár bhFoireann Ghlas.

### Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa

Ba 57,663 kg CO2 an tomhas a bhain le hastaíochtaí carbóin bunlíne an Choimisiúin a bhain le fuinneamh, bunaithe ar shonraí ón eagraíocht a bhí ann roimh an gCoimisiún, Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) a bhain le meánastaíochtaí sa tréimhse 2016-2018, agus tá laghdú chuig 17,655 kg CO2 ann mar sprioc le haghaidh 2030. In 2025, taifeadadh 72,994kg CO2 mar an méid astaíochtaí CO2. Bhí dúshlán ag baint leis an dul chun cinn i dtreo na sprice le haghaidh 2030, go háirithe de dheasca fás eagraíochtúil an suntasach le 3 bliana anuas agus lucht saothair i bhfad níos mó ann (méadú ar an líon ball foirne FTE ó 40 go dtí 268) i gcomparáid leis an tráth a socraíodh an bhunlíne, agus de dheasca aistriú chuig áitreabh níos mó. Chun an

Rialachas (ar lean)

bhearna go dtí sprioc 2030 a dhruidim, táimid ag leanúint de chonairí dícharbónaithe agus bearta eagraíochtúla a fhiosrú go gníomhach agus táimid ag obair leis an tiarna talún chun deiseanna a shainaithint le feidhmíocht chomhshaoil an fhoirgnimh a fheabhsú a thuilleadh, le linn bainistíocht a dhéanamh go cúramach ar thionchar leathnaithe eagraíochtúil leanúnach. Le linn 2025, rinneadh iniúchadh fuinnimh iomlán agus suirbhé teirmeach ar an bhfoirgneamh, agus dá bharr sin sainaithníodh deiseanna chun feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear neamhéifeachtúlachtaí na gcóras téimh, aerála agus aerchóirithe, córais ghléasra agus rialaithe atá ag dul in aois, agus na háiteanna ina gcailltear teas. Mar fhreagairt air sin, tugadh faoin gCóras Bainistíochta Foirgneamh (BMS) a bharrfheabhsú, agus suiteáladh braiteoirí PIR i seomraí cruinnithe chun úsáid fuinnimh nach bhfuil gá léi a laghdú.

**Feidhmíocht Éifeachtúlachta Fuinnimh**

Bunaithe ar ár sonraí le haghaidh 2025, tá feabhas 34.6% tagtha ar an bhfeidhmíocht fuinnimh fhoriomlán, i gcoibhneas leis an mbunlíne in 2009, agus fágann sin bearna 15.4 pointe céatadáin chun an sprioc le haghaidh 2030 a bhaint amach. Mar a thugtar breac-chuntas air thuas, cabhróidh na torthaí ón iniúchadh fuinnimh agus ón suirbhé íomháú teirmeach a rinne an eagraíocht in 2025 linn bearta um bainistíocht fuinnimh agus éifeachtúlachta foirgnimh a shainaithint lena gcur i bhfeidhm sa todhchaí.

**Sainordú maidir le Gníomhú ar son na hAeráide**

In 2025, d'ullmhaigh An Coimisiún an dara Sainordú maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus cuireadh ar aghaidh é chuig an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt agus chuig Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) i mí Dheireadh Fómhair 2025. Chuireamar ár ráiteas éigeantach ar chomhlíonadh an tSainordaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide 2025 isteach trí Thairseach Mhonatóireachta agus Thuairiscithe SEAI i mí Aibreáin 2026.

Lean ár bhFoireann Ghlas ar aghaidh ag obair go réamhghníomhach chun an clár oibre inbhuanaitheachta a bhrú chun cinn, trí roinnt cur i láthair, seimineár agus cumarsáide foirne, lena n-áirítear faoi bhainistiú dramhaíola agus fiadhúlra/bithéagsúlacht. Bhí Taisteal Gníomhach agus Inbhuanaithe mar thosaíocht don Fhoireann Ghlas in 2025. Rinneadh Suirbhé Módúil ar an bhfoireann uile agus ina dhiaidh sin rinneadh iarratas ar an gComhartha um Thaisteal Níos Cliste de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair.

I mí na Nollag 2025, bronnadh deimhniú an Chomhartha Airgid ar Choimisiún na Meán, mar aitheantas ar ár ngealltanas dearcthaí agus iompar daoine a athrú, maidir le siúl, rothaíocht agus iompar poiblí a úsáid, trí bhearta a chur chun feidhme a éascaíonn agus a spreagann roghanna taistil inbhuanaithe do bhaill foirne agus do chuairteoirí, agus a dtacaíonn leo. Tá raon leathan beart i bhfeidhm anois, lena n-áirítear Clinicí Seirbhíse Rothar saor in aisce agus tráthrialta do na baill foirne, arna n-éascú ag ár n-oifigí ar Bhóthar Shíol Bhroin.

**Comhlíonadh Chiorclán 1/2020:**

Nósanna imeachta chun na hastaíochtaí a bhaineann le haerthaisteal oifigiúil a fhritháireamh. Bhí nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gCoimisiún i dtaca le taifeadadh, monatóireacht agus luacháil astaíochtaí a bhaineann le haerthaisteal oifigiúil a úsáid i rith 2025, agus chomhlíonamar an ceanglas íocaíocht a dhéanamh do Bhainisteoir Ciste an Chiste reachtúil um Ghníomhú ar son na hAeráide maidir leo siúd. Tuairiscíodh sonraí freisin trí Thairseach Mhonatóireachta agus Thuairiscithe SEAI, mar a cheanglaítear.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla

Leanaimid orainn ag déanamh gach iarrachta chun na ceanglais in Achtanna na dTeangacha Oifigiúla, 2003-2021 a chomhlíonadh. Táimid sásta gur chomhlíonamar ár gcuid oibleagáidí in 2025 i ndáil le ceanglais foilsithe agus chumarsáide.

In 2025, bhí 40% den fhógraíocht a rinne an Coimisiún i nGaeilge, méid a sháraigh an ceanglas 20%. Taifeadadh caiteachas 10.4% ar an nGaeilge le linn thréimhse 2025.

Leanaimid ar aghaidh ár ndícheall a dhéanamh gach gné de fhreagrachtaí Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh agus táimid ag súil le rannpháirteachas i dtionscnaimh nua le linn 2026, forbairt chaighdeáin na Gaeilge san áireamh.

Rialachas (ar lean)

## Saoráil Faisnéise

Ceadaíonn an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014 do bhaill an phobail rochtain a fháil, ach é a iarraidh, ar thaifid a choinníonn an Coimisiún nach bhfuil ar fáil de ghnáth trí bhealaí eile. Rinneadh 102 iarratas Saorála Faisnéise (FOI) a phróiseáil in 2025 agus eisíodh cinntí ina leith. Tháinig méadú 69% ar an líon iarratas Saorála Faisnéise (FOI) a fuarthas in 2025 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.
Bronnadh 7 iarratas go hiomlán in 2025, 53 go páirteach, diúltaíodh do 25 gcinn (sa chás nach raibh taifid le fáil san áireamh), tarraingíodh siar 16 gcinn nó láimhseáladh iad lasmuigh de FOI, agus aistríodh ceann amháin go dtí Comhlacht FOI eile.Fuarthas níos mó ná 56% de na hiarratais ó iriseoirí, agus fuarthas an chuid eile ó dhaoine aonair, ó ghearánaigh, nó ó ghrúpaí sibhialta nó grúpaí sainleasa gnó.

## Bainistíocht Riosca

Le linn 2025, glacadh céimeanna breise chun creat bainistíochta riosca láidir a chruthú, nuair a glacadh le Beartas maidir le Creat Bainistíochta Riosca, Ráiteas Inghlacthachta Riosca agus Beartas maidir le Creat Rialaithe Inmheánach. Bunaíodh Cláir Riosca Rannáin go foirmiúil in éineacht le hathbhreithnithe tréimhsiúla minice, agus rinneadh tuilleadh feabhais ar bhearta cuntasaíochta tríd an tSamhail 3 Líne Cosanta a chur i bhfeidhm.

Tá faisnéis bhreise faoin méid thuas le fáil sa Ráiteas faoi Rialú Inmheánach sa tuarascáil seo.

## Cód Iompraíochta Gnó

D'fhoilsíomar ár gCód Iompraíochta Gnó athbhreithnithe i mí na Samhna 2025. Leagtar amach sa Chód ár dtiomantas ar an leibhéal is airde do shraith prionsabal eiticiúla agus caighdeáin iompair, go hinmheánach agus i rannpháirteachas leis an bpobal agus lenár bpáirtithe leasmhara. Tríd an gCód, féachaimid le muinín agus iontaoibh a chur chun cinn san eagraíocht ionas gur féidir linn ár bhfís eagraíochtúil a bhaint amach go héifeachtach le haghaidh tírdhreach meán atá faoi bhláth, éagsúil, cruthaitheach, slán agus iontaofa. Is féidir cóip den Chód a fháil ar ár suíomh gréasáin.

## Cairt um Sheirbhísí do Chustaiméirí

Táimid tiomanta do sheirbhís ardchaighdeáin a sholáthar do shaoránaigh agus tá sé mar aidhm againn é sin a dhéanamh trí Chairt um Sheirbhís do Chustaiméirí a chur chun feidhme. D'fhoilsíomar ár gCairt athbhreithnithe um Sheirbhís do Chustaiméirí i mí Iúil 2025. Leagtar amach caighdeáin na seirbhíse sa Chairt seo is féidir a bheith ag súil le fáil uainn, mar bhall den phobal agus mar bhall foirne Choimisiún na Meán araon.

Tá Plean Gníomhaíochta don Chairt um Sheirbhís do Chustaiméirí ag gabháil leis an gCairt, ina leagtar amach ár dtiomantais faoi gach ceann de na 12 Threoirphrionsabal um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus conas a dhéanfaimid baint amach na dtiomantas sin a mheas agus conas a rachfar i gcomhairle i dtaobh an mhéid sin. Is féidir cóip den dá dhoiciméid a fháil ar ár suíomh gréasáin.

## Cearta an Duine agus Comhionannas in Éirinn / Dualgas na hEarnála Poiblí

Tá freagracht ar gach comhlacht poiblí in Éirinn comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta an duine a chosaint dá gcuid fostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhíse agus gach duine dá ndéantar difear lena mbeartais agus pleananna. Is ann d'oibleagáidí ar leith ar

Rialachas (ar lean)

a dtugtar Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014).

Tá an Coimisiún tiomanta do chomhionannas agus cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint. Tá na treoirphrionsabail leabaithe inár bpríomhfheidhmeanna mar eagraíocht ceaptha beartas, fostóir agus soláthraí seirbhísí.

Sa chéad Ráiteas Straitéise 2025-2027, a foilsíodh i mí Aibreáin, leagtar amach ár misean maidir le "tírdhreach meán a rialáil, tacú leis, agus a fhorbairt a bheidh mar bhonn taca ag cearta bunúsacha agus lena gcothófar sochaí oscailte, dhaonlathach agus iolraíoch." Ceann dár bpríomhthorthaí straitéiseacha is ea éagsúlacht agus ionchuimsitheacht. Tugtar breac-chuntas ar phríomhréimsí fócais inmheánacha sa rannóg Daoine agus Forbairt Eagraíochta agus ar an leathanach faoi Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht ar ár suíomh gréasáin.

Le linn 2026, tá sé beartaithe againn ár gcreat alt 42(2) um measúnú, láimhseáil, tuairisciú, a fhorbairt agus béim ar leith á cur ar phleananna, beartais agus gníomhartha – atá againn cheana féin nó a bhfuil sé beartaithe againn iad a chur chun feidhme – a shonrú. Tá sé i gceist againn Coiste Stiúrtha maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí a chur ar bun leis an méid sin a mhaoirsiú.

## Tuarascáil maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní

Foilsíodh ár ndara Tuarascáil maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní i mí na Samhna 2025. Inár dtuarascáil ó 2025 léirítear dul chun cinn spreagúil agus laghdú ar an mbearna phá mheánach idir na hinscní chuig 5.5%. D'aistrigh an bhearna airmheánach chuig 8.4%, rud a léiríonn athruithe i gcomhdhéanamh ár lucht saothair le bliain anuas.

Is féidir cóip den tuarascáil a fháil ar ár suíomh gréasáin.



# Tuairisciú Airgeadais:

## Ráitis Airgeadais Choimisiún na Meán agus an Chiste Craolacháin

# Coimisiún na Meán Ráitis Airgeadais

## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2025

| | |
|---|---|
| Eolas faoin gCoimisiún | 90 |
| An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gCoimisinéirí | 91 |
| An Ráiteas faoi Rialú Inmheánach | 98 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 102 |
| An Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 104 |
| An Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Cuimsitheach | 106 |
| An Ráiteas faoin Staid Airgeadais | 107 |
| An Ráiteas faoi Shreafaí Airgid | 108 |
| Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 109 |

# Eolas faoin gCoimisiún

| | | |
|---|---|---|
| **Na Coimisinéirí:** | Jeremy Godfrey<br>Aoife MacEvilly<br>John Evans<br>Niamh Hodnett (a d'éirigh as oifig an 21 Meitheamh 2026)<br>Rónán Ó Domhnaill | |
| **Seoladh:** | 1 Foirgnimh Shíol Bhroin,<br>Bóthar Shíol Bhroin,<br>Baile Átha Cliath 4, D04 NP20 | |
| **Aturnaetha** | William Fry LLP<br>2 Cearnóg na Canálach<br>Móire<br>Baile Átha Cliath 2 | Hayes Solicitors<br>Áras Uí Labhraí<br>Ardán Phort an Iarla<br>Baile Átha Cliath 2 |
| | Beauchamps LLP<br>Cois Abhann a Dó<br>Cé Sir John Rogerson<br>Baile Átha Cliath 2 | McCann Fitzgerald<br>Cois Abhann a hAon<br>Cé Sir John Rogerson<br>Baile Átha Cliath 2 |
| | Byrne Wallace<br>88 Sráid Fhearchair<br>Toghroinn Chaoimhín<br>Baile Átha Cliath 2 | Philip Lee<br>7/8 Ardán Wilton<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Baincéirí** | AIB<br>1 - 4 Sráid Bhagóid<br>Íochtarach<br>Baile Átha Cliath 2 | Banc na hÉireann<br>Faiche Stiabhna<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Iniúchóirí** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1 | |

# An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gCoimisinéirí

Bunaíodh **Coimisiún na Meán** le héifeacht ón 15 Márta 2023.

Oibríonn Coimisiún na Meán go príomha i gcomhréir leis an Acht Craolacháin 2009 ("an tAcht"). Leasaíodh é leis an Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022 agus leasaíodh é leis an Acht um Sheirbhísí Digiteacha (Tobhach), 2024 agus leasaíodh é thairis sin le halt 17 den Acht um Chúirteanna, an Dlí Sibhialta, an Dlí Coiriúil agus Aoisliúntas (Forálacha Ilghnéitheacha), 2024, dá ngairtear le chéile an tAcht.

Tá freagracht ar Choimisiún na Meán as an gcreat rialála do shábháilteacht ar líne, do chraolachán agus seirbhísí closamhairc ar éileamh a rialáil agus do thacú le hearnáil na meán in Éirinn agus í a fhorbairt.

Tá Coimisiún na Meán faoi stiúir Cathaoirleach Feidhmiúcháin agus ceathrar Coimisinéirí; tugtar an Coimisiún orthu i dteannta a chéile. Ceapann an tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt agus Meán comhaltaí an Choimisiúin de bhun alt 11 den Acht.

Leagtar cumhachtaí agus feidhmeanna Choimisiún na Meán amach in alt 7 den Acht. Tá an Coimisiún freagrach don Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt agus tá cúram dea-rialachais air. Tugann sé faoin gcúram úd trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir leis na príomhcheisteanna gnó ar fad.

De bhun alt 14 den Acht, déanfaidh an Cathaoirleach foireann, riarachán agus gnó an Choimisiúin a sheoladh, a bhainistiú agus a rialú. Comhlíonann an Cathaoirleach a chuid feidhmeanna faoi réir cibé beartais a chinnfidh an Coimisiún ó thráth go chéile agus i gcomhréir le Ráiteas Straitéise agus Plean Oibre an Choimisiúin; ceanglaítear ar an gCoimisiún a leithéid a tharraingt suas agus a ghlacadh de bhun alt 29 den Acht. Ceanglaítear ar an gCathaoirleach, le halt 27 den Acht, fianaise a thabhairt do Choiste Dháil Éireann, arna iarraidh sin, maidir le rialtacht agus cuibheas idirbhearta an Choimisiúin, barainneacht agus éifeachtúlacht an Choimisiúin i dtaca le húsáid a chuid acmhainní, éifeachtacht oibríochtaí an Choimisiúin, agus aon ní ábhartha i dtuarascálacha an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

D'fhoilsigh Coimisiún na Meán an chéad Ráiteas Straitéise dá chuid in Aibreán 2025. I dteannta na Straitéise, lena gclúdaítear an tréimhse 2025-2027, bhí clár oibre bliantúil lena leagtar amach na tionscadail tosaíochta a gcuirfear tús leo nó a ndéanfar dul chun cinn orthu le linn na bliana féilire. Chuir Coimisiún na Meán a clár oibre bliantúil faoi bhráid an Aire de réir alt 29(7) den Acht.

Féadfaidh an Coimisiún comhlíonadh feidhmeanna neamh-fhorchoimeádta a tharmligean chuig Coimisinéir, nó chuig ball foirne an Choimisiúin, ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh sé, agus beidh an Coimisinéir, nó ball foirne an

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gCoimisinéirí (ar lean)

Choimisiúin, freagrach don Choimisiún as sin a chomhlíonadh agus i gcomhréir leis na forálacha sonracha a leagtar amach in alt 8 den Acht. Ní dhearnadh feidhmeanna ar bith a tharmligean le linn na tréimhse tuairiscithe agus rinne an Coimisiún an uile chinneadh.

Tá Coimisiún na Meán freagrach freisin as riar an Chiste Craolacháin agus as idirbhearta maidir leis an gCiste Craolacháin a cheadú. Baineann socruithe rialachais agus nósanna imeachta rialaithe Choimisiún na Meán leis an gCiste Craolacháin fosta.

Bhí comhaontú maoirseachta i bhfeidhm idir Coimisiún na Meán agus an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt le linn na tréimhse tuairiscithe. Ina theannta sin, bhí meabhrán tuisceana i bhfeidhm lenar cumhdaíodh freagracht Choimisiún na Meán faoi chiorclán 13/2014 i dtaca le maoiniú ón Státchiste.

## Freagrachtaí an Choimisiúin

Leagtar feidhmeanna agus cuspóirí an Choimisiúin amach san Acht. Leagtar freagrachtaí cinnteoireachta sonracha agus forchoimeádta an Choimisiúin amach i 'Sceideal na Nithe atá Forchoimeádta lena gCinneadh ag an gCoimisiún' (*Schedule of Matters Reserved for Decision of the Commission*) de chuid Choimisiún na Meán.

Tá siad seo a leanas ar na buanmhíreanna a ndéanann an Coimisiún breithniú orthu:

- Dréacht-mhiontuairiscí an chruinnithe roimhe sin a bhreithniú agus a cheadú
- Dearbhuithe Leasa
- Nithe a bhaineann le feidhmeanna agus gnó Choimisiún na Meán

Déanann an Coimisiún breithniú ar an méid seo a leanas de réir mar is gá:

- Nithe a bhaineann le baint amach chuspóirí straitéiseacha Choimisiún na Meán
- Miontuairiscí an Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí
- An scéal is déanaí faoi rioscaí
- Nithe forchoimeádta

Ceanglaítear le halt 26 den Acht go gcoimeádfaidh an Coimisiún na leabhair agus na taifid chuntais go léir is cuí ar ioncam agus ar chaiteachas uile Choimisiún na Meán, agus ar fhoinsí an ioncaim sin agus ar ábhar an chaiteachais sin, agus ar mhaoin, ar shócmhainní agus ar dhliteanais Choimisiún na Meán. Ina theannta sin, ceanglaítear go gcoimeádfaidh an Coimisiún na cuntais speisialta sin go léir a cheanglaítear le halt 26 den Acht, agus a n-ordóidh an Coimisiún, le toiliú an Aire, nó an tAire ina leith, ó am go ham, gur ceart iad a choimeád agus tabharfaidh sé cuntas ina leith.

Agus na ráitis airgeadais seo á réiteach aige, ceanglaíodh ar Choimisiún na Meán:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh Coimisiún na Meán ar aghaidh ag feidhmiú; agus
- A lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá sé de dhualgas ar an gCoimisiún taifid chuntasaíochta chuí a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann ráitis airgeadais Choimisiún na Meán agus an Chiste Craolacháin ailt 26, 27 agus 28 den Acht. Is é an Coimisiún atá freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Meán.

Chomh maith leis sin, tá an Coimisiún freagrach as sócmhainní Choimisiún na Meán a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gCoimisinéirí (ar lean)

Measann an Coimisiún go dtugann ráitis airgeadais Choimisiún na Meán léargas fírinneach cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais Choimisiún na Meán don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025.

### Ráiteas Straitéise agus clár oibre

De bhun alt 29 den Acht, a luaithe is indéanta i ndiaidh lá an bhunaithe, tá an Coimisiún freagrach as ráiteas straitéise, don tréimhse trí bliana díreach tar éis na bliana ina gcuirtear an ráiteas isteach, a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire.

D'fhoilsigh Coimisiún na Meán an chéad Ráiteas Straitéise dá chuid, lena gclúdaítear an tréimhse 2025-2027, in Aibreán 2025. Cuireadh bonn eolais faoin Ráiteas Straitéise le comhairliúchán poiblí cuimsitheach agus próiseas idirbheartaíochta le páirtithe leasmhara. Bhí Clár Oibre 2025 ag gabháil leis an Ráiteas Straitéise, ina liostaítear tionscadail tosaíochta ar fud shainchúram Choimisiún na Meán maidir le sábháilteacht ar líne, forbairt agus rialáil earnáil na meán.

In 2025, chuir Coimisiún na Meán a fheidhmeanna i gcrích maidir lena chlár oibre bliantúil, a cuireadh faoi bhráid an Aire de bhun alt 29(7) den Acht

## Struchtúr an Choimisiúin

De bhun fhorálacha alt 11 den Acht, is é a bheidh ar an gCoimisiún cathaoirleach agus cibé líon comhaltaí lánaimseartha eile, nach lú ná triúr ná nach mó ná seisear, a chinnfidh an tAire.

Rinne an tAire an Cathaoirleach agus gach duine de na Coimisinéirí eile a cheapadh ar mholadh na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.

Sonraítear sa tábla thíos an dáta a ceapadh an Cathaoirleach agus na Coimisinéirí a bhí ag obair le linn na bliana airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025, chomh maith leis an sceideal tinrimh ag cruinnithe an Choimisiúin.

| An Coimisinéir | Ról | Ceapadh den chéad uair é/í | Dáta Éaga | Tinreamh |
|---|---|---|---|---|
| Jeremy Godfrey | Cathaoirleach Feidhmiúcháin | 15/3/2023 | 14/3/2028 | 44/61 |
| Niamh Hodnett | An Coimisinéir Sábháilteachta ar Líne | 15/3/2023 | 14/3/2028* | 51/61 |
| Rónán Ó Domhnaill | An Coimisinéir ar Fhorbairt na Meán | 15/3/2023 | 14/3/2028 | 53/61 |
| John Evans | An Coimisinéir um Sheirbhísí Digiteacha | 24/7/2023 | 23/7/2028 | 52/61 |
| Aoife MacEvilly | An Coimisinéir um Chraoltóireacht agus Físeáin ar Éileamh | 22/7/2024 | 21/7/2029 | 54/61 |

*D'éirigh Niamh Hodnett as oifig an 21 Meitheamh 2026.

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gCoimisinéirí (ar lean)

## An Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí (ARC)

Bhunaigh Coimisiún na Meán Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí (ARC) sa chéad bhliain dó a bheith ag feidhmiú. Le linn 2025, bhí cúigear comhaltaí ar an ARC, inar cuimsíodh Cathaoirleach neamhspleách, beirt chomhaltaí seachtracha neamhspleácha agus beirt chomhaltaí den Choimisiún.

Leagtar ról an Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí amach i dtéarmaí tagartha arna gceadú ag an gCoimisiún agus is é an cuspóir atá aige cuidiú leis an gCoimisiún i dtaca lena chuid freagrachtaí de bhun na nAchtanna Craolacháin agus um Rialáil Meán Eile, 2009 agus 2022 (“BOMRA”) agus An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 (“an Cód”), dála rioscaí, rialú inmheánach agus dearbhú lena mbaineann. De réir na dtéarmaí tagartha, ní féidir níos mó ná seisear a bheith sa bhallraíocht — beirt Choimisinéirí ar a mhéad agus ceathrar comhaltaí seachtracha neamhspleácha ar a mhéad.

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí, atá neamhspleách ar Chathaoirleach Feidhmiúcháin an Choimisiúin agus ar lucht bainistíochta Choimisiún na Meán, cinnte de go ndéantar monatóireacht ghníomhach neamhspleách ar chórais rialaithe inmheánaigh Choimisiún na Meán, lena n-áirítear a ghníomhaíochtaí rioscaí agus iniúchta. Athbhreithníonn an Coimisiún miontuairiscí ARC i ndiaidh gach cruinnithe agus tugann ARC tuairisc go foirmiúil, i scríbhinn, gach bliain.

Sonraítear sa tábla thíos an dáta ar ceapadh comhaltaí ARC a bhí ag obair le linn na bliana airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025.

| Comhalta | Ról | Ceapadh den chéad uair é/í | Dáta Éaga |
|---|---|---|---|
| Patricia Byron | Cathaoirleach Neamhspleách | 25/5/2023 | 31/12/2025* |
| Aoife MacEvilly | Coimisinéir | 12/9/2024 | 11/9/2027 |
| Niamh Hodnett | Coimisinéir | 25/5/2023 | 31/12/2025 |
| Ciara Lynch | Comhalta Seachtrach Neamhspleách | 01/12/2023 | 30/11/2026 |
| Ann McGarry | Comhalta Seachtrach Neamhspleách | 31/1/2025 | 30/1/2028 |

*Le linn 2025, athcheapadh an Cathaoirleach le haghaidh tréimhse eile dhá bhliain go dtí 31/12/2027.

## Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais

Leagtar amach thíos an sceideal tinrimh ag cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí don Tréimhse, lena n-áirítear na táillí agus na costais a fuair gach comhalta.

| | Táillí €’000 | Costais €’000 | Tinreamh |
|---|---|---|---|
| **An Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí** | | | |
| Patricia Byron | 8 | - | 5/5 |
| Aoife MacEvilly | - | - | 4/5 |
| Niamh Hodnett | - | - | 5/5 |
| Ciara Lynch | 6 | - | 5/5 |
| Ann McGarry | 5 | - | 5/5 |
| | **19** | **-** | |

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gCoimisinéirí (ar lean)

## Coinbhleachtaí Leasa

Ghlac an Coimisiún le nósanna imeachta de réir fhorálacha BOMRA agus na dtreoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin maidir le nochtadh leasanna ag comhaltaí an Choimisiúin agus chloígh an Coimisiún leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana.

## Príomhathruithe Pearsanra

Léirítear i struchtúr an Choimisiúin a leagtar amach thuas an príomhphearsanra agus na dátaí a ceapadh iad. D'éirigh Niamh Hodnett as a ról mar Choimisinéir Sábháilteachta ar Líne an 21 Meitheamh 2026.

## Nochtadh a Cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Ghlac an Coimisiún an Cód a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear leis na gCód na nithe seo a leanas a nochtadh:

### Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha na bhFostaithe (Coimisinéirí san áireamh)

Rangaítear sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe os cionn €60,000 sna bandaí seo a leanas:

| Raon sochar iomlán na bhfostaithe<br>Ó – Go dtí | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| €60,000 - €69,999 | 27 | 19 |
| €70,000 - €79,999 | 10 | 12 |
| €80,000 - €89,999 | 44 | 10 |
| €90,000 - €99,999 | 8 | 8 |
| €100,000 - €109,999 | 17 | 15 |
| €110,000 - €119,999 | 8 | 3 |
| €120,000 - €129,999 | 3 | - |
| €130,000 - €139,999 | - | - |
| €140,000 - €149,999 | - | - |
| €180,000 - €189,999 | 1 | 3 |
| €190,000 - €199,999 | 3 | - |
| €250,000 - €259,999 | 1 | 1 |

Maidir leis an nochtadh seo, áirítear a leanas le sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe i dtaca le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe: tuarastal, ragobair, liúntais agus íocaíochtaí eile a rinneadh ar son an fhostaí. Ní áirítear ÁSPC de chuid na bhfostóirí.

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gCoimisinéirí (ar lean)

## Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear le costais sainchomhairleoireachta an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach a thabhairt don bhainistíocht agus ní áirítear leo feidhmeanna 'gnó mar is gnáth' a bhíonn seachfhoinsithe agus costais dlí a bhaineann le himeachtaí dlí.

| | 2025 € '000 | 2024 € '000 |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | 2,733 | 2,958 |
| Sainchomhairle | 141 | 402 |
| Taighde Margaidh | 300 | 321 |
| Táillí Sainchomhairleoireachta Eile | - | 52 |
| **Costais sainchomhairleoireachta iomlána** | **3,174** | **3,733** |
| | | |
| Costais sainchomhairleoireachta arna gcaipitliú | - | - |
| Costais sainchomhairleoireachta a gearradh ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 3,174 | 3,733 |
| **Iomlán** | **3,174** | **3,733** |

## Costais Dlí agus Socraíochtaí

Tugtar miondealú sa tábla thíos ar na méideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse thuairiscithe i dtaca le costais dlí a bhaineann le himeachtaí dlíthiúla, socraíochtaí agus íocaíochtaí réitigh agus eadrána. N í chuimsítear leis sin caiteachas a tabhaíodh i dtaca le comhairle dlí ghinearálta a cuireadh ar an gCoimisiún agus a nochtar sna Costais Sainchomhairleoireachta thuas

| | 2025 € '000 | 2024 € '000 |
|---|---|---|
| Costais dlí a bhaineann le himeachtaí dlí | 6,265 | 2,858 |
| Socraíochtaí | 9 | - |
| Íocaíochtaí réitigh agus eadrána | - | - |
| **Iomlán** | **6,274** | **2,858** |

Áirítear le Costais Dlí a bhaineann le himeachtaí dlí meastachán ar dhliteanais a d'fhéadfadh teacht chun cinn do thríú páirtithe, i ndáil le caingne dlí ar tugadh fógra fúthu roimh dheireadh na bliana mar a leagadh amach i nóta 15.

Mar gheall ar chineál a chuid oibríochtaí, tá an Coimisiún páirteach i gcaingne dlí, go príomha imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh maidir lena chinntí.

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gCoimisinéirí (ar lean)

## Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Rangaítear caiteachas taistil agus cothaithe mar seo a leanas:

| | 2025<br>€ '000 | 2024<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Intíre | 28 | 21 |
| Eachtrach | 233 | 183 |
| | **261** | **204** |

Taifeadtar caiteachas taistil agus cothaithe, lena n-áirítear taisteal agus cothú do Choimisinéirí, mar Chostas Riaracháin.

## Caiteachas Fáilteachais

Tá caiteachas fáilteachais san áireamh sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas. Ceanglaítear leis *An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* go mbeidh costais a bhaineann le Clár Folláine na bhFostaithe san

| | 2025<br>€ '000 | 2024<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Clár Folláine na bhFostaithe | 90 | 84 |
| | **90** | **84** |

## An Ráiteas faoi Chomhlíonadh

De bharr shainchúram agus ról suntasach an Choimisiúin, leanann an Coimisiún ar aghaidh ag forbairt agus ag daingniú an mhéid seo a leanas d'fhonn a chinntiú go bhfuil prionsabail an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) á gcomhlíonadh: struchtúir nua; rialachas; nósanna imeachta na bainistíochta rioscaí; agus beartais agus nósanna imeachta athbhreithnithe.



**Jeremy Godfrey**
**Cathaoirleach Feidhmiúcháin**
Dáta: 26 Meitheamh 2026

# An Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

## Raon na Freagrachta

Thar ceann Choimisiún na Meán, aithnímid an fhreagracht atá ar an gCoimisiún as a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh i leith Choimisiún na Meán agus an Chiste Craolacháin. Tá ceanglais *An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* a Rialú san áireamh sa fhreagracht sin.

## Aidhm an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Dearadh an córas rialaithe inmheánaigh chun rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal measartha seachas fáil réidh leo. Dá bharr sin, ní féidir leis an gcóras ach gealltanas réasúnta agus ní gealltanas iomlán a thabhairt go bhfuil na sócmhainní cosanta ar bhealach leordhóthanach, go bhfuil na hidirbhearta ceadaithe agus taifead déanta orthu mar is cuí agus go gcuirtear cosc le hearráidí nó mírialtachtaí ábhair nó go dtabharfar faoi deara iad go pras.

Leanann Coimisiún na Meán leis ag bunú struchtúir shainithe d'fhonn an Córas Rialuithe Inmheánacha ("SIC") a rialú, a riar agus a thaifeadadh. Ós rud é gurb ionann líon foirne na heagraíochta anois agus trí chéad duine, leantar leis an gclaochlú agus an dul in aibíocht do na struchtúir agus cuirtear ar fáil leo sásraí maithe rialaithe bunaidh le haghaidh oibríochtaí Choimisiún na Meán. Is féidir achoimre a dhéanamh orthu siúd mar seo a leanas:

- Tá Coimisiún na Meán faoi stiúir Cathaoirleach Feidhmiúcháin agus ceathrar Coimisinéirí;
- Bhí Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag a raibh téarmaí tagartha foirmiúla i bhfeidhm ó bhí 2024 ann agus Cathaoirleach neamhspleách agus beirt chomhaltaí neamhspleácha air, ar ceapadh duine acu i mí Eanáir 2025;
- Rinneadh roinnt Príomh-Oifigeach sa Bhainistíocht Shinsearach a cheapadh chuig príomhróil le linn 2025 agus déanfar ceapacháin eile amach anseo;
- Is ann do Chlár Riosca Chorparáidigh agus Cláir Riosca Rannáin agus déantar athbhreithniú agus uasdátú orthu go rialta.
- Bunaíodh foras tiomanta Bainistíochta Sinsearaí chun réimsí rialála agus riosca a mhaoirsiú go sonrach agus a fhorbairt níos mó.
- Gníomhaíochtaí bainistíochta riosca a thuairisciú gach ráithe do ARC agus don Choimisiún.
- Bunaíodh plean iniúchta inmheánach rioscabhunaithe ilbhliantúil chun dearbhú neamhspleách thar an timpeallacht rialaithe a chur ar fáil.

Faoi réir fhorálacha an Achta, tá an Coimisiún neamhspleách agus é i mbun a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus tugann sé faoin gcúram seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach príomhcheist ghnó. Is iad na Coimisinéirí is cinnteoirí deiridh i gCoimisiún na Meán.

An Ráiteas faoi Rialú Inmheánach (ar lean)

Is iad na dualgais agus na freagrachtaí atá ar ARC, mar a leagtar amach ina théarmaí tagartha, tacaíocht a thabhairt don Choimisiún ina chuid freagrachtaí maidir le saincheisteanna rioscaí, rialaithe agus rialachais trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht na ndearbhuithe i dtaca le riachtanais dearbhaithe an Choimisiúin agus an Oifigigh Cuntasaíochta a chomhlíonadh agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar iontaofacht agus ar shláine na ndearbhuithe sin.

Cuireann ARC comhairle ar an gCoimisiún faoin méid seo a leanas:

- na próisis straitéiseacha i ndáil le rioscaí, rialú inmheánach agus rialachas;
- na beartais chuntasaíochta, na ráitis airgeadais agus tuarascáil bhliantúil na heagraíochta, lena n-áirítear an próiseas le haghaidh athbhreithniú ar na ráitis airgeadais sula gcuirtear isteach iad don iniúchadh, méid na n-earráidí a aithnítear agus litir uiríll an lucht bainistíochta chuig na hiniúchóirí seachtracha;
- an ghníomhaíocht atá beartaithe agus torthaí na n-iniúchtaí, idir inmheánach agus seachtrach;
- cuibheas fhreagra an lucht bainistíochta ar shaincheisteanna a aithnítear i ngníomhaíocht iniúchta, lena n-áirítear litir uiríll an lucht bainistíochta maidir leis an iniúchadh seachtrach;
- dearbhuithe a bhaineann le bainistíocht rioscaí agus ceanglais rialachais chorparáidigh don chomhlacht stáit;
- (más cuí) tograí chun tairiscint a chur isteach ar sheirbhísí iniúchta inmheánaigh nó sheachtraigh nó chun seirbhísí neamh-iniúchóireachta a cheannach ó chonraitheoirí a chuireann seirbhísí iniúchóireachta ar fáil; agus
- beartais frithchalaoise, próisis um nochtadh cosanta agus socruithe i gcomhair imscrúduithe speisialta;

Tháinig ARC le chéile cúig huaire le linn 2025.

Déanann ARC athbhreithniú go tréimhsiúil ar a éifeachtúlacht féin de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Cuireann sé Tuarascáil Bhliantúil ar fáil don Choimisiún ina ndéantar achoimre ar a chonclúidí ón obair a rinneadh i rith na bliana.

Tá treoir, rialú agus bainistíocht laethúil Choimisiún na Meán faoi chúram an Chathaoirligh Feidhmiúcháin, na gCoimisinéirí agus na Foirne Ardbhainistíochta. Gníomhaíonn na Coimisinéirí mar fhoras ceannaireachta agus cinnteoireachta coláisteach do Choimisiún na Meán. Ní mór don fhoireann ardbhainistíochta agus don fhoireann an treoir straitéiseach atá leagtha síos ag an gCoimisiún a leanúint agus ba chóir dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir acu uile ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas agus ar aon rioscaí suntasacha is dóigh a thiocfaidh chun cinn.

## Creat Bainistíochta Riosca

Chuir an Coimisiún creat bainistíochta rioscaí i bhfeidhm maidir le gníomhaíochtaí oibriúcháin agus straitéiseacha Choimisiún na Meán. B'ionann an creat agus Beartas maidir le Creat Bainistíochta Riosca Choimisiún na Meán, a Ráiteas Inghlacthachta Rioscaí, ar glacadh leis le déanaí, agus a Chláir Rioscaí, mar aon le bearta cuntasachta trí rioscaí a thuairisciú go tráthrialta san eagraíocht uile.

D'fhorbair agus ghlac an Coimisiún Beartas maidir le Creat Bainistíochta Riosca i Meitheamh 2025, agus tháinig sé sin in ionad an Bheartais Bainistíochta Riosca eatramhaigh a bhí ann roimhe. Sonraítear go soiléir sa Bheartas go bhfuil Príomhoifigeach Rialála & Rioscaí Choimisiún na Meán, mar aon leis na Coimisinéirí, an Fhoireann Ardbhainistíochta agus an Fhoireann uile freagrach as rioscaí a bhainistiú, agus go bhfuil freagracht ar fhostaithe uile Choimisiún na Meán as tuairisciú don Lucht Bainistíochta as aon rioscaí a bhaineann lena réimse oibre a bhainistiú agus as cur leis an bpróiseas rialaithe chun na rioscaí sin a aithnítear a mhaolú go leibhéal inghlactha.

An Ráiteas faoi Rialú Inmheánach (ar lean)

Cuid lárnach den chreat is ea an tSamhail 3 Líne Cosanta a chuirtear i bhfeidhm go forleathan, a chabhraíonn chun na róil agus na freagrachtaí eile a bhaineann le riosca a bhainistiú san eagraíocht a struchtúrú agus a chuireann níos mó le cuntasacht.

Ba thoradh an Beartas agus an doiciméadacht lena dtacaítear leis ar thionscnamh uile-eagraíochta chun próisis agus doiciméadacht nóis imeachta a bhunú le cabhrú chun tacú le bainistíocht fhoriomlán rioscaí. Anuas air sin, leagadh síos tacsanomaíocht riosca a léirigh próifíl riosca, riachtanais agus castacht na heagraíochta agus í ag athrú.

## Creat Rioscaí agus Rialaithe

Tá Clár Rioscaí Corparáide i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí corparáideacha agus straitéiseacha atá roimh Choimisiún na Meán, agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Le linn 2025, bhunaigh gach Rannán Clár Riosca Rannáin d'fhonn a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhaineann go príomha le leibhéal an rannáin a thaifeadadh agus a bhainistiú mar is cuí. Sonraíonn na cláir chomhlánaithe na rialuithe agus na gníomhartha breise a mheastar atá riachtanach chun na rioscaí a shainaithnítear a mhaolú agus a bhainistiú.

Áirítear leis na córais bainistíochta rioscaí fosta Ráiteas Inghlacthachta Rioscaí Choimisiún na Meán a bunaíodh i Meitheamh 2025 agus a tháinig in ionad ceann eatramhach a bhí ann roimhe sin. Aithníodh leibhéal inghlacthachta riosca do gach ceann de na catagóirí riosca agus lamháltais rioscaí agus leagtar amach sa Ráiteas é. Ba mhír ar an gclár oibre é an riosca ag cruinnithe an Choimisiúin gach ráithe agus ag gach cruinniú ARC le linn 2025. Athbhreithníonn an Coimisiún an Clár Rioscaí Corparáide gach ráithe agus déanann ARC athbhreithniú air ina gcruinnithe rialta.

## Creat Rialaithe

Bhíodh Coimisiún na Meán i mbun gnó ar dtús agus úsáid á bhaint aige as creat rialaithe a fuair sé le hoidhreacht, tráth a bhunaithe, ó Údarás Craolacháin na hÉireann. Ós rud é go bhfuil scála an Choimisiúin méadaithe go mór, ní raibh an creat sin oiriúnach a thuilleadh.

Le linn 2025, rinneadh dul chun cinn ag leagan síos gnáthamh, próiseas agus doiciméadacht nóis imeachta chun creat rialaithe a chruthú atá in oiriúint do mhéid agus do chastacht na heagraíochta. Cuireadh próisis agus rialuithe i bhfeidhm le haghaidh rialachas corparáideach agus le próisis oibriúcháin a rialú, is próisis atá mar bhonn faoi chomhlíonadh fheidhmeanna nua Choimisiún na Meán. Ceadaíodh an Beartas um Chreat Rialaithe Inmheánach i Meitheamh 2025. Tá obair á déanamh chun na próisis rialaithe agus gnáthaimh nua a leabú a thuilleadh fud fad na heagraíochta. Tá próisis ríthábhachtacha agus rialuithe bunúsacha i bhfeidhm anois, lena n-áirítear;

- Sannadh na freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta.
- Is ann do phróiseas buiséadaithe chun buiséad bliantúil a thiomsú a leanann an Coimisiún d'athbhreithniú a dhéanamh air.
- Tá córais ann a bhfuil sé mar aidhm acu slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú.
- Seolann an Coimisiún agus ARC athbhreithnithe tréimhsiúla ar ghníomhaíochtaí bainistithe riosca agus ar chláir riosca.
- Seolann soláthróirí dearbhaithe inmheánacha agus seachtracha athbhreithnithe neamhspleácha ar an timpeallacht rialaithe. Tuairiscítear na hathbhreithnithe seo don Choimisiún agus do ARC araon.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.
- Cinntíonn nósanna imeachta rialaithe maidir le maoiniú deontas do ghníomhaireachtaí seachtracha go bhfuil rialú leordhóthanach ann maidir le ceadú deontas agus le monatóireacht agus athbhreithniú ar dheontaithe lena chinntiú gur cuireadh maoiniú deontais i bhfeidhm don chuspóir a bhí beartaithe.
- Rolladh bogearraí um rialachas, riosca agus comhlíonadh amach lena dtacófar agus lena lárófar gníomhaíochtaí rialála agus bainistíochta riosca na heagraíochta.

An Ráiteas faoi Rialú Inmheánach (ar lean)

## Iniúchóireacht Inmheánach

Chuir Coimisiún na Meán a fheidhmeannas Iniúchóireachta Inmheánaí amach ar conradh. Tuairiscíonn Iniúchóireacht Inmheánach don Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí agus tá sí freagrach as measúnú neamhspleách oibiachtúil a dhéanamh ar phróisis bainistíochta riosca, rialaithe agus rialachais. Déanann Iniúchóireacht Inmheánach scrúdú ar leordhóthanacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht na gcóras, na ndaoine, agus na bpróiseas chun rioscaí féideartha agus réimsí ar féidir iad a fheabhsú a aithint. Leanann an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí air ag obair go dlúth le ARC lena chinntiú go gcomhaontófar clár oibre ilbhliantúil atá bunaithe ar rioscaí. Cuireadh ceithre cinn d'Iniúchóireachtaí Inmheánacha faoi bhráid ARC le linn 2025.

Ceapadh soláthróir nua Iniúchóireachta Inmheánaí le linn 2025. Ó ceapadh é, cuireadh tús le dhá Iniúchóireacht Inmheánacha le linn na bliana.

## Soláthar

Deimhnímid go bhfuil beartas Soláthair i bhfeidhm ag Coimisiún na Meán agus go bhfuil nuashonrú á dhéanamh ar na nósanna imeachta gaolmhara chun fás agus castacht na heagraíochta a léiriú lena chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte soláthair atá ann faoi láthair.

## Athbhreithniú ar an Éifeachtúlacht

Deimhnímid gur sheol an Coimisiún athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialacha inmheánacha do thréimhse airgeadais 2025. Chuir obair a rinne an lucht ardbhainistíochta, an t-iniúchóir inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí bonn eolas faoin athbhreithniú sin. Cuireadh an tuarascáil *Ráiteas ar Rialú Inmheánach – Tuarascáil ar Iniúchadh Inmheánach* faoi bhráid ARC ag an gcruinniú a bhí ar siúl an 19 Márta 2026. Cuireadh an tuarascáil, mar aon le tuairimí gaolmhara de chuid ARC, faoi bhráid an Choimisiúin ag an gcruinniú a bhí aige an 26 Márta 2026.

## Toradh ar Athbhreithniú ar Rialú Inmheánach

Nuair a ghlac an Coimisiún le torthaí an athbhreithnithe, agus nuair a thug sé tuairimí ARC dá aire, d'admhaidh an Coimisiún go raibh laigí ann i gcórais rialaithe inmheánaigh a raibh aird agus leasúchán ag teastáil ina leith chun a n-éifeachtacht a mhéadú.

Go háirithe, thug an Coimisiún laigí rialaithe dá aire sna réimsí seo a leanas: rialachas rochtana úsáideora, rialuithe lárnacha airgeadais agus íocaíochta, beartais agus nósanna imeachta a rialáil agus a choinneáil ar bun, sócmhainní TF agus bainistíocht saolré a rialú, gníomhaíochtaí soláthair a phleanáil agus a anailísiú agus cosaint sonraí.

Ghlac an Coimisiún leis na moltaí iniúchóireachta gaolmhara. Chuir sé gníomhartha i bhfeidhm láithreach nuair ba ghá. Ghlac sé air féin chomh maith plean a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar aon bhearnaí rialaithe eile a aithníodh le linn an athbhreithnithe. I gcaitheamh 2026 agus 2027, beidh an Coimisiún ag cur Córas Airgeadais nua i bhfeidhm chun riachtanais eagraíochta reatha agus amach anseo a chomhlíonadh, agus neartófar rialuithe inmheánacha a thuilleadh leis sin.



**Jeremy Godfrey**
**Cathaoirleach Feidhmiúcháin**
Dáta: 26 Meitheamh 2026



**Aoife MacEvilly**
**Coimisinéir**
Dáta: 26 Meitheamh 2026

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**Comptroller and Auditor General**

## Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

## Coimisiún na Meán

### Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of Coimisiún na Meán for the year ended 31 December 2025 as required under the provisions of section 26 of the Broadcasting Act 2009 (as amended). The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows, and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of Coimisiún na Meán at 31 December 2025 and of its income and expenditure for 2025 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

#### *Basis of opinion*

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of Coimisiún na Meán and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

### Report on information other than the financial statements, and on other matters

Coimisiún na Meán has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report, the governance statement and Commissioners' report, and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

**Paula O'Connor**
**For and on behalf of the**
**Comptroller and Auditor General**

**29 June 2026**

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar lean)

## Appendix to the report

### Responsibilities of Coimisiún na Meán

As detailed in the governance statement and Commissioners' report, the Commissioners are responsible for

- the preparation of annual financial statements in the form prescribed under section 26 of the Broadcasting Act 2009 (as amended)
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS 102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

### Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 26 of the Broadcasting Act 2009 (as amended) to audit the financial statements of Coimisiún na Meán and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on Coimisiún na Meán's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause Coimisiún na Meán to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

I report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

#### *Information other than the financial statements*

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

#### *Reporting on other matters*

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

# An Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025**

| | Nóta | 2025 Seirbhís clár teilifíse Tobhach € '000 | 2025 Seirbhís craolacháin fuaime Tobhach € '000 | 2025 Seirbhís meán closamhairc ar éileamh Tobhach € '000 | 2025 Seirbhís ainmnithe ar líne Tobhach € '000 | 2025 Seirbhís idirmhódúil Tobhach € '000 | 2025 Seirbhís óstála Tobhach € '000 | 2025 An Ciste Craolacháin a Riaradh Státchiste € '000 | 2025 Gníomhaíochtaí arna Maoiniú ag an Státchiste Státchiste €'000 | 2025 Iomlán € '000 | 2024 Total € 'Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | | | | | | | | | |
| Ioncam Tobhaigh | 2 (a) | 4,434 | 2,655 | 2,020 | 18,201 | 21,892 | 2,383 | - | - | 51,585 | 28,030 |
| Deontas an Oireachtais | 2 (b) | - | - | - | - | - | - | - | 6,980 | 6,980 | 11,809 |
| Táillí Ceadúnúcháin | 3 | 76 | 9 | - | - | - | - | - | - | 85 | 65 |
| Ioncam Eile | 4 | 1 | 1 | - | 4 | 4 | - | 2,126 | 2 | 2,138 | 1,623 |
| **Ioncam Comhlán** | | **4,511** | **2,665** | **2,020** | **18,205** | **21,896** | **2,383** | **2,126** | **6,982** | **60,788** | **41,527** |
| **Caiteachas** | | | | | | | | | | | |
| Costais tuarastail | 5 | 1,434 | 1,150 | 751 | 5,611 | 6,767 | 724 | 1,401 | 373 | 18,211 | 12,746 |
| Costais Sochair Scoir | 18 | 226 | 184 | 118 | 847 | 1,017 | 110 | 227 | 58 | 2,787 | 1,778 |
| Táillí an Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí | | 1 | 1 | 1 | 7 | 8 | 1 | - | - | 19 | 18 |
| Táillí Gairmiúla & Sainchomhairleoireachta | 7 | 549 | 361 | 198 | 1,358 | 2,608 | 220 | 109 | 210 | 5,613 | 3,156 |
| Táillí Dlí | 8 | 94 | 27 | 64 | 2,175 | 6,332 | 248 | 5 | 62 | 9,007 | 5,816 |
| Costais Riaracháin | 9 | 295 | 230 | 153 | 1,511 | 1,829 | 227 | 338 | 113 | 4,696 | 4,072 |
| Luach saothair na nIniúchóirí | | 1 | 1 | - | 7 | 7 | 1 | 9 | - | 26 | 26 |
| Íocaíochtaí Deontais agus Forbartha | 10 | 551 | 368 | 6 | 72 | 59 | 5 | - | 2,987 | 4,048 | 679 |
| Áitreabh agus Caiteachas lena mBaineann | 11 | 91 | 55 | 65 | 807 | 880 | 92 | 36 | 34 | 2,060 | 2,469 |
| Ús agus Táillí an Bhainc | | - | - | 2 | 8 | 3 | 1 | - | - | 14 | 110 |
| Dímheas | 12 | 2 | 1 | 1 | 15 | 16 | 2 | 1 | 1 | 39 | 46 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **3,244** | **2,378** | **1,359** | **12,418** | **19,526** | **1,631** | **2,126** | **3,838** | **46,520** | **30,916** |
| **Barrachas / (Easnamh) Ioncaim thar Caiteachas** | | **1,267** | **287** | **661** | **5,787** | **2,370** | **752** | **-** | **3,144** | **14,268** | 10,611 |
| Aisíoc an Tobhaigh | 2 (a) | (1,267) | (287) | (662) | (5,798) | (2,382) | (754) | - | - | (11,150) | (10,689) |
| Aistriú ón/(chuig an) gCuntas Caipitil | 16 | - | - | 1 | 11 | 12 | 2 | 1 | - | 27 | 28 |
| **Barrachas / (Easnamh) i ndiaidh aisíoc an Tobhaigh agus aistrithe** | | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **1** | **3,144** | **3,145** | (50) |
| Barrachas a tugadh ar aghaidh ag tús na tréimhse | | | | | | | | | | 455 | 505 |
| **Barrachas amhail an 31 Nollaig** | | | | | | | | | | **3,600** | **455** |

An Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe (ar lean)

**Tá an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1-21 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.**

D'fhormheas an Coimisiún na Ráitis Airgeadais an 26 Meitheamh 2026 agus shínigh na daoine a leanas thar ceann an Choimisiúin iad:



**Jeremy Godfrey**
**Cathaoirleach Feidhmiúcháin**



**Aoife MacEvilly**
**Coimisinéir**

# An Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Cuimsitheach

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025**

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Barrachas / (Easnamh) i ndiaidh an Tobhach a Aisíoc | 3,145 | (50) |
| | | |
| Caillteanas ó thaithí ar dhliteanais na scéime sochair scoir | (6,354) | (5,967) |
| Athruithe ar thoimhdí is bunús le luach láithreach oibleagáidí na scéime sochair scoir | 6,188 | 2,959 |
| Caillteanas achtúireach iomlán le linn na tréimhse | (166) | (3,008) |
| | | |
| Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha Sochair Scoir ón Státchiste | 166 | 3,008 |
| **Ioncam / (Caiteachas) Cuimsitheach eile don tréimhse** | **3,145** | **(50)** |

**Tá an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1-21 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.**

TD'fhormheas an Coimisiún na Ráitis Airgeadais an 26 Meitheamh 2026 agus shínigh na daoine a leanas thar ceann an Choimisiúin iad:



**Jeremy Godfrey**
**Cathaoirleach Feidhmiúcháin**



**Aoife MacEvilly**
**Coimisinéir**

# An Ráiteas faoin Staid Airgeadais

**Amhail an 31 Nollaig 2025**

| | Nóta | 31 Nollaig 2025 € '000 | 31 Nollaig 2024 € '000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh | 12 | 139 | 166 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infháltais | 13 | 9,692 | 4,209 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | 14 | 26,743 | 12,430 |
| | | **36,435** | **16,639** |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Suimeanna Iníoctha (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin) | 15 | (32,835) | (16,184) |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **3,600** | **455** |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais roimh Shochair Scoir** | | **3,739** | **621** |
| Sócmhainn sochair scoir iarchurtha | 18 | 25,311 | 22,187 |
| Dliteanais sochair scoir | 18 | (25,311) | (22,187) |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | **3,739** | **621** |
| **Arb ionann iad agus** | | | |
| Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | | 3,600 | 455 |
| Cuntas Caipitil | 16 | 139 | 166 |
| | | **3,739** | **621** |

**Tá an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1-21 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.**

D'fhormheas an Coimisiún na Ráitis Airgeadais an 26 Meitheamh 2026 agus shínigh na daoine a leanas thar ceann an Choimisiúin iad:

**Jeremy Godfrey**
**Cathaoirleach Feidhmiúcháin**

**Aoife MacEvilly**
**Coimisinéir**

# An Ráiteas faoi Shreafaí Airgid

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

| | Nóta | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| Barrachas / (Easnamh) don Tréimhse | | 3,145 | (50) |
| Muirear Dímheasa | 12 | 39 | 46 |
| Aistriú ón gCuntas Caipitil | 16 | (27) | (28) |
| Méadú ar Infháltais | 13 | (5,483) | (3,149) |
| Méadú ar Shuimeanna Iníoctha | 15 | 16,651 | 10,468 |
| **Glan-iarmhéid Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **14,325** | **7,287** |
| | | | |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Breisiú ar Shócmhainní Seasta | 12 | (12) | (18) |
| Glan-iarmhéid Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta | | (12) | (18) |
| | | | |
| **Glanmhéadú ar Airgead agus Coibhéisí Airgid** | | **14,313** | **7,269** |
| | | | |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ag tús na tréimhse | | 12,430 | 5,161 |
| **Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ag deireadh na tréimhse** | | **26,743** | **12,430** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos bunús na cuntasaíochta agus beartais shuntasacha chuntasaíochta arna nglacadh ag Coimisiún na Meán ("An Coimisiún"). Cuireadh i bhfeidhm go leanúnach iad le linn na bliana agus don tréimhse roimhe.

### (a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh an Coimisiún faoin Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022 (Acht OSMR), agus tá ceannoifig aige ag 1 Foirgnimh Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4.

Is é Coimisiún na Meán gníomhaireacht na hÉireann chun tírdhreach meán atá rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a fhorbairt agus a rialú.

Tugann an Coimisiún faoi fheidhmeanna lena rialaítear agus lena dtacaítear le forbairt na meán in Éirinn agus forfheidhmímid an tAcht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022, Gníomh AE um Sheirbhísí Digiteacha (GSD), an Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne (TCOR) agus an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht (EEA) in Éirinn.

Is é is misean don Choimisiúin tírdhreach meán a rialáil, tacú leis, agus a fhorbairt a bheidh mar bhonn taca ag cearta bunúsacha agus lena gcothófar sochaí oscailte, dhaonlathach agus iolraíoch.

### (b) An Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Cuireadh ráitis airgeadais an Choimisiúin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 le chéile de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC).

### (c) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta agus faoin ngnás costais stairiúil san fhoirm arna ceadú ag an Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, de bhun alt 26 (1) & (2) d'Acht OSMR, 2022.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach chun plé le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i dtaca le ráitis airgeadais an Choimisiúin.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

# 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

## (d) Ioncam

### *Ioncam Tobhaigh*

Gineadh príomhfhoinse ioncaim an Choimisiúin ó thobhach tionscail de réir mar a éilítear faoi alt 21 den Acht Craolacháin 2009, arna leasú leis an Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022, le halt 4 den Acht um Sheirbhísí Digiteacha (Tobhach), 2024 agus arna leasú thairis sin le halt 17 den Acht um Chúirteanna, an Dlí Sibhialta, an Dlí Coiriúil agus Aoisliúntas (Forálacha Ilghnéitheacha), 2024. Baintear úsáid as an tobhach chun airgead a chur ar fáil do na costais a bhaineann le feidhmiú na bhfeidhmeanna atá ag an gCoimisiún mar aon lena cheanglais maidir le caipiteal oibre, agus tá sé bunaithe ar chaiteachas buiséadaithe don bhliain airgeadais ar leith.

Faoi Alt 21 (11) d'Acht 2009, measfar aon fharasbarr ioncaim, ó thobhaigh arna bhforchur i ndáil le tréimhse tobhaigh, de bhreis ar na caiteachais arna dtabhú go cuí ag an gCoimisiún sa tréimhse sin agus a cheanglais maidir le caipiteal oibre sa tréimhse sin agus:

1. coinneoidh an Coimisiún é lena fhritháireamh go comhréireach in aghaidh oibleagáidí tobhaigh na soláthraithe ábhartha dá éis sin, ar ar forchuireadh an tobhach, nó
2. déanfar é a aisíoc go comhréireach leis na soláthraithe sin.

Sonraítear an bunús do thobhach 2025 a ríomh in I.R. Uimh. 698/2024 – an tAcht Craolacháin 2009 (alt 21), Ordú Tobhaigh (Uimh. 2), 2024 agus tugtar cuntas air ar bhonn fabhraithe.

### *Ioncam ó Tháille Cheadúnúcháin*

De bhun fhorálacha Acht 2009, bhí an Coimisiún freagrach as conarthaí a bhronnadh le haghaidh seirbhísí teilifíse agus raidió ar ardáin éagsúla. Go ginearálta, rinne an Coimisiún dhá chineál conartha le hoibreoirí craolacháin mar seo a leanas:

- Conarthaí Craolacháin; agus
- Conarthaí Soláthair Lánais

D'fhéadfadh táillí ceadúnúcháin a bheith iníoctha ag iarratasóirí ar chonarthaí agus ag conraitheoirí leis an gCoimisiún de bhun na bhforálacha reachtúla. Tiocfaidh na conarthaí sin faoin Tobhach anois faoi Acht nua OSMR, 2022.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

# 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

*Maoiniú ón Státchiste*

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, mhaoinigh an Státchiste an Coimisiún freisin chun na feidhmeanna a bhaineann leis an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht (EEA) agus an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán (EMFA) a leagan síos. Aithnítear ioncam ó Dheontas an Oireachtais ar bhonn airgid thirim.

Faigheann an Coimisiún maoiniú thairis sin ón Scéim Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil, ó Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna, ón Scéim Tacaí don Chlaochlú Digiteach agus ón Scéim Tuairiscithe Nuachta (dá ngairtear le chéile "Na Scéimeanna Iriseoireachta").

*Ioncam Eile*

Aithnítear Ioncam Eile ar bhonn fabhraithe.

*Ioncam Úis*

Aithnítear Ioncam Úis ar bhonn fabhraithe trí úsáid a bhaint as modh an úis ghlain.

**(e) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh agus Dímheas**

Tá réadmhaoin, gléasra agus trealamh sonraithe ag costas lúide dímheas carntha, coigeartaithe le haghaidh aon soláthar le haghaidh lagú. Déantar soláthar le haghaidh dímheas ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag rátaí a mheastar a dhíscríobhfaidh an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bhonn líne dírí thar a saolré fhónta measta, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Bogearraí agus Trealamh Ríomhaireachta | 33% in aghaidh na bliana |
| Trealamh Oifige | 20% in aghaidh na bliana |
| Daingneáin agus Feistis | 20% in aghaidh na bliana |
| Feabhsúcháin Léasachta | 10% in aghaidh na bliana |
| Trealamh Fuaime/Teicniúil | 33% in aghaidh na bliana |

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

# 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Léiríonn luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis costas measta na diúscartha a bhaint dá mba rud é go raibh an tsócmhainn den aois sin cheana féin agus an bhail a bheith uirthi a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáidí. Má tá fianaise oibiachtúil ann de lagú ar luach sócmhainne, aithnítear caillteanas ó lagú sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain.

### (f) Infháltais

Aithnítear infháltais ag luach cothrom lúide foráil d'fhiacha amhrasacha. Sainfhoráil is ea an fhoráil d'fhiacha amhrasacha agus bunaítear í má tá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh ar chumas an Choimisiúin na méideanna uile atá dlite a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

### (g) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dhírí thar thréimhse an léasa ach amháin má tá baint idir arduithe cíosa leis an ráta measta boilscithe. Sa chás seo aithnítear na méaduithe seo nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

### (h) Sochair Fostaithe

#### *(i) Sochair Ghearrthéarmacha*

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós saoire mar chostas sa bhliain, agus cuirtear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san áireamh i bhfigiúr na suimeanna iníoctha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

# 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### *(ii) Sochair Scoir*

#### *Cineál Scéimeanna*

Oibríonn an Coimisiún na scéimeanna pinsin sainithe seo a leanas i leith fostaithe:

Tá fostaithe a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013 ina mbaill de Scéim Aoisliúntais an Choimisiúin agus dá Scéim Pinsin do Chéilí agus Leanaí. Tá na struchtúir scéime seo bunaithe ar an tSamhail Seirbhíse Poiblí (an "Scéim Eiseamláireach").

Tá fostaithe a ceapadh tar éis an 1 Eanáir 2013 ina mbaill de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí, a sholáthraíonn pinsin sochair shainithe atá nasctha leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí bunaithe ar mheánphá gairme (an "Scéim Aonair").

Níl na scéimeanna á maoiniú ag an gCoimisiún, agus tá sochair phinsin iníoctha ag an Státchiste. Tá roinnt saintréithe sonracha ag gabháil le socruithe an Choimisiúin:

Déanann an Coimisiún ranníocaíochtaí comhaontaithe leis an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt (don Scéim Eiseamláireach) agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin (don Scéim Aonair).

Cuimsíonn na ranníocaíochtaí don dá scéim gné fostaí mar aon le gné fostóra. Is ionann na ranníocaíochtaí fostóra a íocann an Coimisiún don Scéim Eiseamláireach agus 25% den phá comhlán d'fhostaithe a íocann ÁSPC Aicme A agus 30% dóibh siúd a íocann ÁSPC Aicme D. Is ionann ranníocaíocht an fhostóra a d'íoc an Coimisiún leis an Scéim Aonair agus trí oiread ranníocaíocht an fhostaí.

Gheall an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, le comhaontú na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, go n-íocfaidh an Státchiste costas na sochar de réir mar a bheidh siad dlite.

Aithnítear sócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamhchistithe i leith sochar scoir ar Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí ar bhonn fhorálacha alt 44 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

# 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Go bunúsach, measann an Coimisiún gur ar an gCoimisiún fós atá an oibleagáid sochair phinsin a íoc, ach go soláthróidh an Státchiste dóthain airgid don Choimisiún chun aon oibleagáidí den sórt sin a shocrú de réir mar a bheidh siad dlite, ar an mbonn go n-íocann an Coimisiún ranníocaíochtaí fostaithe agus fostóra ar rátaí a shonróidh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Dá réir sin, aithnítear sna ráitis airgeadais oibleagáid sochair pinsin iarchurtha agus maoiniú pinsin iarchurtha infhála ón státchiste agus cuirtear sonraí iomlána íocaíochtaí sochair Aoisliúntais san áireamh sna ráitis airgeadais mar mhír chaiteachais agus tá ioncam comhfhreagrach ann a sheasann do Shochar Scoir Státchiste.

*Gnóthachain nó caillteanais achtúireacha scéimeanna*

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí achtúireacha agus as barrachais agus easnaimh taithí don bhliain ina dtarlaíonn siad, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach don iarmhéid do mhaoiniú sochair scoir iarchurtha ón státchiste. Cuimsíonn costais phinsin, sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe, ranníocaíocht an fhostóra sa bhliain.

*Dliteanais scéimeanna*

Déantar dliteanais scéime a thaispeántar mar luach reatha na n-íocaíochtaí amach anseo a thuill fostaithe an Choimisiúin go dtí seo a thomhas ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta. Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuill fostaithe. Déantar an méid atá le háireamh sna ráitis airgeadais do mhéid maoinithe an tsochair státchiste iarchurtha a mheas ag méid atá cothrom leis an meastachán ar an oibleagáid do dhliteanais na scéime pinsin.

Tá tuilleadh eolais faoi na scéimeanna ar fáil i nóta 18.

**(i) Cuntas Caipitil**

Léirítear sa Chuntas Caipitil an méid ioncaim gan amúchadh a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

# 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### (j) Airgeadraí Eachtracha

Aistrítear idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro agus taifeadtar iad ag an ráta malairte atá i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro ag rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dháta an tuairiscithe.

### (k) Cánachas

N íl an Coimisiún faoi dhliteanas i leith Cáin Chorparáide.

Ghearr an Coimisiún CBL ar na tobhaigh a d'eisigh sé do sholáthraithe meán ó chuir sé tús le hoibríochtaí i mí an Mhárta 2023 go dtí deireadh 2024. Fuair an Coimisiún comhairle chánach ina dhiaidh sin gur cheart a sholáthairtí a bheith lasmuigh de raon feidhme CBL. Scoir an Coimisiún de CBL a chur i bhfeidhm ar na tobhaigh a eisíonn sé an 1 Eanáir 2025

### (l) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla maidir le Cuntasaíocht

Maidir le hullmhúchán na ráiteas airgeadais, is gá go ndéanfaidh an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a bhfuil tionchar acu ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an tuairiscithe agus ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus caiteachais le linn na tréimhse. Ciallaíonn nádúr an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh éagsúlachtaí a bheith ann idir na fíorthorthaí agus na meastacháin sin. Bhí an tionchar ba shuntasaí ag na breithiúnais a leanas ar mhéideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

### *(a) Gnóthas Leantach*

Sonraítear i gCuid 16 d'Acht OSMR, 2022 na forálacha díscaoilte agus aistrithe a bhaineann le bunú an Choimisiúin. Maidir leis na feidhmeanna uile a bhí dílsithe d'Údarás Craolacháin na hÉireann díreach roimh lá an bhunaithe, rinneadh iad a aistriú chuig an gCoimisiún ar dháta an bhunaithe. Déantar foráil leis an gcuid sin d'Acht OSMR, 2022 freisin d'aistriú foirne, feidhmeanna, sócmhainní agus dliteanas chuig an gCoimisiún. Cé gur díscaoileadh Údarás Craolacháin na hÉireann an 14 Márta 2023, níl aon éiginnteacht ábhartha ann maidir le cumas an Choimisiúin freastal dá dhliteanais de réir mar a bheidh siad dlite, agus leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Ar an mbonn sin, measann an Coimisiún gur cuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní chuimsíonn na ráitis airgeadais seo aon choigeartuithe ar na suimeanna glanluacha agus ar aicmiú sócmhainní agus dliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn mura mbeadh an Coimisiún in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

# 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### *(b) Lagú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh*

Déantar Sócmhainní Seasta Inláimhsithe atá faoi réir amúchadh a athbhreithniú le haghaidh lagú aon uair a léiríonn teagmhais nó athruithe ar chúinsí go bhféadfadh sé nach mbeadh an tsuim ghlanluacha inghnóthaithe. Aithnítear caillteanas lagaithe don mhéid a sháraíonn méid in-aisghabhála na sócmhainne a méid inghnóthaithe.  Is ionann an tsuim inghnóthaithe agus luach cothrom níos airde na sócmhainne lúide costas chun é a dhíol agus a luach agus í in úsáid.

D'fhonn lagú a mheasúnú, déantar sócmhainní a ghrúpáil ag na leibhéil is ísle a bhfuil sreafaí airgid inaitheanta ar leithligh (aonaid giniúna airgid) ann ina leith. Déantar sócmhainní neamhairgeadais atá thíos ag lagú a athbhreithniú le haghaidh aisiompú féideartha an lagaithe ar gach dáta tuairiscithe.

### *(c) Dímheas agus Luachanna Iarmharacha*

Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar shaolréanna sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme sócmhainne seasta, agus ar shaolré eacnamaíoch fhónta agus ar luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas go háirithe, agus tháinig sé ar an tuairim go bhfuil saolréanna sócmhainní agus luachanna iarmharacha iomchuí.

### *(d) Foráil le haghaidh Fiacha Amhrasacha*

Déanann an Coimisiún meastachán ar luach inghnóthaithe féichiúnaithe agus infháltais eile. Úsáideann an Coimisiún meastacháin bunaithe ar thaithí stairiúil chun leibhéal na bhfiach, nach bhféadfaí a bhailiú, a chinneadh. Áirítear leis na meastacháin sin tosca amhail rátáil reatha an fhéichiúnaí, próifíl aosaithe féichiúnaithe agus taithí stairiúil. Déantar leibhéal an tsoláthair a theastaíonn a athbhreithniú ar bhonn leanúnach. Tá luach cóir na bhféichiúnaithe sna ráitis airgeadais thart ar a suimeanna glanluacha.

### *(e) Forálacha*

Déanann an Coimisiún forálacha maidir le hoibleagáidí dlíthiúla agus inchiallaithe, arb eol dó a bheith gan íoc ar dháta deiridh na tréimhse. Déantar na forálacha sin go hiondúil agus iad bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ar fhaisnéis ábhartha eile, arna gcoigeartú le haghaidh treochtaí le déanaí nuair atá sé ábhartha. Is meastacháin iad, áfach, ar chostais airgeadais na n-imeachtaí ar féidir nach dtarlódh siad go ceann roinnt blianta. Mar thoradh air sin agus ar an leibhéal éiginnteachta a ghabhann leis na torthaí deiridh, d'fhéadfadh difríocht shuntasach a bheith idir an toradh iarbhír agus an toradh measta sin.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

# 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### *(f) Oibleagáid Sochair Scoir*

Déantar nuashonrú bliantúil ar na toimhdí taobh thiar de na luachálacha achtúireacha a mbíonn méideanna aitheanta sna ráitis airgeadais ina leith (rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh sa todhchaí, rátaí báis agus treochtaí i gcostais sláinte ar fad ina measc) bunaithe ar staid reatha an gheilleagair, agus aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:

- an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáide ardcháilíochta;
- leibhéil chúitimh amach anseo, cúinsí an mhargadh saothair amach anseo; agus
- rátaí treochta maidir le costais cúraim sláinte, ráta boilscithe an chostais leighis sna réigiúin lena mbaineann.

### *(g) Maoiniú Pinsin Iarchurtha*

Aithníonn an Coimisiún suimeanna atá dlite ón Stát don dliteanas iarchurtha neamhchistithe i leith pinsean ar bhonn roinnt imeachtaí roimhe seo. I measc na n-imeachtaí sin, tá an tacaíocht reachtúil do na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear an próiseas meastachán bliantúil. Cé nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil ann agus, dá bhrí sin, nach bhfuil aon ráthaíocht ann maidir leis na suimeanna sonracha sin leis an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt ná leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, níl aon fhianaise ag an gCoimisiún nach leanfaidh an beartas maoinithe sin de bheith ag freastal ar an méid sin de réir a chéile de réir an chleachtais reatha.

## 2. Maoiniú Tobhaigh agus Maoiniú ón Státchiste

### (a) Tobhach Tionscail

De bhun alt 21 den Acht Craolacháin 2009, arna leasú leis an Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022 agus arna leasú le halt 4 den Acht um Sheirbhísí Digiteacha (Tobhach), 2024 (dá ngairtear le chéile an "tAcht"), tá sé de chumhacht ag Coimisiún na Meán ordú tobhaigh a fhorchur ar an méid seo a leanas:

- Soláthraithe seirbhísí meán closamhairc;
- Soláthraithe seirbhísí craolacháin fuaime;
- Soláthraithe seirbhísí ainmnithe ar líne;
- Soláthraithe seirbhíse idirghabhálaí, agus
- Soláthraithe seirbhísí óstála.

Tá téarmaí an Tobhaigh seo, lena n-áirítear an modh ríofa, leagtha amach in Ionstraim Reachtúil I.R. Uimh. 175/2024 – An tAcht Craolacháin 2009 (alt 21), Ordú Tobhaigh 2024. Tháinig an tOrdú Tobhaigh i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025, ag teacht in ionad I.R. Uimh. 175/2024 – An tAcht Craolacháin 2009 (alt 21), Ordú Tobhaigh 2024 a tháinig i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2024.

Bhí méid an tobhaigh bunaithe ar chaiteachas buiséadaithe an Choimisiúin chun críocha tobhaigh do 2025. B'ionann an méid a taibhíodh agus €51.58m (2024: €28.03m).

Rinneadh foráil d'aisíocaíocht mheasta €11.15m maidir leis an mbliain tobhaigh 2025 (2024: €10.69m).

### (b) Maoiniú ón Státchiste - Deontais ón Oireachtas

Leithdháileadh €6.98m i maoiniú ón Státchiste don Choimisiún (2024: €11.809m). Rinneadh an maoiniú a leithdháileadh mar seo a leanas:

- €150K tríd an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt i ndáil leis an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht (EAA)
- €52K tríd an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt chun costais a bhí ag gabháil leis an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán (EMFA) a chlúdach
- €6.778m tríd an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt chun costais a chlúdach a bhí ag gabháil leis an Scéim Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil, Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna, an Scéim Tacaí don Chlaochlú Digiteach agus an Scéim Tuairiscithe Nuachta (dá ngairtear le chéile "Na Scéimeanna Iriseoireachta").

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 2. Maoiniú Tobhaigh agus Maoiniú ón Státchiste (ar lean)

### (c) Maoiniú ón Státchiste - Gealltanais

*Scéim Iriseoireachta*

| | 2025 € '000 | 2024 € '000 |
|---|---|---|
| **Figiúr Tosaigh an Cheangaltais** | **-** | **-** |
| Dámhachtainí a dámhadh | 5,680 | - |
| Deontais íoctha | (2,982) | - |
| Deontais dídhílsithe | (613) | - |
| **Figiúr Deiridh an Cheangaltais** | **2,085** | **-** |

## 3. Táillí Ceadúnúcháin

| | 2025 € '000 | 2024 € '000 |
|---|---|---|
| Conarthaí ceadúnúcháin S71 | 85 | 65 |
| | **85** | **65** |

## 4. Ioncam Eile

| | 2025 € '000 | 2024 € '000 |
|---|---|---|
| Ioncam ón gCiste Craolacháin | 2,126 | 1,605 |
| Daingneáin agus feistis bhronnta (Nóta 12.a) | 12 | 18 |
| | **2,138** | **1,623** |

San áireamh in Ioncam Eile tá caiteachas arna thabhú ag an gCoimisiún agus a athmhuirearaítear ar an gCiste Craolacháin. Áirítear leis sin costais foirne de €1,629k (2024: €1,006k) agus caiteachas neamhphá de €497k (2024: €599k).

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

# 5. Luach Saothair

## (a) (a) Sochair Fostaithe Chomhiomlána

| | 2025<br>€ '000 | 2024<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha foirne | 16,463 | 11,544 |
| Ranníocaíocht an fhostóra le leas sóisialach | 1,748 | 1,202 |
| | **18,211** | **12,746** |

Áirítear le Costais Foirne don tréimhse €1,629k (2024: €1,006k) a athmhuirearaítear ar an gCiste Craolacháin agus a aithnítear in Ioncam Eile.

Bhí aon duine amháin (2024: seisear) ag obair sa Choimisiún le linn na tréimhse a fostaíodh trí ghníomhaireacht. Ba é €21k an t-ollchostas don Choimisiún maidir le pearsanra gníomhaireachta le linn na tréimhse (2024: €170k).

Ba é seo a leanas meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe ag an gCoimisiún (gan pearsanra Gníomhaireachta san áireamh) le linn na tréimhse airgeadais:

| | 2025<br>Uimh. | 2024<br>Uimh. |
|---|---|---|
| Bainistíocht Shinsearach | 36 | 34 |
| Foireann Eile | 237 | 122 |
| **Coibhéis Lánaimseartha Iarbhír** | **273** | **156** |

## (b) Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise

Ón 1 Eanáir 2019 ar aghaidh, íocann baill de scéimeanna pinsin sochair shainithe na seirbhíse poiblí Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (ASC) a eascraíonn ó Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (2018-2020) agus ón Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017. Rinneadh asbhaintí ASC arbh fhiú €433k iad (2024: €311k) ó thuarastail foirne le linn na tréimhse agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt iad.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

# 5. Luach Saothair (ar lean)

## (c) Sochair Ghearrthéarmacha Foirne

| | 2025 € '000 | 2024 € '000 |
|---|---|---|
| Bunphá | 16,463 | 11,544 |
| Ragobair | - | - |
| | **16,463** | **11,544** |

Ní dhearnadh aon íocaíochtaí foirceanta i rith na tréimhse.

## (d) Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair)

Téann seirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin isteach sa Scéim Aonair, ar scéim meántuarastail sochair shainithe í. B'ionann ranníocaíochtaí foirne leis an Scéim Aonair le linn na tréimhse agus €665k (2024: €440k). Ba é €1,992k dliteanas an Choimisiúin i leith ranníocaíochtaí fostóra leis an Scéim Aonair (2024: €1,320k) le linn na tréimhse.

## (e) Príomhphearsanra Bainistíochta

Bhí an Cathaoirleach, ceathrar Coimisinéirí agus beirt Stiúrthóirí is tríocha i gceist le príomhphearsanra bainistíochta an Choimisiúin le linn na tréimhse. Leagtar amach thíos luach iomlán na sochar fostaithe don phríomhphearsanra bainistíochta:

| | 2025 € '000 | 2024 € '000 |
|---|---|---|
| Tuarastal | 4,418 | 3,934 |
| | **4,418** | **3,934** |

Ní chuimsítear sa mhéid sin luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Tá roinnt den príomhphearsanra bainistíochta ina mbaill de scéim pinsin an Choimisiúin agus tá a gcuid teidlíochtaí ina leith sin faoi réir théarmaí na Scéime Aonair/na Scéime Eiseamláirí agus fúthu siúd amháin.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 6. Luach Saothair an Chathaoirligh

Cuireadh tús le téarma Jeremy Godfrey mar Chathaoirleach an 15 Márta 2023. Téarma cúig bliana é. Fuair an Cathaoirleach tuarastal €258,453 sa tréimhse (2024: €250,272). Tá an Cathaoirleach ina bhall de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí. N í bhfuair an Cathaoirleach aon íocaíocht a bhain le feidhmíocht ná aon sochar comhchineáil eile le linn na tréimhse.

## 7. Táillí Gairmiúla & Sainchomhairleoireachtas

| | 2025 € '000 | 2024 € '000 |
|---|---|---|
| Sainchomhairle | 141 | 402 |
| Taighde Margaidh | 300 | 321 |
| Táillí Sainchomhairleoireachta Eile | - | 52 |
| Táillí Gairmiúla | 5,172 | 2,381 |
| | **5,613** | **3,156** |

Is féidir Táillí Gairmiúla a aicmiú mar "gnó mar is gnách" de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

## 8. Táillí Dlí

| | 2025 € '000 | 2024 € '000 |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | 2,733 | 2,958 |
| Costais dlí a bhaineann le hImeachtaí Dlí | 6,265 | 2,858 |
| Socraíochtaí | 9 | - |
| | **9,007** | **5,816** |

Áirítear le Costais Dlí a bhaineann le hImeachtaí Dlí meastachán ar dhliteanais a d'fhéadfadh teacht chun cinn do thríú páirtithe, i ndáil le caingne dlí ar tugadh fógra fúthu roimh dheireadh na bliana. Tá tuilleadh eolais ar fáil i nóta 15.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 9. Costais Riaracháin

| | 2025 € '000 | 2024 € '000 |
|---|---|---|
| Taisteal agus Cothú | 261 | 204 |
| Acmhainní Daonna | 883 | 1,324 |
| Teileafón agus Postas | 16 | 90 |
| Costais Oifige | 361 | 755 |
| Priontáil agus Fógraíocht | 284 | 143 |
| Cleamhnachtaí agus Síntiúis Ghairmiúla | 538 | 229 |
| Teicneolaíocht Faisnéise | 1,592 | 1,072 |
| Faireachán ar na Meáin | 6 | 5 |
| Táillí Comhdhálacha | 29 | - |
| Feasacht Phoiblí | 436 | - |
| Aistriúchán | 122 | 105 |
| Táillí Iniúchóireachta Inmheánaí | 168 | 145 |
| | **4,696** | **4,072** |

## 10. Íocaíochtaí Deontais agus Forbartha

| | 2025 € '000 | 2024 € '000 |
|---|---|---|
| **Íocaíochtaí Deontais agus Forbartha** | | |
| Maoiniú Líonraí | 49 | 413 |
| Scéim Nuálaíochta Craolacháin | (6) | 52 |
| An Scéim Tacaíochta le haghaidh Craoltóireacht Phobail | 20 | - |
| An Scéim um Fhoghlaim Earnála a Mhaoiniú | 459 | - |
| Éagsúlacht/Inscne | 8 | 32 |
| Scéimeanna Iriseoireachta | 2,985 | - |
| Urraíocht | 533 | 182 |
| | **4,048** | **679** |

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 11. Áitreabh agus Costais lena mBaineann

| | 2025 € '000 | 2024 € '000 |
|---|---|---|
| **Áitreabh agus Costais lena mBaineann** | | |
| Cíos, Rátaí, Muirir Sheirbhíse agus Cothabháil Foirgnimh | 1,777 | 2,173 |
| Slándáil agus Glanadh | 207 | 221 |
| Soilsiú agus Teas | 76 | 75 |
| | **2,060** | **2,469** |

## 12. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

| | Iomlán € '000 | Bogearraí & Trealamh Ríomhaireachta € '000 | Trealamh Oifige € '000 | Daingneáin & Feistis € '000 | Feabhsúcháin Léasachta € '000 | Trealamh Fuaime/ Teicniúil € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | |
| **Amhail 31.12.2024** | **4,121** | **400** | **56** | **871** | **2,630** | **164** |
| Breiseanna | 12 | - | - | 12 | - | - |
| Diúscairtí | - | - | - | - | - | - |
| **Amhail 31.12.2025** | **4,133** | **400** | **56** | **883** | **2,630** | **164** |
| **Dímheas** | | | | | | |
| **Amhail 31.12.2024** | **3,955** | **400** | **56** | **705** | **2,630** | **164** |
| Muirear don Tréimhse | 39 | - | - | 39 | - | - |
| Diúscairtí | - | - | - | - | - | - |
| **Amhail 31.12.2025** | **3,994** | **400** | **56** | **744** | **2,630** | **164** |
| **Glanluach na Leabhar** | | | | | | |
| **Amhail 31.12.2025** | **139** | **-** | **-** | **139** | **-** | **-** |
| Amhail 31.12.2024 | 166 | - | - | 166 | - | - |

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 12. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh (ar lean)

### 12.a. Idirbheart Neamhairgid

Rinneadh comhaontú léasa an 15 Meitheamh 2023 faoi choinne áitreabh oifige nua ar Bhóthar Shíol Bhroin. Mar chuid den dreasacht léasa, chomhaontaigh an tiarna talún íoc as obair feistithe suas go dtí comhiomlán €250,000. I ndiaidh a shuiteála, is leis an tionónta, go hiomlán, a bheidh feistiú/fearastú an tionónta, faoi réir théarmaí an léasa. Amhail an 31 Nollaig 2025, chuir an tiarna talún feistiú/fearastú dar luach €249,726 (2023: €238,120) ar fáil don fhoirgneamh ag an gcóiríocht ar léas. Rinneadh na costais sin a chaipitliú agus tá siad á n-amúchadh thar thréimhse an léasa 5 bliana.

## 13. Infháltais

| | 31 Nollaig 2025 € '000 | 31 Nollaig 2024 € '000 |
|---|---:|---:|
| Féichiúnaithe Trádála | 2,155 | 1,271 |
| Réamhíocaíochtaí | 542 | 557 |
| Ciste Craolacháin | 5,919 | 1,367 |
| Na Coimisinéirí Ioncaim | 1,076 | 1,014 |
| | **9,692** | **4,209** |

## 14. Airgead agus Coibhéisí Airgid

| | 31 Nollaig 2025 € '000 | 31 Nollaig 2024 € '000 |
|---|---:|---:|
| Taiscí Gearrthéarmacha | 277 | 277 |
| Airgead sa Bhanc | 26,466 | 12,153 |
| | **26,743** | **12,430** |

Tá aibíocht níos lú ná 3 mhí ag gabháil le taiscí gearrthéarmacha agus déantar iad a athnuachan nuair a aibíonn siad.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 15. Suimeanna Iníoctha (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)

| | 31 Nollaig 2025 € '000 | 31 Nollaig 2024 € '000 |
|---|---|---|
| Creidiúnaithe Trádála | 65 | 1,304 |
| Tobhach In-aisíoctha | 21,839 | 10,689 |
| Ranníocaíochtaí Aoisliúntais | 300 | 201 |
| Fabhruithe | 9,556 | 2,843 |
| Na Coimisinéirí Ioncaim | 723 | 775 |
| Ioncam Iarchurtha | 312 | 358 |
| Eile | 40 | 14 |
| | **32,835** | **16,184** |

Ar áireamh sa tobhach in-aisíoctha de €21.84m, tá aisíocaíocht tobhaigh mheasta €11.15m i ndáil leis an mbliain tobhaigh 2025 agus €10.69m i ndáil leis an mbliain tobhaigh 2024. Déantar méideanna in-aisíoctha tobhaigh a thabhairt ar ais dóibh siúd a d'íoc an tobhach tar éis próiseas réitigh Tobhaigh bliantúil an Choimisiúin a chur i gcrích, ach is amhlaidh nach raibh an próiseas réitigh Tobhaigh don bhliain tobhaigh 2024 críochnaithe sula raibh deireadh na bliana ann.

Áirítear le fabhruithe €5.84m a sholáthar le haghaidh dliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn do thríú páirtithe, i ndáil le roinnt caingne dlí ar tugadh fógra fúthu roimh dheireadh na bliana. Tá an soláthar bunaithe ar mheasúnú ar na costais dhóchúla a bhaineann le gníomhaíochtaí aitheanta a chosaint a mhéid is féidir na costais sin a mheas go hiontaofa. Tá an Coimisiún sásta go ndearna sé an meastachán is fearr ar an soláthar cuí sna ráitis airgeadais don toradh dóchúil, d'fhéadfadh an soláthar a bheith faoi réir athbhreithnithe ó am go ham de réir mar a bheidh tuilleadh faisnéise ar fáil.

Tá cáin agus árachas sóisialta faoi réir ghnáth-théarmaí na reachtaíochta ábhartha. Ní raibh aon ús dlite ag deireadh na bliana airgeadais. Tá téarmaí na bhfabhruithe bunaithe ar chonarthaí bunúsacha. Tá méideanna eile a áirítear laistigh de chreidiúnaithe nach gcumhdaítear le nochtadh sonrach nótaí neamhurraithe, saor ó ús agus inaisíoctha ar éileamh.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 16. Cuntas Caipitil

| | 31 Nollaig 2025 € '000 | 31 Nollaig 2024 € '000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | 166 | 194 |
| *Aistriú (chuig)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:* | | |
| Breiseanna Sócmhainní a Mhaoiniú | 12 | 18 |
| Amúchadh ar aon dul le Dímheas Sócmhainní | (39) | (46) |
| **Aistriú chuig Cuntas Ioncaim agus Caiteachais** | **(27)** | **(28)** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **139** | **166** |

## 17. Léasanna Oibriúcháin

Shínigh an Coimisiún léas 5 bliana an 15 Meitheamh 2023 i gcomhair áitribh ag 1 Foirgnimh Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04 NP20. Is ionann an cíos bliantúil agus €1.1 milliún in aghaidh na bliana (gan CBL san áireamh). Bhog an Coimisiún go dtí 1 Foirgnimh Shíol Bhroin i mí Eanáir 2024.

Léirítear sna figiúirí amhail an 31 Nollaig 2025 na gealltanais léasa atá dlite i leith na n-áitreabh sin.

| | 31 Nollaig 2025 € '000 | 31 Nollaig 2024 € '000 |
|---|---|---|
| **1 Foirgnimh Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4** | | |
| Faoi 1 Bhliain Amháin (gan CBL a áireamh) | 1,100 | 1,100 |
| Idir 2-5 Bliana (gan CBL a áireamh) | 1,601 | 3,161 |
| Thar 5 Bliana (gan CBL a áireamh) | - | - |
| | **2,701** | **4,261** |

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 18. Costais Sochair Scoir

**Sochair Scoir**

Oibríonn an Coimisiún na scéimeanna pinsin sainithe seo a leanas i leith fostaithe:

Tá fostaithe a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013 ina mbaill de Scéim Aoisliúntais an Choimisiúin agus dá Scéim Pinsin do Chéilí agus Leanaí. Tá na struchtúir scéime seo bunaithe ar an tSamhail Seirbhíse Poiblí (an Scéim Eiseamláireach).

Tá fostaithe a ceapadh tar éis an 1 Eanáir 2013 ina mbaill de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí, a sholáthraíonn pinsin sochair shainithe atá nasctha leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí bunaithe ar mheánphá gairme (an "Scéim Aonair").

Is comhlacht reachtúil é an Coimisiún. Cuireadh ar bun é faoi Acht OSMR, 2022. Foráiltear le halt 18 den Acht go ndéanfaidh an Coimisiún scéim nó scéimeanna chun sochair aoisliúntais a dheonú dá chomhaltaí foirne, agus ina leith, faoi réir cheadú an Aire.

Feidhmíodh Scéim Aoisliúntais an Choimisiúin agus a Scéim Pinsin do Chéilí agus Leanaí (éigeantach le ballraíocht sa phríomhscéim) ar bhonn riaracháin go dtí an 15 Meitheamh 2017. Cheadaigh an tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt an Scéim le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin agus tháinig sí i bhfeidhm go foirmiúil an 16 Meitheamh 2017. Cuireann an chéad scéim sochair scoir (cnapshuim agus pinsean) ar fáil do bhaill foirne, agus sochair aisce báis maidir le bás le linn seirbhíse. Soláthraítear sa dara scéim sochair phinsin do chéilí agus do leanaí cleithiúnacha marthanacha na gcomhaltaí éagtha. Is scéimeanna aoisliúntais le sochar sainithe neamhchistithe iad an dá scéim sin.

Is í Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair) an scéim pinsin sochair shainithe do státseirbhísigh inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Soláthraíonn an scéim do phinsean agus cnapshuim scoir bunaithe ar mheánluach saothair inphinsin gairme, mar aon le pinsin do chéilí agus leanaí. Is é 66 bliain an aois íosta pinsin (ag ardú ar aon dul le hathruithe aoise don phinsean Stáit). Áirítear uirthi an áis chun dul ar luathscor a laghdaítear go hachtúireach ó 55 bliain d'aois ar aghaidh. Méadaítear pinsin atá á n-íoc i gcomhréir leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 18. Costais Sochair Scoir (ar lean)

Mar a thuairiscítear sa bheartas cuntasaíochta, déanann an Coimisiún ranníocaíocht bhliantúil leis an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, a thug faoi mhaoiniú a chur ar fáil don Choimisiún chun sochair scoir a íoc de réir mar a bheidh siad dlite. Tá oiriúnú déanta ag an gCoimisiún ar an gcur chuige agus ar an nochtadh a éilítear le FRS 102 chun na socruithe atá i bhfeidhm a léiriú.

Is é €25.31m an dliteanas pinsin amhail an 31 Nollaig 2025 (2024: €22.19m). Faoin socrú atá i bhfeidhm, aisíocfaidh an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, dliteanas pinsin an Choimisiúin ina iomláine, de réir mar a bheidh, agus nuair a bheidh, na dliteanais sin le híoc. Aithníonn an Coimisiún an ceart atá aige i leith na haisíocaíochta mar shócmhainn ar leith.

Tá na torthaí leagtha amach thíos ar luacháil achtúireach ar na dliteanais phinsin maidir le foireann an Choimisiúin amhail an 31 Nollaig 2025. Is achtúire neamhspleách cáilithe a rinne an luacháil sin.

**Príomhthoimhdí Achtúireacha**

Seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha:

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| Ráta Lascaine | 4.50% | 3.50% |
| Méaduithe tuarastail | 3.10% | 3.15% |
| Méaduithe pinsin | 2.60% | 2.65% |
| Ráta Boilscithe | 2.10% | 2.15% |

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 18. Costais Sochair Scoir (ar lean)

Tá lamháil sa bhonn básmhaireachta ar glacadh leis le haghaidh feabhsuithe ar ionchas saoil i gcaitheamh ama sa tslí go mbraithfidh ionchas saoil ag am scoir ar an mbliain ina slánaíonn ball aois scoir (65 bliain d'aois). Taispeántar sa tábla thíos ionchais saoil na gcomhaltaí a shlánóidh 65 bliain d'aois sna blianta 2025 agus 2045.

**An bhliain ina slánaítear 65 bliain d'aois**

| | 2025 | 2045 |
|---|---|---|
| Ionchas saoil – fir | 22.0 | 23.3 |
| Ionchas saoil – mná | 24.3 | 25.7 |

**Anailís ar Chostais Iomlána Sochair Scoir**

Is éard atá i gceist le costais iomlána sochair scoir a ghearrtar ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe i leith costais sochair scoir:

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Ranníocaíocht an fhostóra íoctha le DCCS / DPENDR | 2,787 | 1,778 |
| | | |
| Costas seirbhíse reatha | 1,556 | 944 |
| Ús ar dhliteanais na scéime sochair scoir | 771 | 545 |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochair scoir iarchurtha | 460 | 289 |
| | **2,787** | **1,778** |

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

# 18. Costais Sochair Scoir (ar lean)

## Gluaiseacht i nglan-oibleagáidí sochair scoir le linn na bliana airgeadais

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | 22,187 | 17,532 |
| Costas seirbhíse reatha | 1,556 | 944 |
| Ús ar dhliteanais na scéime sochair scoir | 771 | 545 |
| Caillteanas achtúireach | 166 | 3,008 |
| Ranníocaíochtaí rannpháirtithe a phleanáil | 826 | 629 |
| Sochair a íocadh | (195) | (471) |
| **Glan-oibleagáid sochair scoir amhail an 31 Nollaig** | **25,311** | **22,187** |

## Stair na ndliteanas scéime agus (gnóthachain)/caillteanais ó thaithí

| | 31 Nollaig 2025 €'000 | 31 Nollaig 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Oibleagáid Sochair Shainithe | 25,311 | 22,187 |
| Maoiniú Pinsin Iarchurtha | (25,311) | (22,187) |
| Caillteanas ó thaithí ar dhliteanais an phlean | 6,354 | 5,967 |
| Caillteanas ó thaithí mar chéatadán de dhliteanais an phlean | 25% | 27% |

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 19. Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltas caipitil ann amhail an 31 Nollaig 2025.

## 20. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara

Tá glactha ag an gCoimisiún le nósanna imeachta i gcomhréir le forálacha Acht OSMR, 2022 agus na treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin maidir le nochtadh leasanna an Choimisiúin agus chloígh an Coimisiún leis na nósanna imeachta sin le linn na tréimhse.

Ní raibh aon idirbhearta sa Tréimhse maidir le gníomhaíochtaí an Choimisiúin ina raibh aon leas tairbhiúil ag aon chomhalta. Féach Nóta 6 faoi choinne shonraí an Chathaoirligh.

## 21. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

D'fhormheas an Coimisiún na ráitis airgeadais ag an gcruinniú aige an 26 Meitheamh 2026.

# An Ciste Craolacháin
# Ráitis Airgeadais

## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2025


| | |
|---|---|
| Eolas faoin gCoimisiún | 134 |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí | 135 |
| Tuairisc de chuid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 136 |
| An Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 138 |
| Ráiteas ar an Staid Airgeadais | 139 |
| Ráiteas ar Shreabhadh Airgid | 140 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 141 |

# Eolas faoin gCoimisiún

| | |
|---|---|
| **Na Coimisinéirí:** | Jeremy Godfrey (Cathaoirleach Feidhmiúcháin)<br>Aoife MacEvilly<br>John Evans<br>Niamh Hodnett (a d'éirigh as oifig an 21 Meitheamh 2026)<br>Rónán Ó Domhnaill |
| **Aturnaetha** | McCann Fitzgerald<br>Cois Abhann a hAon<br>Cé Sir John Rogerson<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Baincéirí** | AIB<br>1-4 Sráid Bhagóid Íochtarach<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Iniúchóirí** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1 |

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí

Bunaíodh **Coimisiún na Meán** le héifeacht ón 15 Márta 2023.

Oibríonn Coimisiún na Meán go príomha i gcomhréir leis an Acht Craolacháin 2009 (“an tAcht”). Leasaíodh é leis an Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022 agus leasaíodh é leis an Acht um Sheirbhísí Digiteacha (Tobhach), 2024 agus leasaíodh é thairis sin le halt 17 den Acht um Chúirteanna, an Dlí Sibhialta, an Dlí Coiriúil agus Aoisliúntas (Forálacha Ilghnéitheacha), 2024, dá ngairtear le chéile an tAcht.

Tá freagracht ar Choimisiún na Meán as an gcreat rialála do shábháilteacht ar líne, do chraolachán agus seirbhísí closamhairc ar éileamh a rialáil agus do thacú le hearnáil na meán in Éirinn agus í a fhorbairt.

De bhun théarmaí an Achta, tá Coimisiún na Meán freagrach as riaradh agus bainistíocht an Chiste Craolacháin. Bainistíonn agus riarann An Coimisiún cuntas reatha agus cuntas infheistíochta de réir Alt 157 (2) den Acht.  Bainistíonn an Coimisiún an cuntas reatha do bhainistíocht laethúil an Chiste Craolacháin, lena n-áirítear airgead a fháil de réir Alt 156 (2)/(3) d’Acht 2009, íocaíocht Deontas agus Dámhachtainí faoi scéimeanna an Chiste Craolacháin agus aon chaiteachas arna thabhú ag an gCoimisiún mar gheall ar oibriúchán an Chiste Craolacháin.

Íoctar aon airgead nach bhfuil de dhíth le haghaidh dliteanais reatha a chlúdach de chuid an Chiste Craolacháin isteach i gcuntas infheistíochta. Infheistítear an t-airgead sin de réir Bheartas Infheistíochta an Choimisiúin.

Tá Coimisiún na Meán freagrach as ráitis airgeadais an Chiste Craolacháin a ullmhú don bhliain 1 Eanáir go 31 Nollaig 2025 freisin, le go bhféadfar feidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an Chiste a léiriú go cruinn agus go cothrom.

Leagtar amach sonraí maidir le rialachas agus córas rialaithe agus nósanna imeachta Choimisiún na Meán i ráiteas ó Choimisiún na Meán maidir le rialú inmheánach agus i ráiteas ón gCoimisiún maidir le rialachas.

Agus an tÚdarás ag ullmhú na ráiteas airgeadais, ceanglaítear ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus a chur i bhfeidhm go leanúnach;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go mbeidh sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh an Ciste i mbun oibríochta: agus
- A lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá Coimisiún na Meán freagrach as an méid seo a leanas:

- Taifid chuntasaíochta shásúla a choinneáil lena nochtar go cruinn réasúnta ag am ar bith staid airgeadais an Chiste agus lena bhféadfar a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 157(8) den Sceideal chuig an Acht agus go bhfuil siad i bhfoirm arna ceadú ag an Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.
- Sócmhainní an Chiste a chosaint agus bearta réasúnta a thógáil chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.



**Jeremy Godfrey**
**Cathaoirleach Feidhmiúcháin**
Dáta: 26 Meitheamh 2026



**Rónán Ó Domhnaill**
**Coimisinéir**
Dáta: 26 Meitheamh 2026

# Tuairisc de chuid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**Comptroller and Auditor General**

## Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

## Broadcasting Fund

### Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the Broadcasting Fund for the year ended 31 December 2025 as required under the provisions of section 157 of the Broadcasting Act 2009 (as amended). The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of financial position
- the statement of cash flows, and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Broadcasting Fund at 31 December 2025 and of its income and expenditure for 2025 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

#### *Basis of opinion*

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of Coimisiún na Meán and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

### Report on information other than the financial statements, and on other matters

Coimisiún na Meán has presented certain other information together with the financial statements of the Broadcasting Fund. This comprises the annual report and statement of responsibilities. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

**Paula O'Connor**
**For and on behalf of the**
**Comptroller and Auditor General**

**29 June 2026**

# Tuairisc de chuid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar lean)

## Appendix to the report

### Responsibilities of Coimisiún na Meán

As detailed in the statement of responsibilities, the Commissioners are responsible for

- the preparation of annual financial statements in the form prescribed under section 157 of the Broadcasting Act 2009 (as amended)
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS 102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

### Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under 157 of the Broadcasting Act 2009 (as amended) to audit the financial statements of the Broadcasting Fund and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Broadcasting Fund's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Broadcasting Fund to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

I report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

### *Information other than the financial statements*

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

### *Reporting on other matters*

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

# An Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

| | Nóta | 2025<br>€ '000 | 2024<br>€ '000 |
|---|---|---|---|
| Deontas an Oireachtais | 3 (a) | 13,828 | 13,270 |
| Maoiniú Státchiste | 3 (b) | 11 | 6,000 |
| Ioncam ó Ús | | 306 | 340 |
| Aisghabháil Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe | 2 | 59 | 111 |
| **Iomlán** | | **14,204** | **19,721** |
| | | | |
| Caiteachas | | | |
| Deontais agus Dámhachtainí | 3 | 20,277 | 18,927 |
| Costais Foirne | 5 | 1,629 | 1,006 |
| Táillí Dlí | | 5 | (3) |
| Muirir bhainc agus Costas Úis | | 1 | 3 |
| Costais Riaracháin | 6 | 373 | 302 |
| Táille Iniúchóireachta | | 9 | 9 |
| Táillí Measúnuithe | | 73 | 103 |
| Costais Ghairmiúla & Sainchomhairleoireachta | 7 | 36 | 185 |
| **Iomlán** | | **22,403** | **20,532** |
| | | | |
| **Easnamh Ioncaim thar Caiteachas** | | **(8,199)** | **(811)** |
| | | | |
| **Iarmhéid ag tús na bliana** | | **34,898** | **35,709** |
| **Iarmhéid ag deireadh na bliana** | | **26,699** | **34,898** |

**Tá an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1–12 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.**

D'fhormheas an Coimisiún na Ráitis Airgeadais an 26 Meitheamh 2026 agus shínigh na daoine a leanas thar ceann an Choimisiúin iad:

**Jeremy Godfrey**
**Cathaoirleach Feidhmiúcháin**

**Rónán Ó Domhnaill**
**Coimisinéir**

# Ráiteas ar an Staid Airgeadais

**Amhail an 31 Nollaig 2025**

| | Nóta | 2025 € '000 | 2024 € '000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infháltais | 9 | 22 | 128 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | 8 (a) | 35,829 | 40,875 |
| Taiscí gearrthéarmacha eile | 8 (b) | 11,978 | 1,262 |
| Taiscí Iomlána agus Airgead tirim/coibhéisí airgid thirim | 8 | 47,807 | 42,137 |
| **Sócmhainní Reatha Iomlána** | | **47,829** | **42,265** |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Suimeanna Iníoctha (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin) | 10 | (21,130) | (7,367) |
| **Glansócmhainní** | | **26,699** | **34,898** |
| **Arb ionann iad agus** | | | |
| Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | | 26,699 | 34,898 |
| | | **26,699** | **34,898** |

**Tá an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1–12 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.**

D'fhormheas an Coimisiún na Ráitis Airgeadais an 26 Meitheamh 2026 agus shínigh na daoine a leanas thar ceann an Choimisiúin iad:



**Jeremy Godfrey**
**Cathaoirleach Feidhmiúcháin**



**Rónán Ó Domhnaill**
**Coimisinéir**

# Ráiteas ar Shreafaí Airgid

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025**

| | 2025 € '000 | 2024 € '000 |
|---|---|---|
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| Easnamh don Bhliain | (8,199) | (811) |
| Torthaí ar Infheistíochtaí | (306) | (340) |
| Laghdú ar Infháltais | 106 | 44 |
| Méadú ar Shuimeanna Iníoctha | 13,763 | 1,047 |
| **Glan-Insreabhadh Airgid / (Eis-sreabhadh) ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **5,364** | **(60)** |
| | | |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Ús Faighte | 306 | 340 |
| Gluaiseacht maidir leis na Taiscí Gearrthéarmacha | (10,716) | 21,416 |
| **Glan- (Eis-sreabhadh) / Insreabhadh Airgid do Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | **(10,410)** | **21,756** |
| | | |
| **Glan- (Laghdú) / Méadú ar Airgead agus ar Choibhéisí Airgid** | **(5,046)** | **21,696** |
| | | |
| **Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim an 1 Eanáir** | **40,875** | **19,179** |
| **Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim an 31 Nollaig** | **35,829** | **40,875** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos bunús cuntasaíochta agus beartais shuntasacha maidir le cuntasaíocht arna nglacadh ag Coimisiún na Meán ("An Coimisiún") i ndáil leis an gCiste Craolacháin. Cuireadh i bhfeidhm go leanúnach iad le linn na bliana agus don bhliain roimhe.

### (a) Faisnéis Ghinearálta

Cuireadh an Ciste Craolacháin ar bun faoin Acht um Maoiniú Craolacháin 2003, agus bhí sé faoi stiúir roimhe ag Coimisiún Craolacháin na hÉireann. Faoin Acht um Maoiniú Craolacháin 2009, aistríodh bainistiú an Chiste chuig Údarás Craolacháin na hÉireann. Tugadh Alt 60 den Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022 isteach lenar tugadh freagracht do Choimisiún na Meán as bainistíocht an Chiste.

Tá An Coimisiún freagrach as riar an Chiste Craolacháin agus as idirbhearta maidir leis an gCiste a cheadú. Baineann socruithe rialachais agus nósanna imeachta rialaithe laistigh den Choimisiún leis an gCiste.

### (b) An Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Cuireadh ráitis airgeadais an Chiste Craolacháin don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2025 le chéile de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC).

### (c) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta agus faoin ngnás costais stairiúil san fhoirm arna ceadú ag an Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, de réir Alt 157 den Acht.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta a leanas i bhfeidhm go leanúnach nuair a bhíothas ag déileáil le míreanna a mheastar mar ábhar a bhain le ráitis airgeadais an Chiste Craolacháin.

### (d) Taiscí agus Airgead Tirim/Coibhéisí Airgid Thirim

De réir mar a éilítear le hAlt 157(4) agus (6) den Acht, airgead atá mar shochar i gcuntas reatha agus nach bhfuil ag teastáil le haghaidh dliteanais reatha a íoc, íocfar an t-airgead sin isteach i gcuntas infheistíochta an Chiste.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Déanfar airgead i gcuntas infheistíochta an Chiste nach bhfuil ag teastáil le haghaidh dliteanais reatha agus ionchasacha den chuntas sin a íoc a infheistiú agus cuirfear na hinfheistíochtaí ar bun nó déanfar athrú ar na hinfheistíochtaí ó am go ham nuair is cuí agus íocfar fáltais an bhunaithe sin, agus aon ioncam ó airgead infheistithe, isteach i gcuntas infheistíochta an Chiste.

I dtréimhse na cuntasaíochta, choinnigh An Coimisiún na cistí barrachais i dtaisce le bainc thráchtála agus i Nótaí Státchiste le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

Is éard atá in airgead tirim an t-airgead tirim atá ar fáil agus sa bhanc.

### (e) Ioncam (táille an cheadúnais teilifíse)

De bhun Alt 156 den Acht Craolacháin 2009, féadfaidh an tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, íocaíocht a thabhairt chuig an gCoimisiún as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas chun críoch deontas faoi scéim agus aon riarachán maidir le scéim, nó costais réasúnta a bhaineann léi, i ndáil le gach bliain airgeadais, dar luach is ionann 7% de ghlanfháltais na bliana sin maidir le táillí ceadúnais teilifíse.

Ciallaíonn glanfháltais, maidir le fáil na dtáillí ceadúnais teilifíse, na fáltais san iomlán lúide aon chostas maidir leis na fáltais sin agus deimhnithe ag an Aire mar thabhaithe aige nó aici féin sa bhliain sin i ndáil le bailiúchán na dtáillí.

Tugtar cuntas ar an ioncam seo ar bhonn fáltas airgid.

### (f) Deontais

Forchuireann deontais faoi Scéim Maoinithe an Chraolacháin coinníollacha todhchaí ar na faighteoirí a bhaineann le feidhmíocht. Aithnítear mar chostas iad ach amháin nuair a chomhlíon an deontaí na coinníollacha todhchaí maidir le feidhmíocht uile bainteach le bronnadh an deontais. Seasann ceangaltais deontais do dhearbhaithe maoinithe nuair atá na coinníollacha a bhaineann leis an deontas fós le comhlíonadh ag an deontaí.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Na coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht, áirítear sna coinníollacha sin foráil maidir le haisghabháil deontais ó ioncaim arna nginiúint ag an deontaí go dtí go ndéanfadh An Coimisiún an deontas infheistíochta dá chuid a aisghabháil. Sonraítear Aisghabháil Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe i Nóta 2.

I gcúinsí faoi leith, aisíocann an deontaí suimeanna deontais a bronnadh i mblianta roimhe toisc nach féidir leis an deontaí na coinníollacha deontais a chomhlíonadh. Is glanmhéid na suimeanna deontais a aisíocadh sa bhliain é caiteachas an deontais a aithnítear sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

**(g) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla maidir le Cuntasaíocht**

Maidir le hullmhúchán na ráiteas airgeadais, is gá go ndéanfaidh an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus foshuíomhanna a mbeadh tionchar acu ar mhéideanna a tuairiscíodh le haghaidh sócmhainní agus dliteanais amhail ag an dáta tuairiscithe agus ar mhéideanna a tuairiscíodh le haghaidh ioncaim agus caiteachais le linn na bliana. Ciallaíonn nádúr na meastachán, áfach, go bhféadfaí éagsúlachtaí a bheith ann idir na fíorthorthaí agus na meastacháin sin. Bhí an tionchar ba shuntasaí ag na breithiúnais a leanas ar shuimeanna feicthe sna ráitis airgeadais.

*Gnóthas leantach*

Níl aon éiginnteacht ábhartha maidir le cumas an Chiste Craolacháin dliteanais dá chuid a íoc agus iad dlite, agus leanúint ar aghaidh mar bhonn gnóthais leantaigh. Ar an mbonn seo, measann an Ciste Craolacháin mar oiriúnach é na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.

## 2. Aisghabháil Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe

| | 2025<br>€ '000 | 2024<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Aisghabháil Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe | 59 | 111 |

Cuirtear clásal aisghabhála san áireamh i gconarthaí Fuaim & Fís le héascú le haisíocaíocht an deontais má thagann rath tráchtála ar an tionscadal. Seasann an t-airgead thuas do sciar deontas a aisíocadh le linn na bliana maidir le deich léiriúchán a maoiníodh roimhe. Tugtar cuntas ar mhéideanna aisghafa ar bhonn fáltas airgid.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 3. An Scéim um Maoiniú Craolacháin

### (a) Deontas an Oireachtais

| | 2025 € '000 | 2024 € '000 |
|---|---|---|
| Deontas an Oireachtais | 13,828 | 13,270 |

Faoin Acht, ceanglaítear ar an gCoimisiún scéim nó scéimeanna a ullmhú maidir le híocaíocht deontas chun tacú le, inter alia, cláir áirithe theilifíse agus raidió agus le cartlannú a fhorbairt maidir le bunábhar clár a rinneadh sa Stát. Tá na deontais seo maoinithe le méid de 7% a thagann ó ghlanfháltais na dtáillí ceadúnais teilifíse. Cuireadh Deontas an Oireachtais 2025 san áireamh i bhfo-cheannteideal E6 de Vóta 33 don Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt.

### (b) Maoiniú ón Státchiste

| | 2025 € '000 | 2024 € '000 |
|---|---|---|
| Maoiniú Státchiste | 11 | 6,000 |

D'aithin an Coimisiún Maoiniú ón Státchiste de €11K sa bhliain reatha a bhaineann leis an Scéim Nuacht & Cúrsaí Reatha na Teilifíse Tráchtála.

### (c) Oibríonn an Coimisiún dhá Scéim fhaofa faoi láthair.

Is í an **Scéim Fuaim agus Fís 4 ("an Scéim")** an chéad cheann de na scéimeanna sin. Bhí an Scéim faofa i dtosach ag an gCoimisiún Eorpach, ó 2005-2009 ar dtús agus ansin ó 2009-2012. Tagann an Scéim reatha faoi réim alt 54 den GBER agus ní bhíonn formheas an Choimisiúin ag teastáil. Cuimsítear leis an Rialachán cabhair do scéimeanna le haghaidh saothair chlosamhairc faoi bhun na tairsí €50m in aghaidh na scéime in aghaidh na bliana. Anuas ar Alt 158(1) den Acht, rinneadh athbhreithniú, mar a éilítear leis an Acht, ar ghníomhaíocht, éifeachtacht agus tionchar scéim maoinithe in 2023 agus cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Aire i mí Mheán Fómhair 2023.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 3. An Scéim um Maoiniú Craolacháin (ar lean)

Is é an dara scéim atá ar bun ag An gCoimisiún ná an **Scéim Maoinithe um Bunábhar Clár a Chartlannú ("Scéim Cartlainne")**. Tá sé deartha ar bhealach le go gcuirfear tacaíocht ar fáil chun cultúr cartlannaithe a fhorbairt in earnáil craolacháin na hÉireann a chuireann le hoidhreacht agus le taithí craolacháin na hÉireann a chaomhnú. Baineann sé le hábhar clár a chraoltar go hiomlán nó a chraoltar cuid don ábhar, nó atá taifeadta le haghaidh craolacháin, ar an raidió agus/nó ar an teilifís, agus áirítear cláir agus fógraí. Bhí dhá Scéim Cartlainne ann go dtí seo; Scéim Cartlainne 1 agus Scéim Cartlainne 2, a bhí ar bun ó mhí na Bealtaine 2012 - mí Aibreáin 2016 agus ó mhí Aibreáin 2018 - mí na Nollag 2022 faoi seach. Chomh maith leis sin, anuas ar Alt 158(1) den Acht, rinneadh athbhreithniú neamhspleách ar ghníomhaíocht, éifeachtacht agus tionchar Scéim Cartlainne 2 in 2022 agus cuireadh an tuarascáil ina dhiaidh sin faoi bhráid an Aire i mí Mheán Fómhair 2022.

### (d) Ceangaltais an Chiste Craolacháin

*Scéim Fuaim agus Fís*

| | 2025<br>€ '000 | 2024<br>€ '000 |
|---|---|---|
| **Figiúr Tosaigh an Cheangaltais** | **23,245** | **19,440** |
| Dámhachtainí a dámhadh | 14,281 | 22,751 |
| Deontais íoctha | (20,038) | (18,386) |
| Deontais aisíoctha | 5 | - |
| Deontais dídhílsithe | (122) | (560) |
| **Figiúr Deiridh an Cheangaltais** | **17,371** | **23,245** |

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 3. An Scéim um Maoiniú Craolacháin (ar lean)

*Scéim na nDámhachtainí Cartlannaithe*

| | 2025 € '000 | 2024 € '000 |
|---|---|---|
| **Figiúr Tosaigh an Cheangaltais** | **1,428** | **1,969** |
| Dámhachtainí a dámhadh | - | - |
| Deontais íoctha | (244) | (541) |
| Deontais dídhílsithe | - | - |
| **Figiúr Deiridh an Cheangaltais** | **1,184** | **1,428** |
| **Iomlán Deiridh na gCeangaltas** | **18,555** | **24,673** |

Ba é iomlán na ndeontas a íocadh sa bhliain ná €20,277k (2024: €18,927k)

## 4. Athmhuirearú an Chiste Craolacháin

Baineann athmhuirearú an Chiste Craolacháin le caiteachas arna thabhú ag Coimisiún na Meán agus a athmhuirearaítear chuig an gCiste Craolacháin. Áirítear leis sin costais foirne de €1,629k (2024: €1,006k) agus caiteachas neamhphá de €497k (2024: €599k).

## 5. Costais Foirne

| | 2025 € '000 | 2024 € '000 |
|---|---|---|
| Pá agus Tuarastail | 1,278 | 810 |
| Costais Leasa Shóisialaigh | 124 | 77 |
| Costais Phinsin | 227 | 119 |
| **Costais Foirne Athmhuirearaithe** | **1,629** | **1,006** |
| Foireann Shealadach | - | - |
| **Costais Foirne Iomlána** | **1,629** | **1,006** |

Níl aon fhostaí fostaithe go díreach ag an gCiste Craolacháin.

Caitheann roinnt fostaithe de chuid Choimisiún na Meán sciar dá gcuid ama ag obair ar chúrsaí atá bainteach leis an gCiste Craolacháin. In 2025, b'ionann é sin agus 19 (2024:15) gcoibhéis lánaimseartha.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 6. Costais Riaracháin

| | 2025 € '000 | 2024 € '000 |
|---|---|---|
| ***Forchostais:*** | | |
| Cíos & Rátaí | 30 | 36 |
| Costais áitreabh | 5 | 22 |
| Costais oifige | 10 | 30 |
| Síntiús | 40 | 13 |
| Earcaíocht foirne, oiliúint & forbairt | 66 | 78 |
| Taisteal agus cothú | 19 | 12 |
| **Fo-iomlán na bhforchostas** | **170** | **191** |
| | | |
| ***Costais dhíreacha:*** | | |
| Bainistiú Comhad/Cartlannú | 18 | 10 |
| Feasacht Phoiblí | 32 | 17 |
| Ceadúnas TF agus costais tacaíochta | 119 | 65 |
| Dearadh, Priontáil agus Foilseacháin | 21 | 6 |
| Aistriúchán | 9 | 6 |
| Eile | 4 | 7 |
| **Fo-iomlán na gcostas díreach** | **203** | **111** |
| **Foriomlán na gCostas Riaracháin** | **373** | **302** |

Áirítear le Costais Riaracháin costais dhíreacha agus forchostais arna n-athmhuirearú ag Coimisiún na Meán chun caiteachas arna thabhú a bhaineann leis an gCiste Craolacháin a léiriú. Tá tosca amhail líon na foirne, caiteachas díreach, agus táscairí oibríochtúla eile san áireamh sa mhodheolaíocht athmhuireaithe.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 7. Costais Ghairmiúla & Sainchomhairleoireachta

| | 2025 € '000 | 2024 € '000 |
|---|---|---|
| Go Ginearálta | 36 | 185 |
| | **36** | **185** |

## 8. Taiscí agus Airgead tirim/ coibhéisí airgid

| | 2025 € '000 | 2024 € '000 |
|---|---|---|
| Gearrthéarmach (aibíocht níos lú ná trí mhí) | 9,964 | 31,073 |
| Eile (aibíocht idir 3 agus 12 mhí) | 11,978 | 1,262 |
| Airgead tirim ag an mbanc agus ar fáil | 25,865 | 9,802 |
| | **47,807** | **42,137** |

**(a) Gluaiseacht maidir le Taiscí Gearrthéarmacha**

| | 2025 € '000 | 2024 € '000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid an 1 Eanáir | 31,073 | 11,300 |
| Gnóthachain | 286 | 346 |
| Diúscairtí | (24,657) | - |
| Éadálacha | 3,262 | 19,427 |
| Airgead tirim ag an mbanc agus ar fáil | 25,865 | 9,802 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid an 31 Nollaig** | **35,829** | **40,875** |

**(b) Gluaiseacht in Airgead Tirim/Coibhéisí Airgid Thirim**

| | 2025 € '000 | 2024 € '000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid an 1 Eanáir | 1,262 | 22,678 |
| Gnóthachain | 124 | 1 |
| Diúscairtí | (1,262) | (21,417) |
| Éadálacha | 11,854 | - |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig** | **11,978** | **1,262** |

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 9. Infháltais

| | 2025 € '000 | 2024 € '000 |
|---|---|---|
| Ús Fabhraithe | 22 | 128 |
| | **22** | **128** |

## 10. Suimeanna Iníoctha (Suimeanna atá le híoc laistigh de bhliain amháin)

| | 2025 € '000 | 2024 € '000 |
|---|---|---|
| Coimisiún na Meán | 5,919 | 1,367 |
| Ioncam Iarchurtha – An Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt | - | 6,000 |
| Méideanna dlite don Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt | 15,211 | - |
| | **21,130** | **7,367** |

Fuair an Coimisiún Maoiniú ón Státchiste de €15.2M i Nollaig 2025 i ndáil le Scéimeanna Maoinithe Meán. I Feabhra 2026, d'iarr an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt go n-aisíocfaí an méid seo ina iomláine agus go ndéanfadh an Coimisiún iarrataí tarraingthe anuas don mhaoiniú seo amach anseo.

## 11. Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltas caipitil ann amhail an 31 Nollaig 2025.

## 12. Formheas na ráiteas airgeadais

D'fhormheas an Coimisiún na ráitis airgeadais ag an gcruinniú aige an 26 Meitheamh 2026

# Déan Teagmháil Linn

**Coimisiún na Meán**
**1 Shelbourne Buildings,**
**Shelbourne Road,**
**Dublin 4,**
**D04 NP20,**
**Ireland.**
**Email**: info@cnam.ie
**Website**: www.cnam.ie